# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL FORFÁS

07

feasacht

fiontar

daoine

inbhuanaitheacht

iomaíochas

Forfás

Forfás

Teach Páirc Wilton
Plás Wilton
Baile Átha Cliath 2
Éire

Guthán: + 353 1 607 3000
Facs: + 353 1 607 3030
Suíomh Gréasáin: www.forfas.ie
Rphost: info@forfas.ie

## Don Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

De bhun an Achta um Fhorbairt Tionscail, 1993, tá a thuarascáil agus a chuntais don bhlian dar críoch 31 Nollaig, 2007, a dtíolacadh ag Forfás.

## To the Minister for Enterprise, Trade and Employment

Pursuant to the Industrial Development Act, 1993, Forfás herewith presents its report and accounts for the year ended 31 December 2007.

**Martin Cronin**
*Príomhfheidhmeannach*

**Eoin O'Driscoll**
*Cathaoirleach*

# Forfás, na comhairlí comhairleacha lena sholáthraítear tacaíocht taighde agus riaracháin agus comhghníomhaireachtaí páirteach i bhforbairt fiontair agus maoiniú taighde.

Department
An Roinn Fio

## Grúpaí Comhairleacha Neamhspleácha

National Competitiveness Council

Expert Group on Future Skills Needs

Advisory Council for Science Technology and Innovation
An Comhairle Eolaíochta

The Management Development Council

Office of the Chief Scientific Adviser to the Government

Tuairiscíonn an NCC chuig an Taoiseach ar phríomh-shaincheisteanna iomaíochais

Sa bhreis ar sin tuairiscíonn an EGFSN chuig an Aire Oideachais agus Eolaíochta

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta | Department of Education and Science

of Enterprise, Trade and Employment
ntar, Trádála agus Fostaíochta

Comhghníomhaireachtaí

Enterprise Ireland

Tachaíocht
Thaighde agus
Riaracháin

Forfás

IDA Ireland

sfi
science foundation ireland

## Feidhmeanna Forfás

Is é Forfás an bord comhairleach agus polasaí náisiúnta le haghaidh fiontar, tráchtáil, eolaíocht, teicneolaíocht agus nuálaíocht. Is é an comhlacht ina bhfuil cumhachtaí dlíthiúla an Stáit dílsithe i leith cur chun cinn tionsclaíoch agus forbairt teicneolaíochta. Is é an comhlacht freisin trína dtiomnaítear cumhachtaí go Enterprise Ireland chun tionscail dúchais a chur chun cinn agus do IDA Ireland chun infheistíocht isteach a chur chun cinn. Bunaíodh Fondúireacht Eolaíochta Éireann mar an tríú ghníomhaireacht de chuid Forfás in Iúil 2003. Is iad na feidhmeanna leathana atá ag Forfás ná:

- comhairle a thabhairt don Aire ó thaobh cúrsaí a bhaineann le forbairt tionscail sa Stát;
- comhairle a thabhairt maidir le forbairt agus comhordú polasaí do Enterprise Ireland, IDA Ireland, Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus d'aon chomhlacht eile dá leithéid (bunaithe nó faoi reachtaíocht) mar a d'fhéadfadh an tAire a thiomnú de réir ordaithe;
- forbairt tionscail, eolaíochta agus teicneolaíochta, nuálaíochta, margaíochta agus acmhainní daonna a spreagadh sa Stát;
- bunú agus forbairt gnóthais tionsclaíochta sa Stát a spreagadh ó áiteanna lasmuigh den Stát; agus
- Enterprise Ireland, IDA Ireland agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann a chomhairliú agus a chomhordú maidir lena gcuid feidhmeanna.

## Functions of Forfás

Forfás is the national policy and advisory board for enterprise, trade, science, technology and innovation. It is the body in which the State's legal powers for industrial promotion and technological development have been vested. It is also the body through which powers are delegated to Enterprise Ireland for the promotion of indigenous industry and to IDA Ireland for the promotion of inward investment. Science Foundation Ireland was established as a third agency of Forfás in July 2003. The broad functions of Forfás are to:

- advise the Minister on matters relating to the development of industry in the State;
- advise on the development and coordination of policy for Enterprise Ireland, IDA Ireland, Science Foundation Ireland and such other bodies (established or under statute) as the Minister may by order designate;
- encourage the development of industry, science and technology, innovation, marketing and human resources in the State;
- encourage the establishment and development in the State of industrial undertakings from outside the State; and
- advise and coordinate Enterprise Ireland, IDA Ireland and Science Foundation Ireland in relation to their functions.

# Clár Ábhair


| | |
|---|---|
| Bord Forfás | 6 |
| Ráiteas an Chathaoirligh agus an Phríomhfheidhmeannaigh | 7 |
| Forbhreathnú Staidrimh | 11 |
| Gníomhaíochtaí | 19 |
| An Bord Náisiúnta um Chreidiúnú | 58 |
| Comhairlí Comhairleacha agus Bainistíochta Forfás | 63 |
| Rialachas Corparáideach | 71 |
| Cuntais | 75 |

# Bord Forfás



**An tUas. Eoin O'Driscoll**
Cathaoirleach
Stiúrthóir Bainistíochta, Aderra



**An tUas. Martin Cronin**
Príomhfheidhmeannach, Forfás



**An tUas. Barry O'Leary**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, IDA Ireland



**An tUas. Sean Gorman**
Ard-Rúnaí, An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta



**An tOll. Frank Gannon**
Ard-Stiúrthóir, Fondúireacht Eolaíochta Éireann



**An tUas. Pat Barry**
Sainchomhairleoir Cumarsáide



**An Dr. Rosheen McGuckian**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, GE Money



**An tUas. Rody Molloy**
Ard-Stiúrthóir, FÁS



**An tUas. William O'Brien**
Stiúrthóir Bainistíochta, William O'Brien Plant Hire Ltd.



**Anne Heraty Uasal**
Príomhfheidhmeannach, CPL (Computer Placement Ltd)



**An tUas. Frank Ryan**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Enterprise Ireland



**An Dr. Don Thornhill**
Cathaoirleach, An Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais



**Jane Williams Uasal**
Stiúrthóir Bainistíochta, The Sia Group



**An tUas. Michael O'Leary**
Rúnaí don Bhord

D'éirigh an tOll. Mark Keane, iar-Ard-Stiúrthóir, Fondúireacht Eolaíochta Éireann, as a phost ar Bhord Forfás i Feabhra 2007. Tháinig an tUas Frank Gannon, Ard-Stiúrthóir, Fondúireacht Eolaíochta Éireann isteach mar chuid de Bhord Forfás ó Iúil 2007.

D'éirigh an tUas Sean Dorgan, iar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, IDA Ireland, as a phost ar Bhord Forfás i Nollaig 2007. Tháinig an tUas Barry O'Leary, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, IDA Ireland isteach mar chuid de Bhord Forfás ó Eanáir 2008.

D'éirigh an tUas Eoin O'Driscoll agus an tUas Seán Gorman as a bpost ar Bhord Forfás ar bhonn róta i Nollaig 2007 agus athcheapadh iad beirt in Eanáir 2008.

## Coiste Iniúchta Forfás

Jane Williams Uasal, Cathaoirleach
An Dr. Rosheen McGuckian
An tUas. William O'Brien
An tUas. Eoin O'Driscoll

## Coiste um Fhorbairt Bhainistíochta Forfás

An tUas. Eoin O'Driscoll
An tUas. Pat Barry
An Dr. Don Thornhill

# Ráiteas an Chathaoirligh agus an Phríomhfheidhmeannaigh



**An tUas. Eoin O'Driscoll**
Cathaoirleach



**An tUas. Martin Cronin**
Príomhfheidhmeannach

## Forbhreathnú

Tá geilleagar na hÉireann mar cheann de na geilleagair is domhandaithe san Eoraip anois. Mar thoradh ar seo, tá neamhchinnteacht cruthaithe ag géarchéim airgeadais idirnáisiúnta tar éis a bheith mar chúis le leibhéil fáis níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leo agus laghdú in éilimh intíre.

In ainneoin coinníollacha deacra lean geilleagar na hÉireann ar aghaidh ag feidhmiú go réasúnta maith le bliain anuas. Fiú amháin tar éis méaduithe le déanaí, fanann an dífhostaíocht íseal i gcomparáid le gheilleagair fhorbartha eile, ag 5.5%. Táthar ag súil go mbeidh fás OTI ag 2.5% le haghaidh 2008 agus bhí méadú 6.4% ar easpórtáil na n-earraí agus seirbhísí ó Éire i 2007. Leanann ár gcomhlachtaí dúchasacha ar aghaidh ag forbairt go hidirnáisiúnta agus bhí infheistíocht díreach amach níos mó ná infheistíocht isteach don chéad uair le blianta beaga anuas.

Lean fostaíocht ar aghaidh ag méadú i 2007 le 68,000 post breise cruthaithe sa gheilleagar. Bhí infheistíocht i T&F ag an leibhéal is airde riamh suas ó €2.3 billiún i 2006 go €2.5 billiún i 2007.

Mar sin féin, tá an timpeallacht gheilleagrach níos dúshlánaí ná mar a fhacamar le blianta í. Ach tá na fondúireachtaí i bhfeidhm againn le haghaidh fás geilleagrach fadtéarmach trí pholasaithe agus tionscnaimh réamhghníomhacha cosúil leis an Straitéis um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht, an Straitéis Náisiúnta Scileanna agus an Plean Forbartha Náisiúnta. Tá Éire suite go maith chun dul i ngleic leis na dúshláin a thagann suas le bonn láidir de thionscail nua-aimseartha, lucht saothair ard-oilte agus solúbtha, timpeallacht fioscach dearfach agus cultúr atá ar son an ghnó.

Inár dtaithí, leanfaidh an solúbthacht agus an inoiriúnaitheacht le deich mbliana anuas ar aghaidh mar dhifreálaithe ríthábhachtacha i bhforbairt leanúnach na hÉireann mar gheilleagar feasacht-bhunaithe, ard-luach, ar an gcoinníoll go bhfreagraímid ar bhealach cuí ar an dtimpeallacht gheilleagrach dúshlánach reatha.

## Ag Tabhairt Faoi Dúshláin Reatha

Caithfimid fócas dian a choimeád ar neartú ár n-iomaíochas agus díriú go réamhghníomhach ar dhúshláin gheilleagracha láithreacha lena n-áirítear iomaíochas costais, easnaimh sa bhonneagar agus luas níos moille i bhfás táirgiúlachta. Tá sé riachtanach go gcoimeádaimid infheistíocht (cé acu poiblí nó príobháideach) sna réimsí ríthábhachtacha cosúil le hoideachas, eolaíocht, teicneolaíocht, nuálaíocht agus bonneagar, rud a bheidh mar lucht cumasaithe an fháis ar bhonn fadtéarmach.

Caithfidh tacaíocht ár rathúlachta mar gheilleagar ard-ioncaim fanacht ag barr chlár oibre an Rialtais agus caithfear na straitéisí agus gníomhaíochtaí mar atá imlínithe sa Straitéis um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht, an Straitéis Náisiúnta Scileanna agus an Plean Forbartha Náisiúnta a fhorfheidhmiú i mbealach éifeachtach.

### Iomaíochas Costais

Ceist mhór ar ghá díriú uirthi is ea iomaíochas costais na hÉireann, atá ríthábhachtach do rathúlacht ár n-earnáil onnmhairithe. I gcaitheamh na bliana seo caite chonaiceamar caillteanas suntasach in iomaíochas costais idirnáisiúnta na hÉireann mar gheall ar mhéadú ar an euro, arduithe pá roimh rátaí fáis táirgiúlachta agus ardleibhéil bhoilscithe. Níl comparáid costais neamh-phá fabhrach le tíortha Eorpacha eile, agus tá costais maoine, fóntais (lena n-áirítear dramhaíl, uisce agus leictreachas) agus costais seirbhísí intíre i bhfad níos airde.

Le costais ag méadú ag ráta níos airde ná tíortha eile an AE, tá sé tábhachtach go gcuirimid bearta i bhfeidhm chun srian a chur ar an ráta méadaithe agus cinntiú gur féidir le comhlachtaí atá ag onnmhairiú earraí agus seirbhísí ó Éire leanúint ar aghaidh ag iomaíocht ar bhealach éifeachtach. Le roinnt mhaith saincheisteanna costais lasmuigh dár smacht, cosúil le luaineachtaí airgeadraí agus praghsanna fuinnimh idirnáisiúnta, tá sé tábhachtach go bhfeidhmímid anois chun costais a laghdú sna ceantair atá faoinár smacht féin. Ba cheart comhlánú a dhéanamh ar bhainistiú an bhoilscithe trí fheachtas i dtreo táirgiúlacht a ardú agus ár seasamh iomaíochais foriomlán a fheabhsú. Tugann Forfás tacaíocht don mholadh ón gComhairle Náisiúnta Iomaíochais chun forbairt a dhéanamh ar chlár náisiúnta chun iomaíochas costais a thabhairt ar ais, a áiríonn socrú sprice boilscithe náisiúnta atá cóngarach do sprioc 2% an ECB. Príomh-dhúshlán don Rialtas agus do na Páirtithe Sóisialta is ea obair i dtreo meascán d'fhás pá, boilsciú agus fás táirgiúlachta a neartóidh agus a chosnóidh an iomaíochas.

### Bonneagar

Táthar tar éis dul chun cinn suntasach a dhéanamh cheana féin maidir le bonneagar na hÉireann a fheabhsú. Mar sin féin, ní difreálaí níos mó é bonneagar dea-fhorbartha, ach tá sé ríthábhachtach do riachtanais an fhiontair. Tá sé tábhachtach go gcomhlíonann an Rialtas na spriocanna atá leagtha amach sa PFN chun trasfhoirmiú bonneagair na hÉireann a thabhairt chun críche agus chun taca a chur faoi fhorbairt chathracha agus réigiúin.

Caithfimid féachaint níos faide ar aghaidh ná an aimsir láithreach agus plean a dhéanamh do riachtanais na todhchaí ionas go bhfanaimid tarraingteach le haghaidh earnálacha agus comhlachtaí mar a fhabhraíonn siad sa timpeallacht domhanda seo atá cumasaithe go teicniúil. Leanaimid ar aghaidh ag teannadh le tíortha eile i dteicneolaíochtaí leathanbhanda agus ba cheart dúinn a chinntiú go mbíonn Éire ar cheann de na suímh ceannaireachta san Eoraip le haghaidh teicneolaíochtaí leathanbhanda na chéad ghlúine eile.

### Táirgiúlacht

Tá iomaíochas idirnáisiúnta ag cruthú brú le haghaidh tuilleadh éifeachtachta, caighdeáin agus táirgiúlachta in Éirinn, i gcomhlachtaí dúchasacha agus faoi úinéireacht eachtrach araon. Beidh baint amach rátaí fáis táirgiúlachta atá níos airde go coibhneasta tábhachtach le haghaidh iomaíochas idirnáisiúnta agus méadú pá inbhuanaithe a dhaingniú sa todhchaí. Cuirfidh infheistíocht leanúnach i nuálaíocht thar gach gné de ghníomhaíochtaí gnó, lena n-áirítear teicneolaíochtaí nua agus ath-oiliúint, ar ár gcumas aistriú i dtreo gníomhaíochtaí breisluacha níos airde agus táirgiúlacht feabhsaithe a chur ar fáil.

## Deiseanna

Cuimsíonn próifíl bonn fiontair na hÉireann comhlachtaí trádála idirnáisiúnta rathúla in an-chuid réimsí gnó idirghníomhacha cosúil le TFC, eolaíochtaí saoil, seirbhísí airgeadais, bia, seirbhísí gréasán bhunaithe, maoin agus seirbhísí tógála, innealtóireacht sainithe, feidhmeanna ceanncheathrú agus seirbhísí seachadta go háitiúil.

Tá an dearcadh fadtéarmach don fhorbairt agus leathnú leanúnach ar na hearnálacha seo in Éirinn go maith, le leibhéil láidre d'fhorbairt táirgí agus seirbhísí nua. Tá poitéinseal ann chomh maith de réir mar a thagann deiseanna chun cinn áit a thosaíonn ranna leithleacha agus éagsúla ag teacht le chéile.

Táthar ag súil go gcabhróidh doiléireacht na ranna earnálacha seo chun deiseanna nua a bhaint amach d'Éire. Tá inréimniú ar chleachtaí teicneolaíochta agus gnó ag tarlú cheana féin in earnálacha cosúil le TFC agus seirbhísí airgeadais, bia agus cógaisíocht, agus teicneolaíochtaí cógaisíochta agus leighis. Tá an poitéinseal ó na hearnálacha inréimnithe seo suntasach agus is féidir le hÉire raon láidreachtaí a thabhairt chun tosaigh sna réimsí seo.

## Straitéis Chorparáideach Forfás

Tá an timpeallacht ghnó domhanda ag athrú go gasta agus bíonn tionchar aici ar an mbealach a dhéanann eagraíochtaí a gcuid gnó. Ní haon eisceacht é Forfás. Aithnímid an riachtanas chun ár dtreoir straitéiseach a athchóiriú agus athbhreithniú a dhéanamh uirthi mar fhreagra ar na haistriúcháin gheilleagracha seo.

Tá Forfás tar éis obair go dlúth leis an Rialtas agus le geallsealbhóirí chun straitéis nua a fhorbairt le barrfheabhsú a dhéanamh ar ár n-éifeachtacht. Aithnítear Forfás de bharr a sheachadadh rathúil ar anailís polasaí suntasach, comhairle agus aschuir. Ag úsáid ár scileanna agus ár saineolas leanfaimid ar aghaidh ag déanamh an obair seo agus oibreoimid chomh maith i dtreo chomh-thuiscint ar cheisteanna a thiomsú, ag leagadh béime ar na príomh-cheisteanna dar linn le haghaidh fiontar agus eolaíocht agus le tionchar a bheith againn ar ghníomhaíocht le lucht déanta polasaí.

Treófar ár gcuid oibre le réimsí béime:

- Príomh-cheisteanna Straitéiseacha a Aithint;
- Díriú ar Rannpháirtíocht agus Aschur; agus
- Torthaí a Bhaint Amach.

### Príomh-cheisteanna Straitéiseacha a Aithint

Shainmhínigh Forfás, i gcomhairle le príomh-gheallsealbhóirí, an cúig phríomh-cheist atá os comhair fiontar agus eolaíocht sa lá atá inniu ann. Díreoimid ar na ceisteanna seo agus aithneoimid roghanna polasaithe chun freagra a thabhairt agus chun Éire a ullmhú le haghaidh an chéad tonn eile d'fhorbairt gheilleagrach.

- Na polasaithe cearta a chinntiú d'fhiontar na todhchaí

  Ag breathnú ar chruth dóchúil bonn fiontair na todhchaí deich mbliana ó seo ná na straitéisí fiontair reatha ábhartha agus comhlántach?

- Barrfheabhsú ar thionchar infheistíochtaí eolaíochta/T&F

  Conas ar cheart do láidreachtaí taighde atá ag teacht chun cinn fabhrú chun uasmhéadú a dhéanamh ar fhorbairt fiontair ard-bhreisluacha, agus ar gheilleagar ard-táirgiúlachta?

- Torthaí barr-deicíle oideachais agus oiliúna OECD a bhaint amach

  Ag tógáil ar na córais oideachais agus oiliúna reatha atá againn, conas gur féidir linn a chinntiú go mbeidh siad mar mhór-fhoinse buntáiste iomaíochais trí thorthaí "barr-deicíle OECD" a bhaint amach?

- Deiseanna agus dúshláin Timpeallachta/Fuinnimh

  Conas is féidir linn réadú a dhéanamh ar na deiseanna agus díriú ar na dúshláin le haghaidh fiontar a léireoidh ceisteanna bainteach leis an timpeallacht agus le fuinneamh?

- Réigiúnacha iomaíocha a fhorbairt

  Céard a chaithfear a dhéanamh chun a chinntiú go leanann Éire ar aghaidh ag tógáil réigiúnacha iomaíocha?

### Díriú ar Rannpháirtíocht agus Aschur

Bainfimid úsáid as réimse leathan teicnící feidhmithe inár gcuid oibre. Chomh maith le mion-anailís ardchaighdeáin a ghlacadh de lámh agus moltaí a sholáthar mar is gá, leagfaimid an béim ar obair a dhéanamh le réimse geallsealbhóirí chun na ceisteanna a chaithfear aghaidh a thabhairt orthu a fhrámú, roghanna polasaithe a fhorbairt, agus tacú le forfheidhmiú athrú polasaí. Is í an obair réamhghníomhach le comhlachtaí eile an slí is fearr gur féidir le Forfás a chuid cuspóirí a bhaint amach um chomhairle láidir le tionchar aici ar thorthaí a sholáthar.

### Torthaí a Bhaint Amach

Sa bhreis ar na tuarascálacha déine agus miona a bhfuil gá ag lucht déanta polasaí leo, bainfimid leas as réimse modhanna oiriúnacha eile chun cumarsáid a dhéanamh le lucht tionchair tábhachtach na bpolasaithe. Braitheann rathúlacht i gcomhlíonadh dúshláin ár Straitéise ar an gcumas atá againn ár gcuid smaoinimh a thabhairt chuig na lucht éisteachta cearta sa slí cheart agus chun obair le daoine aonair agus le grúpaí chun tuiscint chomhroinnte a fháil ar na ceisteanna agus ar an méid atá riachtanach chun déileáil leo. Cuirfimid roinnt ama i leataoibh ag iarraidh riachtanais ár lucht éisteachta a thuiscint agus ag seachadadh ár dteachtaireachtaí dóibh sa slí cheart.

Leanfaidh Forfás ina ról ag soláthar comhairle polasaí ardchaighdeáin, bunaithe ar thaighde don Rialtas agus táimid muiníneach go gcuirfidh athfhócasú agus ord tosaíochta ár gcuid oibre go mór le haghaidh a thabhairt ar na príomh-cheisteanna straitéiseacha atá ag tabhairt aghaidh ar fiontar in Éirinn i dtimpeallacht gheilleagrach atá ag athrú go gasta.

## Aitheantais

I rith na bliana thug an Rialtas, geallsealbhóirí agus na gníomhaireachtaí forbartha tacaíocht do Forfás ina ról. Tá an cur chuige pháirtíochta seo lárnach inár rathúlacht i bhforbairt na comhairle polasaí ábhartha don Rialtas. Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt do na rannaíocaíochtaí agus don chúnamh curtha ar fáil i gcaitheamh na bliana ag an iar-Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Micheál Martin TD agus ag an Roinn Fiontar Trádála agus Fostaíochta agus ag Airí agus Ranna Rialtais eile.

Leanann Forfás ar aghaidh ag obair go dlúth le gníomhaireachtaí forbartha Enterprise Ireland, FÁS, IDA Ireland, Shannon Development agus Údarás na Gaeltachta i dtacaíocht a thabhairt do fhiontar in Éirinn agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann ar cheisteanna bainteach le heolaíocht agus teicneolaíocht. Tugann Forfás aitheantas chomh maith do ranníocaíocht na ngrúpaí agus na ndaoine aonair i ngnó, Rialtas, eagraíochtaí fostóra agus ceardchumainn i leith forbairt moltaí agus comhairle polasaí.

Ba mhaith linn buíochas ar leith a ghabháil leis na grúpaí comhairleacha neamhspleácha a d'obair go dlúth le Forfás i rith na bliana lena n-áirítear:

- An Chomhairle Chomhairleach Eolaíochta, le Mary Cryan mar chathaoirleach;
- Clár Discover Science and Engineering, le Leo Enright mar chathaoirleach;
- Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna na Todhchaí, le Anne Heraty mar chathaoirleach;
- Comhairle um Fhorbairt Bhainistíochta, leis an tOll. Frank Roche mar chathaoirleach;
- An Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais, leis an Dr. Don Thornhill mar chathaoirleach;

agus na grúpaí stiúrtha a chur treoir luachmhar ar fáil do thionscadail mhóra chomh maith:

- An Fóram um Rialachán Gnó, le Donal de Buitléir mar chathaoirleach;
- Grúpa Straitéise Seirbhísí, le Tony Keohane mar chathaoirleach;
- Grúpa Comhairleach um Cháin Fhiontair, le Paul Haran mar chathaoirleach; agus
- Bord Comhairleach an Tionscadail agus Grúpaí Oibre ar Thionscadal na gCnámhscéalta Socheacnamaíocha.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil chomh maith le Bord an Bhoird Náisiúnta um Chreidiúnú, leis an Dr. Máire C. Walsh mar chathaoirleach, ar son a gcuid tacaíochta agus ranníocaíochtaí leanúnach.

Ba mhaith le Forfás fáilte a chuir roimh dhá bhall nua chuig an Bord, Barry O'Leary, Príomhfheidhmeannach, IDA Ireland agus Frank Gannon, Ard-Stiúrthóir, Fondúireacht Eolaíochta Éireann. Ba mhaith linn freisin ár mbuíochas a ghabháil le Sean Dorgan, iar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin de chuid IDA Ireland, a d'éirigh as a phost ar an mBord i Nollaig 2007.

Ar deireadh ba mhaith linn aitheantas a thabhairt don bproifisiúntachta agus don díograis leanúnach a léiríonn foireann Forfás. Chruthaigh foireann Forfás arís go rabhadar freagrúil agus solúbtha maidir le déileáil le réimse leathan ceisteanna casta bainteach le polasaithe agus i ngníomhaíochtaí eile cosúil le creidiúnú agus feasacht eolaíochta a chomhlánú chomh maith.

# Forbhreathnú Staidrimh

Bailíonn agus anailísíonn Forfás réimse sonraí ar fhostaíocht agus caiteachas ag gnólachtaí gníomhaireacht-thacaithe agus ar fheidhmíocht na hÉireann i T&F agus nuálaíocht. Soláthraíonn an rannóg seo forbhreathnú ar na táscairí seo.

## Táscairí Luach ar Airgead

Glacann Forfás athbhreithniú bliantúil ar tháscairí luach ar airgead de lámh chun eolas a sholáthar ar na hionchuir airgeadais agus ar nádúr na n-aschur ó ghníomhaíochtaí na ngníomhaireachtaí forbartha. Cuirtear an t-athbhreithniú isteach chuig an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. In ainneoin an diansaothrú ar iomaíocht domhanda le haghaidh infheistíocht dírí eachtraí agus creimeadh ar iomaíochas costais, lean claontaí dearfacha i ngníomhaíochtaí gníomhaireachta ar aghaidh i 2006.

Is iad na príomhthorthaí a tháinig as anailís ar na sonraí don tréimhse 2003 – 2006 ná:

- Bhí ardú thart ar 26% ar chaiteachas an Stáit ar fhorbairt fiontair trí na gníomhaireachtaí forbartha (IDA Ireland agus Enterprise Ireland) thar tréimhse ceithre bliana 2003-2006. Áirítear anseo caiteachas ar fhorbairt suímh straitéiseacha agus bonneagair um chumas trádálacha T&F. Bhí ardú beag ar thacaíochtaí díreacha chuig comhlachtaí thar an tréimhse.
- Lean méaduithe móra ar leibhéil na ndíolachán agus na n-onnmhairí i ngnólachtaí dúchasacha agus in oll-bhreisluach in aghaidh an fostaí i ngnólachtaí dúchasacha agus eachtraí araon.
- Lean treochtaí dearfacha i dtéarmaí infheistíochta agus roinnt comhlachtaí gafa le T&F a tacaíodh leo, gnóthaí tosaithe féideartha agus i dtionscadail infheistíochta dírí eachtraí. Leanann líon foriomlán na ndaoine fostaithe ar aghaidh ag méadú, cé gur méadú beag atá i gceist.
- Bhí méadú 3.5% ar chaiteachas gheilleagair na hÉireann le fáltais ó cháin corparáideach ag déanamh suas an chuid is mó den mhéadú. Trí bheith ag fás go mall, fanann caiteachas gheilleagair na hÉireann ag leibhéal ard.

## Caiteachas ag Gnólachtaí Tacaithe ag Gníomhaireacht i nGeilleagar na hÉireann

Cuireann an *Annual Business Survey of Economic Impact* de chuid Forfás torthaí i láthair a bhaineann le gach gnólacht déantúsaíochta agus seirbhísí trádáilte go hidirnáisiúnta atá faoi shainchúram Enterprise Ireland, IDA Ireland, Shannon Development agus Údarás na Gaeltachta. Lean an suirbhé an dul chun cinn a rinne comhlachtaí cliaint gníomhaireacht-chuidithe i rith 2006 maidir le haschur (díolacháin, onnmhairí, agus aschur glan) agus rinneadh monatóireacht ar chaiteachas díreach na gcomhlachtaí seo laistigh de gheilleagar na hÉireann i dtéarmaí costais phárolla agus ceannach ábhair agus seirbhísí a sholáthraíodh in Éirinn.

I 2007, rinneadh suirbhé ar beagnach 3,900 comhlacht agus bhí thart ar 750 gnólacht faoi úinéireacht eachtrach ina measc. Bhí thart ar 2,700 de na comhlachtaí a rinneadh suirbhé orthu ag feidhmiú sa tionscal déantúsaíochta agus 1,100 san earnáil seirbhísí trádála idirnáisiúnta.

Mhéadaigh aschur iomlán na ngnólachtaí gníomhaireacht-chuidithe i ndéantúsaíocht agus seirbhísí trádáilte go hidirnáisiúnta faoi 5.4% i 2006 (i dtéarmaí ainmniúla), le méadú 4.1% ar chaiteachas díreach sa gheilleagar (Tábla 1).


Bhí caiteachas díreach iomlán de €34.8 billiún (bn) ag na gnólachtaí seo i 2006. In iomlán, chaith gnólachtaí faoi úinéireacht Éireannach €16.6bn sa gheilleagar intíre i 2006, déanta suas de €4.8bn ar chostais phárolla, €8.6bn ar amhábhair Éireannacha, agus €3.2bn ar sheirbhísí Éireannacha. Tá an caiteachas díreach seo tar éis ardú ó €8bn i 1990. Rinne caiteachas díreach ag gnóthlachtaí faoi úinéireacht eachtraí suas €18.2bn i 2006, déanta suas de €7.6bn ar chostais phárolla, €4.3bn ar ábhair táirgthe in Éirinn agus €6.4bn ar sheirbhísí ceannaithe in Éirinn. Tá sé seo suas 7.2% ar thuairisceáin 2005 le haghaidh caiteachas díreach agus léiríonn sé athshlánú ar leibhéil caiteachais díreach i gcomparáid le claonadh síos an dá bhliain roimhe sin.

**Tábla 1: Ranníocaíocht na nGnólachtaí Gníomhaireacht-Thacaithe i nGeilleagar na hÉireann**

| | | Gnólachtaí faoi Úinéireacht Éireannach | | Gnólachtaí faoi Úinéireacht Eachtrach | | Gnólachtaí Uile | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | 2005 | 2006 | 2005 | 2006 | 2005 | 2006 | ATHRÚ |
| **Díolachán** | €m | 24,675 | 25,914 | 96,655 | 102,021 | 121,330 | 127,935 | 5.4% |
| **Costais Phárolla** | €m | 4,753 | 4,795 | 6,809 | 7,577 | 11,562 | 12,371 | 7.0% |
| **Amhábhair Éireannacha** | €m | 8,423 | 8,572 | 4,047 | 4,251 | 12,470 | 12,822 | 2.8% |
| **Seirbhísí ceannaithe in Éirinn** | €m | 3,226 | 3,186 | 6,149 | 6,397 | 9,375 | 9,583 | 2.2% |
| **Caiteachas Díreach sa Gheilleagar** | €m | 16,402 | 16,552 | 17,005 | 18,224 | 33,406 | 34,776 | 4.1% |
| **Caiteachas Díreach mar % de Dhíolachán** | % | 66.5 | 63.9 | 17.6 | 17.9 | 27.5 | 27.2 | -0.4% |


*Foinse: Annual Business Survey of Economic Impact, coordinated by Forfás*

**Figiúr 1:**
**Corporation Tax Payments, 1990-2006 (Constant 2006 Prices)**




*Foinse: Tuairisceán an Státchiste le haghaidh 2006, An Roinn Airgeadais. Forfás Annual Business Survey of Economic Impact 2006*

**Figiúr 2:**
**Permanent Full-Time Employment (1998-2007)**




*Foinse: Forfás, Annual Employment Survey 2007*

## Íocaíochtaí Cáin Chorparáideach

Mar aon le caiteachas sa gheilleagar, cuireann comhlachtaí déantúsaíochta agus trádáilte go hidirnáisiúnta agus seirbhísí airgeadais aischur díreach suntasach ar fáil don Státchiste trí íocaíochtaí cáin chorparáideach.

Bhí teacht isteach iomlán de €6.7 billiún ó cháin chorparáideach ó gach foinse i 2006 (**Figiúr 1**), méadú 21% i dtéarmaí iarbhír ar an mbliain roimhe sin. Meastar go raibh gnólachtaí gníomhaireacht-thacaithe i ndéantúsaíocht agus seirbhísí trádáilte go hidirnáisiúnta freagrach as ucht €2.3 billiún, le €1.1 billiún sa bhreis ó ghnólachtaí seirbhísí airgid idirnáisiúnta, a dhéanann suas €3.4 billiún (51%) den €6.7 billiún de cháin chorparáideach iomlán íoctha sa gheilleagar.

Bhí comhlachtaí gníomhaireacht-chuidithe i seirbhísí ceimice/cógaisíochta agus seirbhísí trádáilte go hidirnáisiúnta mar bhunús do thart ar 39% agus 24% den €2.3 billiún, faoi seach, leis an earnáil bhia agus dí freagrach as ucht 14% den iomlán.

## Fostaíocht i gComhlachtaí Gníomhaireacht-Thacaithe

Léiríonn **Figiúr 2** méid iomlán na fostaíochta i gcomhlachtaí faoi shainchúram Enterprise Ireland, IDA Ireland, Shannon Development agus Údarás na Gaeltachta. I 2007, ba é 305,121 an líon iomlán daoine fostaithe, ardú glan de 1,115 ar an mbliain roimhe sin. Cuimsíonn an méadú seo 2,340 post breise i gcomhlachtaí faoi úinéireacht Éireannach agus 1,225 post níos lú i measc comhlachtaí i ndéantúsaíocht agus seirbhísí trádáilte go hidirnáisiúnta faoi úinéireacht eachtrach. Cruthaíodh thart ar 25,355 post i ndéantúsaíocht agus seirbhísí trádáilte go hidirnáisiúnta i 2007 le caillteanas de 24,240 post i rith na bliana.


Tá 28,834 níos mó daoine i bhfostaíocht anois i gcomhlachtaí gníomhaireacht-chuidithe déantúsaíochta agus seirbhísí trádáilte go hidirnáisiúnta ná mar a bhí i 1998. Tá méadú tagtha i bhfostaíocht i gcomhlachtaí faoi úinéireacht Éireannach ó 136,006 i 1998 go 151,613 i 2007, le méadú i bhfostaíocht sna comhlachtaí faoi úinéireacht eachtrach ó 140,281 i 1998 go 153,508 i 2007.

**Figiúr 3:**
**Job Gains, Losses and Net Change in Permanent Full-Time Employment (1998-2007)**




*Foinse: Forfás, Annual Employment Survey 2007*

**Figiúr 4:**
**Employment by Region (1998-2007)**




*Foinse: Forfás, Annual Employment Survey 2007*

Léiríonn **Figiúr 3** an treocht i líon na bpost a cruthaíodh agus a cailleadh i rith na tréimhse 1998-2007 agus taispeánann sé gur laghdaigh an ráta caillteanas poist go mór ó 2002.


Ba í san earnáil traidisiúnta déantúsaíochta a raibh an chuid ba mhó de na poist caillte i 2006-2007, ar nós innealra agus trealamh (-1,190), trealamh iompair (-542) agus táirgí miotail bunúsacha agus déanta (-517) rud a léiríonn athstruchtúrú leanúnach agus iomaíocht ó láithreacha ar chostas níos ísle. Bhí ardú glan poist foriomlán in earnálacha cosúil le mianraí neamh-mhiotalacha (+654), mianadóireacht, cairéalacht agus seirbhísí dúchasacha (+634) agus ceimicí (+184).

Bhí ardú glan poist suntasach in earnáil na seirbhísí trádáilte go hidirnáisiúnta, a áiríonn seirbhísí airgeadais idirnáisiúnta agus seirbhísí idirnáisiúnta. Mhéadaigh fostaíocht iomlán san earnáil seo go 82,060 i 2007 (suas 3,455). Ba san earnáil seirbhísí airgeadais idirnáisiúnta a bhí an cruthú poist ghlan ba mhó (1,982). Ba san earnáil seirbhísí idirnáisiúnta a bhí an dara chruthú poist ghlan ba mhó a chonaic méadú de 1,473, le gnólachtaí i seirbhísí comhairlithe, bogearraí agus ríomhaireachta freagrach don chuid ba mhó as an ardú.

## Dáileadh Réigiúnach na Fostaíochta

Léiríonn **Figiúr 4** scair na fostaíochta atá i ndéantúsaíocht agus seirbhísí trádáilte go hidirnáisiúnta a bhfuil réigiún na Teorann, na Lár na Tíre agus an Iarthair (TLI) freagrach astu sa tréimhse 1998-2007. Bhí méadú beag i líon iomlán na bpost gníomhaireacht-chuidithe sa réigiún TLI i 2007, le 75,627 post, i gcomparáid le 75,323 i 2006. Is ionann é seo agus 24.8% de na poist iomlána i ngnólachtaí gníomhaireacht-thacaithe. Bhí gnóthú comhlán de thart ar 1,000 post TLI i ngnólachtaí faoi úinéireacht Éireannach. Chonaic an Deisceart agus an Oirthear gnóthú comhlán poist chomh maith de thart ar 1,300 i measc gnólachtaí gníomhaireacht-chuidithe faoi úinéireacht Éireannach.

**Figiúr 5:**
**Trends in Part-Time, Temporary and Short-Term Contract Employment (1998-2007)**





*Foinse: Forfás, Annual Employment Survey 2007*

## Fostaíocht Chonartha Gearr-Théarmach, Sealadach agus Páirtaimseartha

Díríonn **Figiúr 5** ar líon na bpost conartha páirtaimseartha, sealadach agus gearr-théarmach i ndéantúsaíocht agus seirbhísí trádáilte go hidirnáisiúnta. I 2007 ba é 33,975 líon na ndaoine fostaithe, titim 1,347 ar thorthaí na bliana roimhe sin. D'fhan fostaíocht sa chatagóir seo seasta go maith thar na deich mbliana atá thart agus tá sé freagrach as ucht beagnach 10% de na poist go léir i gcomhlachtaí gníomhaireacht-chuidithe anois.


Ag tógáil an dá chatagóir fostaíochta le chéile (buan lánaimseartha agus sealadach/gearr-théarmach), tá 339,096 duine fostaithe i gcomhlachtaí gníomhaireacht-chuidithe anois, suas ó 307,746 (suas 10.2%) i 1998.

**Figiúr 6:**
**Total R&D Expenditure by Sector of Performance 1997-2007 (€m)**




*Foinsí: Forfás, díortha ón Survey of Business Expenditure on R&D 2005/6; Survey of R&D in the Higher Education Sector 2006; State Expenditure on S&T and R&D 2006 agus 2007*

**Figiúr 7:**
**Total R&D Expenditure as a % of GDP (latest year of data availability for each country)**




*Foinsí: Forfás, díortha ón Survey of Business Expenditure on R&D 2005/6; Survey of R&D in the Higher Education Sector 2006; State Expenditure on S&T and R&D 2006 agus 2007 agus Main Science & Technology Indicators, 2007 (OECD)*

## Taighde agus Forbairt

Lean feidhmíocht Taighde & Forbairt (T&F) ar aghaidh ag feabhsú i 2007, ag coimeád na claontaí fáis dearfacha a bhí le feiceáil sna blianta le déanaí. Deimhníonn fianaise ó na suirbhéanna T&F is déanaí de chuid Forfás um fheidhmíocht in ardoideachas agus earnálacha Rialtais go bhfuil an maoiniú Stáit méadaithe atá ar fáil trí Straitéis an Rialtais le haghaidh Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht tiomanta ag tionscadail T&F ar fud na tíre ag cur go mór le feidhmíocht T&F feabhsaithe sna hearnálacha seo i rith na bliana.

Lean an caiteachas iomlán ar T&F thar gach earnáil sa gheilleagar ar aghaidh ag fás i 2007. D'fhás an caiteachas iomlán ar T&F go €2.5 billiún measta i rith 2007 ón €2.3 billiún dearbhaithe caite ar ghníomhaíochtaí T&F i 2006. Tá borradh caiteachais láidir sna hearnálacha feidhmiúcháin gnó agus ardoideachais T&F ag treorú na méaduithe foriomlána i gcaiteachas ar T&F.


Tá an caiteachas iomlán ar T&F tar éis méadú faoi thrí beagnach le deich mbliana anuas, ó €855m i 1997 (Figiúr 6). Bhí an meán-ráta bliantúil fáis i gcaiteachas ar ghníomhaíochtaí T&F curtha i ngnímh sa Stát le deich mbliana anuas ag 11.3%. Mar gheall ar an ráta fáis láidir cuireadh Éire i measc na tíortha is airde fáis T&F san OECD, aitheanta mar thíortha "gabhála T&F".

Tá déine caiteachais T&F mar cheann de na príomh-tháscairí a d'aithin an Coimisiún Eorpach agus an OECD chun tomhas a dhéanamh ar dhul chun cinn tír i dtreo forbairt gheilleagair faisnéise níos láidre. Sainmhínítear é seo mar an cóimheas de chaiteachas iomlán ar T&F i ngach earnáil fheidhmíochta T&F go gníomhaíochtaí geilleagracha foriomlána, mar atá tomhaiste ag Olltáirgeacht Intíre (OTI) nó Olltáirgeacht Náisiúnta (OTN). Léiríonn Figiúr 7 cóimheas déine T&F iomlán na hÉireann a measadh a bhí ag 1.56% de OTN i 2007. Bhí sé seo beagán chun tosaigh ar an bhfigiúr cóimheas OTN de 1.55% a taifeadadh i 2006. Tá Éire sa tríú sraith de thíortha maidir le feidhmíocht sa mhéadrach T&F seo.

Tá feidhmíocht T&F na hÉireann tar éis fás go láidir le deich mbliana anuas i rith tréimhse fáis gheilleagair láidir. Mar thoradh ar seo, is go mall amháin atá an cóimheas den chaiteachas iomlán ar T&F go gníomhaíochtaí geilleagracha ag dul chun cinn. Má choimeádtar na rátaí fáis ar chaiteachas le deich mbliana anuas, taobh le héascú i bhfás geilleagrach, d'fhéadfadh an cóimheas déine foriomlán dul i méid go láidir sna blianta atá le teacht, ag bogadh níos giorra do mheán-ráta déine T&F an OECD de 2.2% de ghníomhaíochtaí geilleagracha.

Is iad An tSualainn (3.8% den OTI), An Fhionlainn (3.4% den OTI), An tSeapáin (3.3%), An Chóiré (2.9%), na Stáit Aontaithe (2.6%) agus An Ghearmáin (2.5%) na príomh-thíortha san OECD maidir le déine caiteachais ar T&F.

**Figiúr 8:**
**R&D Expenditure – Performed in the Higher Education Sector (1996-2006) €m**




*Foinse: Forfás, Survey of R&D in the Higher Education Sector 2006*

**Figiúr 9:**
**Researchers by Qualification (2002-2006), Full-Time Equivalents in Higher Education**




*Foinse: Forfás, Survey of R&D in the Higher Education Sector 2006*

Léiríonn **Figiúr 8** go bhfuil feidhmiú T&F san earnáil ardoideachais (HERD) ag méadú go seasmhach le deich mbliana anuas, le caiteachas T&F iomlán ag méadú beagnach faoi cheathair i dtéarmaí caiteachais reatha. Ó 1998 go 2000 bhí an méadú ag 16.6%, ach ó 2000 i leith thosaigh an fás ag luathú. Ó 2000 go 2002 bhí méadú de 35%, agus idir 2002 agus 2004 bhí ardú suntasach i HERD de 52.8%, tacaithe ag maoiniú poiblí nua ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, an Clár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal agus gníomhaireachtaí maoinithe T&F eile. Ó 2005 i leith thosaigh rátaí fáis ag moilliú, le méadú 22% i gcaiteachas ar HERD ón suirbhé roimhe seo i 2004.


Tógadh feidhmíocht coibhneasta caiteachais HERD suas chun dáta go gasta idir 1996 agus 2006. Ó 1996 go 1998, bhí cóimheas caiteachais déine na hÉireann de 0.30% den OTI níos ísle ná meán-chóimheas déine an AE de 0.36% de OTI. Leathnaigh an bearna i 2000, nuair a thit cóimheas déine HERD na hÉireann go 0.27% de OTI. Mar sin féin, ó 2002 i leith tá Éire tar éis teacht suas leis an AE 25 mar thoradh ar na méaduithe suntasacha i gcaiteachas T&F in earnáil ardoideachais na hÉireann. Idir 2004 agus 2006, mheaitseáil an cóimheas déine caiteachais HERD do Éire, ag 0.40% de OTI, an cóimheas déine HERD meánach san AE-25 foriomlán.

Léiríonn **Figiúr 9** an fás i líon na dtaighdeoirí atá ag obair in ollscoileanna, institiúidí teicneolaíochta agus ranna acadúla gníomhacha T&F eile sa Stát idir 2000 agus 2006. Déanann na sonraí tagairt do choibhéis lánaimseartha (FTE) amháin, agus cé go bhfuil sonraí comhaireamh cinn ina athraitheach tábhachtach le tomhais, ní thugann siad pictiúr iomlán faoin méid ceart ama caite ar thaighde ag daoine le freagrachtaí eile acu ina gcuid post chomh maith lena gcuid taighde.

Tá méadú gasta tar éis teacht ar líon na dtaighdeoirí FTE ó 2000 go 2006. Tá líon iomlán na dtaighdeoirí FTE tar éis níos mó ná dúbailt ón 2,148 a taifeadadh i 2000 go 4,689 i 2006. Is mar gheall ar líon méadaithe de thaighdeoirí le cáilíochtaí PhD agus cáilíochtaí eile araon atá an méadú tar éis tarlú.


Idir 2004 agus 2006, d'ardaigh an líon iomlán de thaighdeoirí ardoideachais FTE ó 4,152 i 2004 go 4,689, méadú de 13%. I 2006, bhí cáilíocht PhD ag 54.6% de líon iomlán na dtaighdeoirí FTE. Tá 1,398 de na taighdeoirí san earnáil ardoideachais fostaithe i réimse an eolaíocht nádúrtha, le 1,108 gafa le innealtóireacht agus teicneolaíocht, agus 820 in eolaíochtaí leighis agus sláinte. Rinne taighdeoirí FTE sna léann daonna agus in eolaíocht sóisialta suas 26.7% den iomlán i 2007.

**Figiúr 10:**
**Higher Education Researchers (FTE) per thousand in total employment**




*Foinse: Forfás, Survey of R&D in the Higher Education Sector 2006 agus Main Science and Technology Indicators 2007 (OECD)*

**Figiúr 11:**
**Average Annual Growth Rates of Civil GBAORD for selected countries (2002-2007)**




*Foinsí: Forfás, State Expenditure on S&T and R&D 2006/2007 agus Main Science and Technology Indicators 2007 (OECD)*

Nuair a déantar comparáid go hidirnáisiúnta feidhmíonn Éire go réasúnta maith i dtéarmaí líon na dtaighdeoirí fostaithe in institiúidí tríú leibhéal na hÉireann. I dtéarmaí idirnáisiúnta bhí an 4,689 taighdeoir FTE a taifeadadh sa suirbhé HERD i 2006 cothrom le cóimheas de 2.2 taighdeoir FTE in aghaidh an mhíle i bhfostaíocht iomlán i 2006. Is é seo an méadrach inchomparáide idirnáisiúnta príomha a úsáideann an OECD chun tagarmharcáil a dhéanamh ar chur chun cinn líon na dtaighdeoirí (**Figiúr 10**).

D'ardaigh an cóimheas go gasta ó 1.2 i 2000 go 2.2 i 2004, mar a d'imigh an fás i líon na dtaighdeoirí FTE chun tosaigh ar an ardú i ngnóthachain fostaíochta foriomlán i ngach earnáil den gheilleagar. D'fhan an cóimheas seasmhach idir 2004 agus 2006, mar a mheaitseáil na gnóthachain fostaíochta láidir foriomlán tomhaiste sa gheilleagar foriomlán fás i líon na dtaighdeoirí FTE.

Ba cheart tabhairt faoi deara chomh maith nach n-áiríonn Éire mic léinn PhD mar 'thaighdeoirí' foireann-fhostaithe ní cosúil le cuid de thíortha eile an AE. I 2000 rangaíodh Éire sa 24ú áit as na 29 Stát OECD tagarmharcáilte. Faoi 2006 bhog seasamh na hÉireann go dtí an13ú áit.

Idir 2006 agus 2007, d'ardaigh fás ar chaiteachas T&F (GBAORD) an Rialtais thar gach earnáil fheidhmíochta faoi 16% measta i dtéarmaí praghais reatha, a léiríonn ardú i maoiniú le haghaidh T&F ó na gnóthachain de 8.2% postáilte i 2006. Áiríonn an GBAORD, mar atá sainmhínithe i Lámhleabhar Frascati an OECD, gach maoiniú ón státchiste agus ón AE le haghaidh tionscadail T&F agus do chaiteachas T&F ar na healaíona agus na léann daonna. Tá caiteachas an Rialtais ar T&F tar éis níos mó ná méadú faoi cheathair ó €221 milliún i 1997 go níos mó ná €900 milliún i 2007.

Léiríonn **Figiúr 11** na meán-rátaí fáis de GBAORD sibhialta (gan caiteachas cosanta T&F san áireamh) ó 2002-2007 le haghaidh roinnt tíortha OECD. Is é 16% an meán-ráta fáis i GBAORD sibhialta in Éirinn le 10 mbliana anuas. Rangaíodh Éire sa dara áit as 15 tír le haghaidh an meán-ráta fáis is airde de GBAORD sibhialta ó 2002 go 2007.

Cheadaigh méaduithe gasta i maoiniú T&F idir 2000 agus 2005, a bhí chun tosaigh ar mhéaduithe níos gasta fós de OTI, de chóimheas déine an GBAORD fás arís go 0.58% de OTI i 2005. I 2007 táthar ag súil go rachaidh an fás GBAORD de 16% atáthar ag súil leis chun tosaigh ar an fás measta in OTI ainmniúil i 2005. Mar thoradh táthar ag súil go bhfásfaidh an cóimheas déine GBAORD go 0.62% de OTI i 2007.

# Gníomhaíochtaí

| Feasacht | 22 |
| --- | --- |
| Straitéis le haghaidh Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht 2006-2013 | 23 |
| NanoIreland Technology Assessment | 23 |
| Athbhreithniú Luach ar Airgead de chuid Fondúireacht Eolaíochta Éireann | 24 |
| Comhairle Chomhairleach don Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht | 24 |
| – Gairmeacha Taighdeora | 24 |
| – Straitéisí Idirnáisiúnachais | 25 |
| – Taighde Sláinte | 25 |
| – Promoting Enterprise-Higher Education Relationships | 25 |
| – Lárionaid Inniúlachta | 25 |
| Comhaontuithe Comhoibrithe Teimpléid IP | 26 |
| Limistéar Taighde Eorpach | 26 |
| Seventh EU Framework Programme | 26 |
| Staitisticí Taighde agus Forbairt | 27 |
| Ról na nInstitiúidí Teicneolaíochta i bhForbairt Fhiontair | 27 |

| Daoine | 28 |
| --- | --- |
| Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna na Todhchaí | 29 |
| – Straitéis Náisiúnta Scileanna | 29 |
| – Future Skills Needs of the International Financial Services Industry | 29 |
| – Future Skills Needs of the Medical Devices Sector | 30 |
| – Future Requirement for High Level ICT Skills in the ICT Sector | 30 |
| – Survey of Selected Multi-National Employers' Perceptions of Certain Graduates from Irish Higher Education | 31 |
| – Comhoibriú Thuaidh/Theas ar Pholasaí Scileanna | 31 |
| – Aonad Taighde an Mhargaidh Saothair agus Scileanna FÁS | 31 |
| Aighneacht Forfás ar Thosaíochtaí Oideachais don Fhiontraíocht | 32 |
| An Chomhairle um Fhorbairt Bhainistíochta | 32 |
| Discover Science and Engineering | 32 |

| Fiontar | 36 |
| --- | --- |
| Grúpa Ardleibhéal na Déantúsaíochta | 37 |
| Grúpa Straitéise Seirbhísí | 37 |
| Seirbhísí agus Nuálaíocht | 38 |
| Infheistíocht Díreach Amach | 39 |
| Ráiteas Beartais ar Fhiontraíocht | 39 |
| Eolaíochtaí Saoil | 39 |
| Staidéar Earnálach ar Dheiseanna Fiontair i Seirbhísí agus Earraí Comhshaoil in Éirinn | 40 |
| Maoirseoir Ghnó | 40 |
| Cláir Oibre Straitéiseacha Réigiúnach | 41 |
| Deimhnas Ceantar Fiontraiochta | 41 |
| Business Networks Forum | 42 |
| Aighneacht Bhuiséid 2008 | 42 |
| Léargas ar Staitisticí Fiontraíochta | 42 |
| Suirbhéanna Fiontraíochta | 43 |

| Iomaíochas | 44 |
|---|---|
| An Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais | 45 |
| – Annual Competitiveness Report 2007: Volume 1, Benchmarking Ireland's Performance | 45 |
| – Annual Competitiveness Report 2007: Volume 2, Competitiveness Challenge 2007 | 45 |
| – Costs of Doing Business in Ireland, 2007 | 46 |
| – Athbreithniú Dea-bhail | 47 |
| – Review of International Assessments of Ireland's Competitiveness | 47 |
| – Comhdháil – Ath-choincheapú Iomaíochais na hÉireann | 48 |
| European Single Market review | 49 |
| Éascú Trádála | 49 |
| Indirbheartaíochtaí Trádála Idirnáisiúnta | 49 |
| Perspectives on Irish Productivity | 49 |
| Staidéir Táirgiúlachta | 50 |
| Cnámhscéalta Socheacnamaíocha | 50 |
| Earnáil Chomhoibríoch na hÉireann | 51 |
| An Fóram um Rialachán Gnó | 51 |

| Inbhuanaitheacht | 52 |
|---|---|
| Ag Measúnú na hImpleachtaí do Thionscal na hÉireann d'Athbhreithnithe ar Scéim Trádála Astuithe an AE | 53 |
| Ag Ionchorprú Costais Chomhshaoil ó Gháis Cheaptha Teasa i Múnla Measúnaithe Infheistíochta na nGníomhaireachtaí Forbartha | 53 |
| Grúpa Comhairleach Leithdháilte Náisiúnta (NAAG) | 54 |
| Cain Charbóin/$CO_2$ | 54 |
| Grúpa Oibre um Athrú Aeráide IEA | 54 |
| Polasaí Bonneagair 2007 | 55 |
| – Electricity Benchmarking Analysis and Priorities | 55 |
| – Ireland's Broadband Performance and Policy Requirements | 55 |
| – Waste Management in Ireland: Benchmarking Analysis and Policy Requirements | 56 |
| – Calafoirt | 56 |
| Creatlach Fadtéarma do Pholasaí Fuinnimh | 57 |
| Next Generation Networks | 57 |



feasacht

# Feasacht


Braitheann forbairt gheilleagrach na hÉireann ar dheiseanna nuálaíocha a úsáid, éascaithe ag bonn taighde agus forbartha láidir.

Tá Éire tar éis céimeanna suntasacha a thógáil maidir le timpeallacht taighde láidir a bhunú, bunaithe ar shármhaitheas eolaíochta a thógáil i réimsí le cumas straitéiseacha. An cuspóir atá againn anois ná cinntiú go n-oibríonn eolaíocht agus teicneolaíocht le haghaidh fiontar agus Éire, ag úsáid nuálaíocht agus acmhainní T&F chun táirgiúlacht a fheabhsú agus chun táirgí nua a thráchtáil agus iad a thógáil chun margaidh.

Leanann Forfás ar aghaidh ag obair leis an Rialtas, SFI, IDA Ireland agus Enterprise Ireland chun na tiomantais infheistíochta atá leagtha amach sa Straitéis le haghaidh Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht 2006-2013 a bhaint amach.

*Sa ghrianghraf ag seoladh Research and Development Performance in the Business Sector Ireland 2005/6 sa Long Room, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, bhí an t-iar-Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Micheál Martin TD agus Martin Cronin, Príomhfheidhmeannach, Forfás.*

# Struchtúr Rialachais STI




* Na hAirí Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Aire Airgeadais; Aire Sláinte agus Leanaí, Aire Oideachas agus Eolaíochta; Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha; Aire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia; agus Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

** Roinn an Taoisigh, An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (RFTF), An Roinn Airgeadais, An Roinn Sláinte agus Leanaí, An Roinn Oideachas agus Eolaíochta (ROE),An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

## Straitéis le haghaidh Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht 2006-2013

Tríd 2007, d'obair Forfás go dian leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (RFTF), an tÚdarás um Ard-Oideachas (HEA), Oifig an Ard-Chomhairleora Eolaíoch agus ranna Rialtais eile chun tacaíocht a thabhairt don Straitéis le haghaidh Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht.

D'fhormheas an Rialtas an Straitéis le haghaidh Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht 2006-2013 i Meitheamh 2006. Leagann an Straitéis amach spriocanna ar leith le haghaidh fás taighde agus forbartha na hÉireann go 2013.

## NanoIreland Technology Assessment

I rith 2007, chomhlánaigh Forfás measúnú ar nanaitheicneolaíocht don Roinn Fiontair, Trádala agus Fostaíochta. Ghlac Forfás an Measúnú Teicneolaíochta de lámh chun roghanna infheistíochta agus polasaithe a aithint le haghaidh forbairt agus feidhmiú nanaitheicneolaíocht rathúil in Éirinn.

Thug Grúpa Stiúrtha, (faoi chathaoirleacht Mike Devane ó Lucent Technologies) agus déanta suas d'ionadaithe ón tionscal, taighde agus ón Rialtas, tacaíocht do Forfás maidir le scóip agus forfheidhmiú an tionscadail, a comhlíonadh ar bhonn uile-Éireann. Rinne trí phainéal saineolach oibre forbairt ar chásanna todhchaí-dhírithe i réimse na nanaileictreonaic, nanaibhiteicneolaíocht agus nana-ábhair. Rinne na cásanna seo mór-thiománaithe sóisialta, teicneolaíochta, geilleagracha, comhshaoil, polaitiúil, luachanna, eolaíochta, (STEEP_V_S) a chuimsiú.

Rinne an TA scrúdú ar phríomh-réimsí forbartha i nanaieolaíocht agus nanaitheicneolaíocht in Éirinn agus cuireadh béim ar an riachtanas le haghaidh:

- A dhóthain daoine le saineolas, gur féidir leo obair i réimsí teicneolaíochta speisialtóireachta agus coinbhéirsigh agus atá ábalta an cruthaitheacht ar a mbraitheann forbairtí sa todhchaí a thabhairt isteach;
- Ár mbonn feasachta a mhéadú agus tógáil ar shaineolas agus áiseanna acadúla áitiúil atá ann cheana féin chun bheith mar fhócas idirnáisiúnta le haghaidh na taighdeoirí is fearr agus is éirimiúla;

- Bonneagar fisiceach feabhsaithe ar féidir leis tacaíocht a thabhairt do thaighde T&F a chuirfidh taca faoin nuálaíocht;
- Timpeallacht tacúil le haghaidh forbairt fhiontair i gcomhlachtaí ar féidir leo forbairt agus táirgí cumasaithe do nanaitheicneolaíocht a tháirgeadh;
- Cothú pobal oilte agus liteartha san eolaíocht ar féidir leo páirt a ghlacadh i bplé oscailte agus feasach faoi chumas an nanaitheicneolaíocht inár gcaighdeán maireachtála a fheabhsú agus bainistíocht a dhéanamh ar aon rioscaí comhthreomhara; agus
- Córais tacaíochta náisiúnta le haghaidh maoiniú, rialachas, rialúchán agus cumarsáid chun cruth a chur ar an timpeallacht sóisialta, eacnamaíoch agus ghnó le haghaidh tógáil margaidh cruthaitheach T&F.

Léirigh an tuarascáil roghanna chun a chinntiú go bhfuil Éire lonnaithe go maith chun leas a bhaint as an poitéinsiúil a chuireann nanaieolaíocht agus nanaitheicneolaíocht ar fáil. Tá na roghanna seo á fhorbairt a thuilleadh ar iarratas an Coiste Idir-Rannach um Eolaíocht agus Teicneolaíocht (IDC).

## Athbhreithniú Luach ar Airgead de chuid Fondúireacht Eolaíochta Éireann

Forfás is participating in the Value for Money Review of Tá Forfás ag glacadh páirt in Athbhreithniú Luach ar Airgead de chuid Fondúireacht Eolaíochta Éireann ar iarratas an na Roinne Fiontair, Trádala agus Fostaíochta. Tá Forfás mar bhall den gCoiste Stiúrtha Athbhreithnithe, leis an Roinn Fiontair, Trádala agus Fostaíochta mar chathaoirleach, agus áirítear an Roinn Airgeadais, Cumann na nOllscoileanna Éireannacha agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann ina measc.

Tá an t-athbhreithniú bainteach den chuid is mó leis an dá chlár maoinithe mór atá ag SFI (na Scéimeanna do Phríomh-thaighdeoirí agus na hIonaid le haghaidh Eolaíocht, Innealtóireacht agus Teicneolaíocht – CSETanna). Cuirfidh sé moltaí chun cinn, áit is cuí, ar an éifeachtacht fhoriomlán atá ag tacaíochtaí na fondúireachta i gcóras den scoth a thógáil in Éirinn, ag díriú ach go háirithe ar an cheist faoi an féidir leis na cláir, mar atá siad ag feidhmiú, bheith mar luach ar airgead agus an úsáid éifeachtach de chistí poiblí iad.

Comhlánóidh torthaí an athbhreithnithe luachália polasaí an SFI a rinne Forfás don Roinn Fiontair, Trádala agus Fostaíochta i 2005, SFI – The First Years. Tá an tAthbhreithniú deiridh le bheith comhlánaithe sa chéad leath de 2008.

## Comhairle Chomhairleach don Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht

Is í an Chomhairle Chomhairleach don Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht (ASC) an comhlacht comhairlithe ardleibhéil atá ag Rialtas na hÉireann maidir le ceisteanna polasaí bainteach le heolaíocht, teicneolaíocht agus nuálaíocht (STI). Is í an príomh-chomhéadan idir geallsealbhóirí agus lucht déanta polasaí sa réimse STI. Déanann an Chomhairle suas cuid de struchtúr rialachais an STI in Éirinn a áiríonn an Coiste Idir-Rannach le haghaidh STI agus an Príomhchomhairleoir Eolaíoch an Rialtais, An tOll Patrick Cunningham. Déanann an coiste comh-aireachta don STI maoirseacht ar an struchtúr rialachais, leis an Taoiseach mar chathaoirleach. (Féach leathanach 23).

Is é sainchúram na Comhairle ná cur le forbairt agus soláthar straitéise STI atá comhleanúnach agus éifeachtach, agus comhairle a chur ar an Rialtas i dtaobh beartais mheántréimhsigh agus fhadtréimhsigh do STI agus ábhair choibhneasacha. I rith 2007 bhí an Chomhairle ag obair ar raon leathan réimsí tosaíochta chun cur leis an sprioc seo.

**Gairmeacha Taighdeora**

**Straitéisí Idirnáisiúnachais**

**Taighde Sláinte**

**Promoting Enterprise – Higher Education Relationships**

**Lárionaid Inniúlachta**

### Gairmeacha Taighdeora

Díríonn an staidéar seo, faoi stiúir an tOll. Dolores Cahill, ar na baic ar fhorbairt ghairm bheatha atá ann le haghaidh taighdeoirí laistigh den timpeallacht acadúil, taighde poiblí agus fhiontair.

Leagann an Straitéis do STI amach an sprioc go mbeidh “aitheantas idirnáisiúnta ag Éire faoi 2013 as ucht sármhaitheas a cuid taighde, agus beidh sí chun tosaigh i nginiúint agus in úsáid na feasachta nua le haghaidh dul chun cinn geilleagrach agus sóisialta, laistigh de chultúr á thiomáint ag an nuálaíocht”. Tosaíodh an staidéar de bharr imní go bhféadfadh baint amach na sprice seo a bheith bactha mura bhfuil go leor struchtúir ghairm bheatha tarraingteacha ann do thaighdeoirí in Éirinn agus na fadhbanna a d’fhéadfadh a bheith mar chúis aige seo i ndaoine a mhealladh isteach i ngairm bheatha ag staid luath nó taighdeoirí thar lear a mhealladh.

Déanann an staidéar scrúdú ar an slí go bhforbraíonn gairm bheatha taighdeoirí in Éirinn, féachann sé ar threo ghairm bheatha taighdeoirí, lena n-áirítear ceisteanna inscne agus soghluaisteachta agus déantar comparáid idir an cás in Éirinn agus tíortha eile lena n-áirítear an Chóiré, an tSualainn agus an RA. Comhlíonadh comhairliúchán ar scála mór le pobal na dtaighdeoirí Éireannacha, ag úsáid suirbhé bunaithe ar an idirlíon, agus áiríonn an staidéar sraith agallaimh agus cás-staidéir léiriúcháin.

Foilseofar an staidéar i 2008.

### Straitéisí Idirnáisiúnachais

I rith 2007 thosaigh an ASC staidéar chun scrúdú a dhéanamh ar nádúr agus láidreacht naisc foirmiúla agus neamh-fhoirmiúla STI Éirinn agus measúnú a dhéanamh ar ranníocaíocht na naisc seo go baint amach na spriocanna leagtha amach sa Straitéis do STI. Meastar go dtabharfaidh an staidéar cúnamh i leith cinnteoireacht ar:

- Eagraíochtaí agus áiseanna STI idirnáisiúnta arna cheart do thaighdeoirí agus fiontar Éireannach a bheith coibhneasach;
- Tíortha ar cheart d'Éire naisc STI a chothú leo; agus
- Comhoibrithe eile (ag leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta) ar cheart a chuir san áireamh.

### Taighde Sláinte

I ndiaidh moladh i dtuarascáil na Comhairle *Towards Better Health: Achieving a Step Change in Health Research in Ireland*, seolta i 2006, bunaíodh Grúpa Taighde Sláinte (HRG) faoi choimirce an Coiste Idir-Rannach do STI. Soláthraíonn Forfás taighde rúnaíochta don Ghrúpa, a bhfuil an Roinn Sláinte agus Leanaí mar chathaoirleach air.

Tugann an HRG comhairle don IDC ar fhoirmiú agus conas straitéis taighde sláinte uileghabhálach a chur i ngnímh lena n-áirítear:

- Obair go cóngarach leis na gníomhaireachtaí forbartha fiontair oiriúnacha agus príomh-gheallsealbhóirí san earnáil sláinte i bhfoirmiú a gcuid moltaí; agus
- Éascú a dhéanamh ar chur chuige idir-rannach agus idir-ghníomhaireachta soiléir ar cheisteanna bainteach le taighde sláinte.

Tá an HRG, i gcomhar le Forfás, ag obair ar thionscadal chun measúnú a dhéanamh ar nádúr, caighdeán agus réim an taighde sláinte atá á chomhlíonadh in Éirinn le caiteachas san áireamh agus an poitéinseal chun Clár Taighde Sláinte Náisiúnta a bhunú.

### Promoting Enterprise – Higher Education Relationships

Sheol an Chomhairle Chomhairleach Eolaíochta *Promoting Enterprise-Higher Education Relationships* i 2007. Rinne an tuarascáil athbhreithniú ar an gcaidreamh idir fiontar agus institiúidí ardoideachais (AO) in Éirinn agus i roinnt tíortha inchomparáide.

D'aimsigh an athbhreithniú an dá phríomh-bhac ar fhorbairt taighde Fiontair ard-oideachais; tá cumas forbartha íseal i dtaobh fiontraíocht do thaighde ag comhoibrithe in Éirinn, agus tá bearna i dtaighde fheidhmigh a bhfuil rochtain ag fiontair orthu go héasca. Cuireadh moltaí na Comhairle i láthair don Choiste Idir-Rannach ar Eolaíocht agus Teicneolaíocht. Bhunaigh an Chomhairle tascfhórsa ó shin chun tabhairt faoin gcumas forbartha íseal i dtaobh fiontraíochta de do thaighdeoirí PhD. D'fhorbair Technology Ireland, atá mar chuid de struchtúr feidhmithe SSTI, múnla do lárionaid inniúlachta um thaighde fheidhmigh faoi stiúir tionsclaíoch, atá á chur i bhfeidhm anois ag IDA Ireland agus Enterprise Ireland.

### Lárionaid Inniúlachta

Le linn 2007 thug Forfás tacaíocht do IDA Ireland agus Enterprise Ireland maidir le cur i ngnímh an Tionscnaimh um Lárionad Inniúlachta, ag tógáil ar phríomh-mholtaí a rinne an ASC ina thuarascáil *Promoting Enterprise-Higher Education Relationships*.

Is aonáin comhoibríocha iad Lárionaid Inniúlachta atá bunaithe agus stiúrtha ag tionscal agus le acmhainní ó thaighdeoirí le ard-cháilíochtaí bainteach le hinstitiúidí taighde a ghlacann le taighde straitéiseach dírithe ar an margadh ar son leasa an tionscail. An príomhchuspóir atá ag Tionscnamh an Lárionaid Inniúlachta ná buntáiste iomaíochais a thógáil do thionscal in Éirinn trí rochtain a fháil ar chumas nuálaíoch an pobail taighde. Beidh díriú fisiceach, neamhspleách agus tiomantas maoinithe fadtéarmach de thart ar €2 mhilliún in aghaidh na bliana ón Stát le haghaidh cúig go hocht mbliana ag na lárionaid.

Glacfaidh na Lárionaid Inniúlachta páirt i dtaighde ar ardchaighdeán ar chlár oibre fiontair, ag giniúint maoine intleachta agus feasachta, ar féidir a thráchtáil ar son leasa a bhaill agus an geilleagar áitiúil. Sa bhreis ar seo, tríd a ghníomhachtaí traenálfar agus aistreofar scileanna go taighdeoirí agus ardófar cumas teicneolaíochta a bhallraíocht agus an pobal fiontraíochta níos leithne. Tá cúig ionad á bhunú faoi láthair, agus tá siad ag an staid pleanála.

## Comhaontuithe Comhoibrithe Teimpléid IP

Léiríonn An *National Code of Practice for Managing and Commercialising Intellectual Property from Public-Private Collaborative Research*, a d'fhoilsigh an ASC i Samhain 2005, an staid polasaithe náisiúnta maidir le bainistíocht a dhéanamh ar mhaoin intleachta i socruithe taighde comhoibrithe.

De réir an Cód, d'fhorbair agus d'fhoilsigh Forfás comhaontuithe comhoibrithe teimpléid déthaobhaigh le haghaidh úsáid le tionscal agus comhpháirtithe acadúla i dtionscadail comhthaighde. Tá an Comhaontú Teimpléid deartha chun cúnamh a thabhairt do na páirtithe agus éascú a dhéanamh ar chomhaontú a shroicheadh i mbealadh éifeachtach ag úsáid forálacha molta agus eolas i dteannta le mion-nótaí mínitheacha.

## Limistéar Taighde Eorpach

Thug Forfás tacaíocht don Roinn Fiontair, Trádala agus Fostaíochta i 2007 chun cúnamh a thabhairt freagairt Éire go Páipéar Glas ar an Limistéar Taighde Eorpach (ERA) a ullmhú. Foilsithe ag an Coimisiún Eorpach, rachaidh an Páipéar Glas i dtreo raon tionscadail sna blianta atá le teacht chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chóras taighde an Eoraip a fhorbairt agus ballstáit a spreagadh chun comhordú a dhéanamh ar a gcuid infheistíochta i dtaighde. I gcomhthéacs Straitéise Liospóin, beidh an Coimisiún Eorpach ag cur béim athnuaite ar an ERA. Tá sí mar aidhm ag an ERA díriú ar ilroinnt i gcóras taighde an Eoraip ionas gur féidir déileáil le heasnaimh taighde le páirtithe domhanda móra agus cinntiú gur féidir leis an Eoraip leanúint ar aghaidh ag freagairt ar dhúshláin sochaíocha tábhachtacha.

Bhí Forfás i gcomhairle leis an pobal taighde Éireannach in ollscoileanna agus i dtionscal chun ionchur go freagairt náisiúnta ar an bPáipéar Glas a ullmhú. Áiríodh ceardlann geallsealbhóirí sa chomhairliúchán in Iúil 2007. Bunaithe ar an aiseolas a fuarthas, thug Forfás cúnamh freagra a ullmhú ar an bPáipéar Glas a thacaigh an Coiste Idir-Rannach ar Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht ina dhiaidh sin.

Léiríonn an freagairt náisiúnta leibhéal ard cosúlachta idir fís an ERA agus Straitéis do Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht de chuid na hÉireann. Tá sé ar mhaithe le hÉire a bheith mar chuid de Limistéar Taighde Eorpach a fheidhmíonn go maith agus go bhfuil Éire oscailte don chuid is mó de na smaointe curtha chun tosaigh ag an gCoimisiún. Nuair a bhí Éire ag freagairt ar an bPáipéar Glas, cuireadh béim ar phrionsabail áirithe ar cheart buntacú le polasaí taighde ag an leibhéal Eorpach lena n-áirítear:

- An gá atá ann le haghaidh léiriú soiléir den luach breise atá ag aon tionscnamh nua atá á mholadh ag an leibhéal Eorpach ag cuimhneamh ar phrionsabal na coimhdeachta a threoraíonn polasaí i ngach réimse.
- An gá atá ann le haghaidh cur chuige solúbtha i ngach cás chun na tosaíochtaí éagsúla a bhíonn ag na ballstáit a thabhairt san áireamh agus an fhíric go bhfuil na ballstáit in iomaíochas go domhanda le haghaidh an eolaíocht is fearr agus na taighdeoirí is fearr.
- An cumas atá ag eagraíochtaí maoinithe taighde, an pobal taighde agus an earnáil fhiontar gléasanna agus tionscnaimh nua a ionsú ag leibhéal na hEorpa, go háirithe ag tabhairt san áireamh an réimse leathan tionscnaimh atá á lainseáil cheana féin laistigh de chomhthéacs an FP7.
- An tábhacht a bhaineann le breathnú a dhéanamh ar an ngné fiontair i bpolasaí taighde na hEorpa (áit a táthar ag súil go ndéanfaidh fiontar suas dhá thrian den sprioc 3% foriomlán) agus breathnú go háirithe ar an comhtháthú atá idir polasaí taighde agus polasaí nuálaíochta.

## Seventh EU Framework Programme

Seoladh FP7, the Seventh EU Framework Programme, ag deireadh 2006 le buiséad de níos mó ná €50 billiún ag clúdach an tréimhse 2007-2013. Tógann FP7 ar chláir a bhí ann roimhe sin agus leanann sé ar aghaidh ag díriú ar thaighde comhoibrithe tras-náisiúnta agus soghluaisteacht taighdeoirí. Maidir le scála agus scóip araon, tá FP7 ar an gClár Creatlaí is uaillmhianaí go dtí seo. Tá roinnt

tionscnamh nua bainteach leis an gclár lena n-áirítear an Chomhairle Taighde Eorpach (ERC) chun luaíocht a thabhairt ar bharr feabhais i dtaighde teorainn agus Chomh-Thionscnaimh Theicneolaíochta nua faoi threoir thionscal.

Is comhpháirtíochtaí phríobháideach-phoiblí ar luach il-bhilliúin euro iad na Comh-Thionscnaimh Theicneolaíochta (JTIanna) chun dul i ngleic le cláir oibre taighde i réimsí le tábhacht straitéiseach le haghaidh iomaíochas Eorpach. I 2007, aontaíodh JTIanna i réimsí leighis nuálaíocha, nanaileictreonaic, córais leabaithe agus aerloingseoireacht. Táthar ag súil go molfaidh an Coimisiún Eorpach tuilleadh JTIanna sna blianta atá le teacht.

Chuir Forfás tacaíocht ar fáil do OSTI ar na gnéithe seo agus gnéithe eile de FP7 a bhí mar ábhar idirbheartaíochta polaitiúil i 2007.

D'obair Forfás leis an Stiúrthóir Náisiúnta do FP7 chomh maith, bunaithe in Enterprise Ireland, chun spriocanna a fhorbairt le haghaidh rannpháirtíocht na hÉireann sa chlár. Bunaithe ar an obair seo, thug an Fo-Choiste Comh-aireachta do STI tacaíocht do mholadh gur cheart d'Éire a tarraingt anuas sprice ó FP7 a ardú ó €400 milliún go €600 milliún thar saolré an chláir. Ionchorpraíodh an sprioc athbhreithnithe isteach i sraith spriocanna níos leithne bainteach leis an Straitéis do STI.

Léiríonn na táscairí tosaigh ón maoiniú dáilte i 2007 rannpháirtíocht láidir ó thaighdeoirí agus gnóthais Éireannacha. Tá ráta rathúlachta na hÉireann (an comhréir de na tionscadail maoinithe) ag 23.4% chun tosaigh ar mheán an AE (21.2%). Tá an maoiniú a fuair taighdeoirí Éireannacha sa chéad bhliain den chlár (níos mó ná 1.1% den maoin dáilte) i gcomhréir leis an sprioc ardaithe a leagadh amach don chlár foriomlán.

## Staitisticí Taighde agus Forbairt

Bhailigh Forfás sraith staitisticí maidir le gníomhaíocht taighde agus forbairt in Éirinn thar ceann na Roinne Fiontair, Trádala agus Fostaíochta. I 2007, d'eisigh Forfás figiúirí ar leibhéil infheistíochta i T&F a rinne gnóthaí in Éirinn i *Research and Development Performance in the Business Sector 2005/*6. Rinne *The Higher Education R&D Survey 2006* taifeadadh ar an taighde agus forbairt a chaith an earnáil ardoideachais agus imlíníodh caiteachas Stáit ar thaighde ar eolaíocht agus teicneolaíocht i The Science Budget 2006/2007. D'fhoilsigh Forfás leabhrán chomh maith dar teideal *Research and Development Statistics in Ireland, at a Glance*, a chomhordaíonn gach príomh-staidreamh T&F. Cuirtear forbhreathnú de na sonraí ar fáil sa rannóg Táscairí Gníomhaireachta de chuid an Forbhreathnú Staidrimh seo.

## Ról na nInstitiúidí Teicneolaíochta i bhForbairt Fiontraíochta

D'fhoilsigh Forfás *Review of the Role of the Institutes of Technology in Enterprise Development* i 2007. An aidhm a bhí ag an athbhreithniú ná forbairt a dhéanamh ar phictiúr uileghabhálach de na tionscnaimh agus na gníomhaíochtaí atá ar fáil sna hInstitiúidí Teicneolaíochta (IoT) chun tacaíocht a thabhairt do fhás fiontair.

Léirigh an tuarascáil cuntais shonraithe de gach réigiún agus rinneadh measúnú ar na gníomhaíochtaí i ngach IoT faoi na ceannteidil seo a leanas:

- Pleanáil Straitéiseach;
- Oideachas agus Oiliúint;
- Taighde;
- Comhoibriú;
- Foirmiú Comhlachta; agus
- Acmhainní.

Aithníonn an staidéar roinnt mhaith ceisteanna le haghaidh tuilleadh breathnaithe a d'fhéadfadh feabhas a chur ar ról na nInstitiúidí i bhforbairt fiontair:

- Aithint a thabhairt do gach leibhéal de rannpháirtíocht IoT le fiontair lena n-áirítear earcú céimnithe, traenáil le haghaidh pearsanra comhlachta, T&F agus gníomhaíochtaí seachthairbhe.
- An gá atá le feabhas a chur ar sholúbthacht IoT maidir le comhlíonadh na riachtanas tionscail.
- An gá atá le cur chuige níos straitéisí le hionchur tionscail go próiseas pleanála IoT a chinntiú, agus an ról chriticiúil atá ag gníomhaireachtaí forbartha fiontair anseo.
- Na riachtanais polasaí le haghaidh an slí is fearr chun tacaíocht a thabhairt d'éabhlóidiú IoT chun freastal ar na riachtanais oideachais mhéadaithe atá ag daoine fostaithe agus iad ag leanúint ar aghaidh ag déileáil le riachtanais bhonn na mac léinn níos traidisiúnta.



# Daoine

Tá scileanna, solúbthacht agus eolas ár ndaoine ar ceann de na buntáistí is mó atá ag Éire ó thaobh an iomaíochais de agus tá infheistíocht leanúnach i bhforbairt ár ndaoine riachtanach le go bhfásfaimid. Beidh rathúlacht na ngnólachtaí agus an gheilleagair sna blianta atá romhainn ag brath ar eolas agus ar na daoine a scaipeann sonraí, léargas, iomas agus taithí, a chuireann in oiriúint iad agus a bhaineann úsáid astu le luach a chruthú.

Leagann an Straitéis Náisiúnta Scileanna amach na spriocanna agus na cuspóirí nach mór a bhaint amach le freastal ar riachtanais an mhargaidh saothair atá ag athrú. Trí na cuspóirí atá leagtha amach sa straitéis a bhaint amach cinnteofar go mbeidh Éire in ann freagairt go tapa i dtimpeallacht gheilleagrach atá ag athrú agus go mbeidh na scileanna aici le fiontar na todhchaí a mhúnlú.

Leanann Forfás ar aghaidh ag tacú le forbairt ár ndaoine agus le cur i bhfeidhm na Straitéise Náisiúnta Scileanna trí hobair an tSainghrúpa ar Riachtanas Scileanna na Todhchaí, an Chomhairle um Fhorbairt Bhainistíochta agus Clár Discover Science and Engineering.

daoine

*Ag seoladh an tuarascáil EGFSN Future Skills and Research Needs of the International Services Industry bhí an t-iar-thaoiseach Bertie Ahern TD agus Anne Heraty, Cathaoirleach an tSainghrúpa ar Riachtanais Scileanna na Todhchaí.*

## Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna na Todhchaí

Cuireann Forfás tacaíocht taighde agus rúnaíochta ar fáil don Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna na Todhchaí (EGFSN).

I mí Bealtaine 2007, d'fhógair an t-iar-Aire Fiontair, Trádála & Fostaíochta, Micheál Martin TD, ballraíocht nua an EGFSN. D'aontaigh an tAire Martin agus an t-iar-Aire Oideachais agus Eolaíochta, Mary Hanafin TD ar shainordú nua, a chlúdódh an tréimhse 2007-2009. Cinnteoidh an Grúpa agus é ag tabhairt comhairle don Rialtas go soláthrófar do riachtanais an mhargaidh saothair trí:

- Aon ghá le hathruithe polasaí nó struchtúrtha a thagann chun cinn a aithint;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtúlacht agus luach na gclár feidhmíochta agus na gcóras seachadta atá ar bun le riachtanais scileanna náisiúnta a riar;
- Foghlaim fadsaoil a chur chun cinn diaidh ar ndiaidh agus;
- Leas a bhaint as forbairtí ábhartha ar fud an domhain.

I rith 2007 d'oibrigh an EGFSN ar:

**Straitéis Náisiúnta Scileanna**

**Future Skills and Research Needs of the International Financial Services Industry**

**Future Skills Needs of the Medical Devices Sector**

**Future Requirement for High Level ICT Skills in the ICT Sector**

**Survey of Selected Multi-National Employers' Perceptions of Certain Graduates from Irish Higher Education**

**Comhoibriú Thuaidh/Theas ar Pholasaí Scileanna**

**Aonad Taighde an Mhargaidh Saothair agus Scileanna FÁS**

### Straitéis Náisiúnta Scileanna

I mí Márta 2007, sheol an tAire Martin agus an tAire Hanafin an tuarascáil EGFSN, *Tomorrow's Skills: Towards a National Skills Strategy*. Leagann an tuarascáil amach fís maidir le scileanna agus gnóthú oideachais suas go 2020 a chabhródh le buntáiste an fhiontair in Éirinn ó thaobh an iomaíochais sa todhchaí de a bhaint amach agus a chuirfeadh feabhas ar fhás ar tháirgiúlacht agus caighdeáin mhaireachtála na todhchaí.

Leagann an tuarascáil amach spriocanna sonracha do phróifíl scileanna na hÉireann i 2020, agus sprioc de cháilíochtaí tríú nó ceathrú leibhéil ag 45% den daonra aige. Leag an EGFSN amach cuspóirí sonracha, lenar áiríodh scileanna 500,000 daoine laistigh den fhórsa saothair a mhéadú ag leibhéal amháin ar an gCreatlach Náisiúnta Cáilíochtaí ar a laghad, an céatadán de dhaoine a chríochnaíonn an Ardteistiméireacht a mhéadú go 90% faoi 2020 agus an líon a théann ar aghaidh ón dara leibhéal go dtí an tríú leibhéal a mhéadú go 72% faoi 2020.

Trí mheán a chuid oibre le EGFSN i 2007, lean Forfás air ag tacú leis an Roinn Fiontair, Trádala agus Fostaíochta agus leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus comhlachtaí faoina gcoimirce a bhfuil baint acu le soláthar oideachais agus oiliúna atá maoinithe ag an Stát, maidir leis an Straitéis Náisiúnta Scileanna a chur i bhfeidhm.

Ar iarratas na Roinne Fiontar, Trádala agus Fostaíochta, thug Forfás faoi thuilleadh taighde ar mheicníochtaí féideartha le fostóirí agus fostaithe a spreagadh chun páirt a ghlacadh in oideachas agus oiliúint agus tabharfaidh sé tuairisc don Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta i 2008.

### Future Skills and Research Needs of the International Services Industry

I mí na Nollag 2007, sheol an t-iar-thaoiseach, Bertie Ahern TD, an tuarascáil *Future Skills and Research Needs of the International Financial Services Industry* a d'ullmhaigh an EGFSN. D'fhoilsíodh an tuarascáil ar iarratas an Ghrúpa Tí Imréitigh ag Roinn an Taoisigh leis na scileanna a aithint a bheadh ag teastáil chun tacú le forbairt leanúnach an Tionscail Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta i gcomhpháirt leis an Rialtas agus na Gníomhaireachtaí Forbartha Stáit.

Aithníonn an tuarascáil roinnt réimsí tosaíochta um fhorbairt scileanna amach anseo lena n-áirítear:

- Cinntiú go bhfuil cúrsaí fochéime suas chun dáta agus go bhfuil siad ábhartha do riachtanais an tionscail agus níos mó speisialtóireachta a fhorbairt ag leibhéal iarchéime. Tá éileamh ach go háirithe ar scileanna matamaitice ardleibhéil, scileanna cainníochtúla, scileanna bainistíochta riosca agus scileanna achtúireacha.
- Dul i ngleic leis an bhfadhb maidir le coimeád foirne i roinnt fo-earnálacha, a mbíonn tionchar diúltach aici ar chostas agus éifeachtúlacht.
- Acmhainn thaighde na seirbhísí airgeadais idirnásiúnta in Éirinn a mhéadú.
- An ailíniú idir soláthraithe oideachais agus oiliúna agus riachtanais an tionscail a méadú, agus díriú níos mó ar shainréimsí a d'fhéadfadh inniúlachtaí ar leith a sheachadadh.

Leag an tuarascáil amach go soiléir 'na chéad chéimeanna eile' a bheadh ag baint le gach moladh agus iad sainithe go soiléir agus tá tús curtha leis na moltaí sin a chur i bhfeidhm. D'iarr an tÚdarás um Ard-Oideachais freagraí ó institiúidí ardoideachais a bhfuil baint acu leis an réimse seo gníomhaíochta. Ina dhiaidh sin reáchtálfar fóram a thabharfaidh le chéile an lucht tionscail agus an lucht acadúil i 2008.

### Future Skills Needs of the Medical Devices Sector

I 2007, thug Forfás ar son an EGFSN, faoi thaighde fairsing le riachtanais scileanna Earnáil na bhFeistí Leighis in Éirinn suas go 2013 a aithint. Déanann Future Skills Needs of the Medical Devices Sector, a d'fhoilsíodh i 2008, moltaí le cinntiú go dtacóidh scileanna le forbairt agus fás leanúnach an tionscail. Tugadh faoin taighde seo ar iarratas Enterprise Ireland agus Comhairle Teicneolaíochtaí Míochaine na hÉireann.

Tugann an taighde le fios go leanfaidh an gá le daoine le scileanna innealtóireachta, eolaíochta, teicneora, díolacháin agus ceannacháin ar aghaidh ag méadú agus go dtiocfaidh méadú freisin ar an éileamh orthu siúd atá cáilithe go leibhéal Máistreachta agus PhD. Déanann an Sainghrúpa roinnt moltaí sonracha chun a chinntiú go mbeidh an leibhéal ceart scileanna agus saineolais ag an earnáil le dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le tionscal atá ag athrú:

- Lárionad Feabhais i nDéantúsaíocht Feistí Leighis a bhunú sa chóras ardoideachais le scileanna a fhorbairt atá ag teastáil um uathoibriú, déantúsaíocht bharainneach agus bainistíocht cháilíochta;
- Scileanna oibreoirí, díolamóirí agus teicneoirí thar na trí bliana seo chugainn trí mheán tionscal oiliúna a bheidh an tionscal i gceannas orthu agus a thacóidh an Stát leo;
- Oibreoidh institiúidí ardoideachais i dtreo Institiúid Oideachais Iarchéime ceathrú leibhéal a fhorbairt i nuálaíocht na bhfeistí leighis;
- Cúrsa Máistreachta i nGnóthaí Rialála a thabhairt isteach chomh maith le Dioplóma Iarchéime nó cáilíocht Mháistreachta i dtrialacha cliniciúla a dhearadh, a bhainistiú agus a dhéanamh;
- Cúrsa gairmiúil páirtaimseartha a fhorbairt do shaineolaithe feistí leighis a chlúdóidh ábhair mar eacnamaíocht cúram sláinte agus aisíocaíocht, gnóthaí rialála agus maoin intleachtúil; agus
- Cur le soláthar na bhfiontraithe éifeachtúla trí chláir oideachais agus oiliúna a chur ar fáil atá bunaithe ar mhúnlaí den dea-chleachtas in Éirinn agus i SAM.

### The Future Requirement for High Level ICT Skills in the ICT Sector

I 2008, d'fhoilsigh an EGFSN an tuarascáil *The Future Requirement for High Level ICT Skills in the ICT Sector*. Ba í aidhm an staidéir seo ná na riachtanais scileanna ardleibhéil san earnáil don todhchaí a shainiú maidir le cainníocht, cáilíocht agus éagsúlacht, agus na gníomhartha a aithint a bheidh ag teastáil chun a chinntiú go dtacóidh soláthar na scileanna seo le fás féideartha na hearnála.

Tá an cor chun feabhais san earnáil TFC ó 2001 tacaithe ag teacht chun cinn comhlachtaí tosaigh a bhfuil úinéirí Éireannacha orthu agus ag infheistíocht leanúnach isteach. Bhog an earnáil, a fhostaíonn thart ar 70,000 duine faoi láthair, isteach i ngníomhaíochtaí a bhfuil níos mó breisluacha ag baint leo. Tá éileamh an mhargaidh saothair ar scileanna TFC ag éirí níos géire in Éirinn agus ar fud an domhain.

Faigheann an tuarascáil nach mbeidh soláthar tuartha céimithe ardoilte ríomhaireachta agus innealtóireachta sa tír seo amháin dóthanach le freastal d'éileamh go dtí 2013. Beidh imirce fós ina fhoinse tábhachtach de sholáthar fórsa saothair amach anseo. Beartaíonn an EFGSN roinnt gníomhartha ar féidir a chur i bhfeidhm go gearr-théarmach, go meán-téarmach agus go fadtéarmach, le cinntiú go ndéanfar riachtanais na hearnála TFC a riar:

### Survey of Selected Multi-National Employers' Perceptions of Certain Graduates from Irish Higher Education

Thug Forfás, an EGSFN agus an tÚdarás um Ard-Oideachais faoi shuirbhé ar fhostóirí ilnáisiúnta in Éirinn i 2007 le céimithe Éireannacha as an gcóras ardoideachais a thagarmharcáil i gcoinne céimithe as tíortha eile agus le haiseolas a sholáthar ar a oiriúnaí agus atá céimithe na hÉireann d'fhostaíocht i gcomparáid lena gcomhpháirteanna ar fud an domhain.

Soláthraíonn an tuarascáil dheireanach *Survey of Selected Multi-National Employers' Perceptions of Certain Graduates from Irish Higher Education* a foilsíodh i mí na Nollag 2007, aiseolas ar cé chomh oiriúnaí agus atá fostaithe na hÉireann d'fhostaíocht i gcomparáid lena gcuid piaraí ar fud an domhain thar dhisciplíní na heolaíochta, na hinnealtóireachta, na daonnúlachtaí, agus gnó agus airgeadas.

Tugann príomh-thorthaí na tuarascála na rudaí seo a leanas le fios:

- Ní fheiceann fostóirí mórán difríochta ar an iomlán idir caighdeán céimithe Éireannacha agus céimithe eile; agus
- Is cosúil gur féidir comparáid fhabhrach a dhéanamh maidir le céimithe Éireannacha i scileanna boga/ ilchineálacha.

Molann an tuarascáil:

- Níos mó socrúchán a thabhairt isteach i gcúrsaí tríú leibhéil;
- Tá gá go mbeadh níos mó eolais ar bhainistíocht agus gnó ag mic léinn Éireannacha le go dtuigfidís an ról atá acu sa láthair oibre; agus
- Úsáid measúnaithe leanúnaigh a mhéadú i gcúrsaí tríú agus ceathrú leibhéil agus díriú ach go háirithe ar scileanna foirne agus muinín a chothú.

## Comhoibriú Thuaidh/Theas ar Pholasaí Scileanna

D'aithin an Comhráiteas le Comhdháil Idir-Rialtasach na Breataine-na hÉireann go bhféadfaí comhoibriú Thuaidh/ Theas a fheabhsú i réimse na scileanna agus an margadh saothair. I rith 2007, chuaigh an EGFSN agus Sainghrúpa Scileanna Tuaisceart Éireann i mbun plé le réimsí a aithint ina bhféadfaí a bheith ag comhoibriú.

D'aontaigh an dá ghrúpa oibriú as lámh a chéile le Ráiteas Uile-Oileáin ar Éileamh Scileanna a dhéanamh i 2008, a sholáthróidh anailís chuimsitheach ar an éileamh reatha ar scileanna ar fud oileán na hÉireann, ar an gcaoi ar fhorbair an bunús scileanna agus ar an gcaoi ar cosúil go n-athróidh sé sa todhchaí. Ina theannta, d'aontaíodh Comhdháil Uile-Oileáin ar Scileanna a reáchtáil i mí Dheireadh Fómhair 2008.

Tá Forfás ag obair leis an Roinn Fiontar, Trádala agus Fostaíochta, FÁS agus an Roinn Fostaíochta & Foghlama i dTuaisceart Éireann leis na tionscnaimh seo a chur chun cinn.

## Aonad Taighde an Mhargaidh Saothair agus Scileanna FÁS

I rith 2007, lean Forfás air ag obair i ndlúthpháirt le hAonad Scileanna agus Taighde an Mhargaidh Saothair de chuid FÁS a fheidhmíonn an Bunachar Scileanna Náisiúnta ar son an EGFSN. D'oibrigh an dá eagraíocht leis na geallsealbhóirí ábhartha le foinsí úsáideacha sonraí a fhorbairt a chabhróidh le próifíl a chruthú de chumas scileanna na hÉireann faoi láthair agus amach anseo.

Chuir FÁS tacaíocht staidrimh agus sonraí ar fáil do Forfás le haghaidh go leor de na tuarascálacha EGFSN a foilsíodh i rith 2007 agus freisin déanfaidh sé dhá thuarascáil bhliantúil ar son an EGFSN.

- Soláthraíonn an *National Skills Bulletin* léargas sonrach ar mhargadh saothair na hÉireann maidir le treochtaí fostaíochta de réir earnála agus gairme agus na sonraí is deireanaí ar aschuir in oideachas agus oiliúint.
- Soláthraíonn *Monitoring Ireland's Skills Supply: Trends in Education/Training Output 2006* comhartha maidir leis an soláthar scileanna do mhargadh saothair na hÉireann ón gcóras foirmiúil oideachais agus oiliúna.

## Aighneacht Forfás ar Thosaíochtaí Oideachais don Fhiontraíocht

I rith 2007, rinne Forfás, ar son IDA Ireland, Enterprise Ireland agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann, aighneacht don Roinn Oideachais agus Eolaíochta maidir lena Ráiteas Straitéise Rannach 2008-2010.

Leag na Gníomhaireachtaí béim ar na tosaíochtaí lárnacha seo a leanas:

- Ráiteas polasaí soiléir a fhorbairt agus a chur in iúl um oideachas ag gach leibhéal i dteannta le cuspóirí agus torthaí bainteacha ar féidir a thomhas;
- An Straitéis um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht a chur i bhfeidhm; agus
- An Straitéis Náisiúnta Scileanna a chur i bhfeidhm.

## An Chomhairle um Fhorbairt Bhainistíochta

Bhí an Chomhairle um Fhorbairt Bhainistíochta (MDC) bunaithe i mí Bealtaine 2007 ag an iar-Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, Micheál Martin TD. Tugann an MDC comhairle don Rialtas ar ghníomhartha le tacú le SMEanna maidir lena gcumas bainistíochta a fheabhsú. Cuireann Forfás tacaíocht taighde agus rúnaíochta ar fáil don Chomhairle

Bunaíodh an MDC mar fhreagra ar mholtaí a rinne an Fóram um Ghnóthais Bheaga agus EGFSN, a d'fhoilsigh staidéir i 2006 a d'aithin an gá le comhairle den sórt sin le soláthar clár um fhorbairt bainistíochta a chomhordú agus an t-éileamh orthu a spreagadh.

Tá an tOllamh Frank Roche, Leas-Phríomhoide an Choláiste Gnó i gColáiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath ina Chathaoirleach ar an gComhairle agus áiríonn sí ionadaithe ó ghnó, gníomhaireachtaí forbartha bainistíochta, ranna rialtais agus institiúidí ardoideachais.

D'aontaigh an Chomhairle ar chlár oibre uallmhianach go dtí 2009 a d'fhormheas an tAire Martin. I 2007 chuathas i mbun taighde ar roinnt ceisteanna lena n-áirítear:

- Próifíl sonrach ar sholáthar na gclár um fhorbairt bainistíochta atá ar fáil le haghaidh gach SME;
- Staidéar cainníochtúil agus cáilíochtúil le héilimh agus riachtanais na SMEanna maidir le forbairt bhainistíochta a thuiscint, chomh maith leis na bacainní a d'fhéadfadh SMEanna a chur as páirt a ghlacadh i bhforbairt bhainistíocht; agus
- Athbhreithniú ar an dea-chleachtas ar fud an domhain maidir le forbairt bhainistíochta in SMEanna a sholáthar agus a chur chun cinn.


## Discover Science and Engineering

Is é atá i Discover Science & Engineering (DSE) ná clár comhtháite náisiúnta um fheasacht eolaíochta a dhéanann Forfás bainistíocht air ar son na hOifige um Eolaíocht, Theicneolaíocht agus Nuálaíocht sa Roinn Fiontar, Trádala agus Fostaíochta. Tógann sé le chéile go leor gníomhaíochtaí um fheasacht eolaíochta agus innealtóireachta a rinne comhlachtaí éagsúla poiblí agus príobháideacha bainistíocht orthu roimhe sin. Tá sí mar aidhm ag DSE tógáil ar na gníomhaíochtaí seo agus iad a mhéadú agus feachtas dírithe, innchainníochtúil, straitéiseach um fheasacht a sheachadadh.

Is é cuspóirí DSE ar an iomlán ná:

- Líon na mac léinn atá ag déanamh staidéir ar na heolaíochtaí fisiciúla a mhéadú;
- Dearcadh dearfach a chur chun cinn i dtreo gairmeacha in eolaíocht, innealtóireacht agus teicneolaíocht; agus
- Tuiscint phoiblí níos fearr a chothú ar eolaíocht agus innealtóireacht agus an luach atá orthu ó thaobh shochaí na hÉireann de.

Tá an lucht éisteachta sainithe go straitéiseach acu mar mhic léinn ag gach leibhéal, le fócas áirithe ar bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna, a gcuid tuismitheoirí agus múinteoirí, chomh maith leis an bpobal i gcoitinne. Oibríonn an clár i ndlúthpháirt freisin le hinstitiúidí tríú-leibhéil, an tionscal agus na meáin chumarsáide.



*Ag seoladh oifigiúil na Seachtaine Eolaíochta 2007 i dteannta le beirt eolaithe óga atá ag teacht chun cinn bhí an t-iar-Aire Oideachais agus Eolaíochta, Mary Hanafin TD agus Cathaoirleach an Ghrúpa Stiúrtha de chuid Discover Science and Engineering, Leo Enright.*

## Feasacht Ghinearálta

### Seachtain Eolaíochta na hÉireann

Tá Seachtain Eolaíochta na hÉireann ar cheann de na himeachtaí lárnacha i bhféilire DSE. Ba é Surrounded by Science an téama a bhí ag Seachtain Eolaíochta 2007. Tá méadú mór tagtha ar an imeacht agus 450 imeacht reáchtáilte ar fud na tíre i mbliana idir scoileanna, coláistí, ollscoileanna agus leabharlanna. Freisin d'eagair DSE dhá sheó bóthair déag chuig roinnt ionad éagsúla ar fud na tíre chomh maith le sraith léachtaí ar an téama Surrounded by Science ar na hábhair spás, peil, áilleacht agus eolaíocht fhóiréinseach.

Ag tógáil ar an méadú le déanaí ar láithreacht réigiúnach na Seachtaine Eolaíochta, ainmníodh Seachtain Eolaíochta Shligigh mar chomhpháirtí straitéiseach, i dteannta le Féile Eolaíochta agus Teicneolaíochta Discovery i gCorcaigh agus sa Ghaillimh atá ina gcomhpháirtithe straitéiseacha ó 2006.

### Teilifís

Craoladh an ceathrú sraith de SCOPE TV, a d'urraigh an DSE, ar RTÉ in Earrach 2007. Rinne an ceathrú sraith nasc idir eolaíocht agus na hábhair spéise coitianta a bhíonn ag déagóirí.

Chuir Discover Science and Engineering (DSE) athbhreithniú cuimsitheach ar an gclár i gcrích agus cinneadh deireadh a chur le léiriú na sraithe toisc go raibh an lucht féachana sprice de dhaoine óga ag caitheamh níos mó ama de réir a chéile ar an idirlín agus go raibh laghdú ag teacht ar mheánlíon an lucht féachana. Chinn DSE acmhainní a athdháileadh ina láithreacht idirlín atá dírithe ar dhaoine óga.

I rith 2007 lean DSE ar aghaidh ag soláthar scéalta agus píosaí scannáin d'fhorbairtí agus imeachtaí eolaíochta agus innealtóireachta do dheasca nuachta teilifíse.

## Taispeántas Eolaí Óg BT

Tá DSE ina Chomhpháirtí Órga i dTaispeántas na n-Eolaithe Óga agus na Teicneolaíochta de chuid BT a reáchtáiltear in Eanáir gach bliain. Ba é téama taispeántas an DSE ag taispeántas 2008 ná *Discover Light*, a léirigh an eolaíocht atá taobh thiar den solas. Áiríodh roinnt gníomhaíochtaí idirghníomhacha sa taispeántas agus freisin d'óstaigh DSE ceantar ceardlainne idirghníomhaí.

Bhí an clár STEPS to Engineering le Engineers Ireland, T4, an tseirbhís tacaíochta d'ábhair theicneolaíochta san Ardteistiméireacht agus an Gailearaí Eolaíochta oscailte le déanaí ag Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath ina gcomhóstaithe ar an bpríomh-sheastán. Áiríodh le gníomhaíochtaí ar an seastán Ceardlann Graifítí LED a raibh an-toradh air chomh maith le taispeántas idirghníomach de mhósáic scátha. Bhí Discover Primary Science, sraith eile d'obair DSE ar an seastán freisin ag léiriú gníomhaíochtaí éagsúla ón gclár. Freisin d'urraigh DSE an seó Science Made Simple i Láthair BT.

## An Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta

Bhí taispeántas ag DSE ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta den chéad uair riamh i mí Meán Fómhair 2007. Meastar gur fhreastal breis agus 180,000 duine thar thrí lá ar an imeacht.

Áiríodh seastáin eolais ar Discover Primary Science, Seachtain Eolaíochta agus eolas gairme i dtaispeántas DSE i gcomhpháirt leis na comhpháirtithe STEPS to Engineering. Bhí seónna draíochta agus boilgeoige ar siúl ag Amharchlann Draíochta i rith an lae agus rinneadh é sin a chomhlánú ag gníomhaíochtaí idirghníomhacha sa Bhus Eolaíochta. Meastar gur ghlac breis agus 20,000 duine páirt i ngníomhaíocht DSE thar na trí lá.

## Eolaíocht Bhunscoile

### Discover Primary Science

Bhain Clár Discover Primary Science (DPS) 2,985 bunscoil amach i 2007, a léirigh 90% de bhunscoileanna na hÉireann. Tá 3,500 múinteoir rannpháirteach i DPS anois. Oibríonn an clár go díreach le múinteoirí agus daltaí maidir le scileanna eolaíochta a fhorbairt trí mheán gníomhaíochtaí atá bunaithe ar spraoi agus eolaíocht idirghníomhach. Iarrtar ar leanaí tionscadail a chur isteach do na Awards of Science Excellence, a reáchtáiltear gach bliain. Tharraing Gradaim 2007 iontrálacha ó breis agus 500 scoil, méadú ó 300 i 2006.

## Greenwave

Lean an tionscadal Greenwave ar aghaidh ag méadú i 2007, tar éis treorthionscadail rathúla i 2006. Tá an tionscadal dírithe ar leanaí bunscoile agus is é atá i gceist leis ná faireachas agus taifeadadh ar theacht na speiceas éagsúil isteach in Éirinn agus bláthú na gcrann Cnó Capaill agus Sceiche Gile san Earrach. Déantar na faireachais a thaifeadadh ar líne ag daoine óga ar fud na tíre ar www.greenwave.ie. I 2008 déanfar an tionscadal a fhorbairt níos mó le MET Éireann mar chomhpháirtithe, agus áireofar leis tomhas fisiciúil ar an teocht ag nóin gach lá agus úsáid á bhaint as teirmiméadair a sholáthróidh DSE.

## Eolaíocht Dara Leibhéal

### Discover Sensors

Tá an tionscadal Discover Sensors ina phríomh-fhócas i gcláir DSE do dhaltaí meánscoile. Is é atá ann ná tionscadal comhpháirtíochta le Seirbhísí Tacaíochta Eolaíochta Sóisearaí (JSSS), an tIonad Náisiúnta um Theicneolaíocht san Oideachas (NCTE), an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA) agus na hionaid réigiúnacha oideachais. Tá suíomh gréasáin ag an tionscadal www.discoversensors.ie a sholáthraíonn oiliúint struchtúrtha agus acmhainní do mhúinteoirí tacaíochta eolaíochta agus an curaclam eolaíochta sóisearaí á mhúineadh acu.

Ó 2006 tá measúnú ar obair tionscadail san áireamh sa churaclam mar chuid de phróiseas scrúdaithe an Teastais Sóisearaigh. Tá breis agus 180 scoil rannpháirteach sa tionscadal anois agus cuirfear ar fáil é ar bhonn níos leithne, faoi réir an toraidh ar luacháil a chríochnófar i lár na bliana 2008.

Áirítear leis na tionscadail eile atá dírithe ar dhaltaí dara leibhéil feachtas gairme TFC a rinneadh i gcomhpháirt leis an bhfeachtas STEPS to Engineering, a bhfuil an dara bliain de ar siúl anois, a dhíríonn ar fhágálaithe scoile. Ina theannta sin, chuir DSE tús le clár treorach TFC atá dírithe ar ról in eolaíocht agus innealtóireacht a thabhairt do dhaltaí na hidirbhliana.

### NanoQuest

I 2007, d'fhorbair DSE an taispeántas Nanoworld a bhí bunaithe ar a chlár ríomhaire 3D Nanoquest. Tá an cluiche dírithe ar dhaltaí 13 go 14 bliain d'aois a spreagadh chun foghlaim faoi dhomhan nua agus corraitheach na nanaitheicneolaíochta. I dteannta le leibhéal nua a dhéanamh don chluiche, baineadh úsáid as an taispeántas ag Taispeántas Eolaithe Óga BT agus Féile Eolaíochta na Gaillimhe i Samhain 2007. Tá sé beartaithe ag DSE an cluiche a úsáid agus a fhorbairt i 2008.



# Fiontar

Bíonn geilleagar láidir tacaithe ag timpeallacht solúbtha fiontair, i dteannta le cultúr a spreagann gnó chun fás, forbairt agus méadú.

Agus é ag obair leis na gníomhaireachtaí forbartha tá sí mar aidhm ag Forfás réitigh pholasaí a sheachadadh a chuireann le timpeallacht láidir d'fhiontar, ag cothú nuálaíochta i seirbhísí agus déantúsaíocht chomh maith le cultúr fiontraíochta. Tá tuiscint ar réimsí nua deise d'fhiontar, mar pholasaithe inbhuanaithe i leith timpeallachta mar shampla, ina tosaíocht lárnach do na gníomhaireachtaí forbartha.

I rith 2007 d'oibrigh Forfás i ndlúthpháirt leis an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta agus comhghníomhaireachtaí chun a chinntiú go bhfuil tacaithe réigiúnacha, polasaí agus struchtúir fhioscacha i bhfeidhm a chuidíonn le gnó na hÉireann i margaí idirnáisiúnta agus a aithníonn réimsí deise nua.

*Ag seoladh na Tuarascála de chuid an Ghrúpa Ardleibhéil Déantúsaíochta bhí an t-iar-Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Micheál Martin TD agus Cathaoirleach an Ghrúpa, Joe Harford.*

## Grúpa Ardleibhéal na Déantúsaíochta

Bunaíodh Grúpa Ardleibhéal na Déantúsaíochta i 2007 mar thoradh ar an bpróiseas Comhpháirtíochta Sóisialta agus Comhaontú I dTreo 2016. Tá ionadaithe ón rialtas, ó fhiontar agus ceardchumainn sa ghrúpa. Rinne an Grúpa a thuarascáil a sheachadadh in Aibreán 2008.

Rinneadh ionadaíocht ar na gníomhaireachtaí forbartha – Forfás, IDA Ireland agus Enterprise Ireland – i nGrúpa Ardleibhéal na Déantúsaíochta i gcáil chomhairleach. Sa bhreis ar sin chuir Forfás tacaíocht taighde agus chomhairleach ar fáil don Ghrúpa.

Léiríonn an tuarascáil comhthuiscint ar an gcaoi go bhfuil déantúsaíocht athraithe ó thaobh nádúir de agus ar na dúshláin atá os comhair earnáil na déantúsaíochta. Leagann sí amach tréithe na ngnólachtaí ar cosúil go n-éireoidh leo i dtimpeallacht an lae inniu atá casta agus ag éirí níos iomaíche de réir a chéile, agus í ag meabhrú freisin gur difreálaithe lárnacha anois atá i nuálaíocht, táirgiúlacht, solúbthacht agus inoiriúnaitheacht d'athrú. Leagann an tuarascáil amach na gníomhartha dírithe atá ag teastáil ó fhostóirí, fostaithe (agus a gcuid ionadaithe) agus ón rialtas.

Díríonn moltaí an Ghrúpa ar dhul i ngleic le:

- Laghdú ar iomaíochas costais in Éirinn i gcomparáid le tíortha iomaitheora agus AE, maidir le costas fuinnimh, dramhaíola, muirir údarás áitiúil agus seirbhísí gairmiúla ach go háirithe.
- An gá go nglacfadh comhlachtaí páirt réamhghníomhach i dtaighde, forbairt agus nuálaíocht teicniúil agus neamh-theicniúil, ag aithint deiseanna thar gach gné den slabhra soláthair, agus i seirbhísí, táirgí agus réitigh nua a fhorbairt.
- An gá le hionad (ionaid) tiomanta inniúlachta le riachtanais earnáil na déantúsaíochta a riar m.sh. glacadh le teicneolaíochtaí, próisis agus ábhair nua agus dul i mbun taighde, forbairt agus nuálaíocht ábhartha agus múnlaí domhanda gnó.
- An tábhacht a bhaineann le scileanna nua a thabhairt do dhaoine atá san fhórsa saothair faoi láthair le riachtanas na déantúsaíochta sa todhchaí a riar agus soghluaisteacht a mhéadú thar earnálacha. Leagtar béim freisin ar an ngá le cumas déantúsaíocht a fhorbairt don ghnólacht nuálaíoch atá ag oibriú i gcomhthéacs domhanda.
- An gá feasacht gnólachtaí a mhéadú i dtaobh na dtacaithe atá ar bun cheana, agus go ndéanfadh na gníomhaireachtaí athbhreithniú ar chur chun cinn agus próiseáil na dtacaíochtaí sin le go bhfeabhsófaí rochtain agus go laghdófaí bacainní i gcoinne glacadh leo ag gnólachtaí.

Aontaíonn an Grúpa go bhfuil gá le gníomh comhordaithe agus cuimsitheach ag an rialtas, fostóirí agus fostaithe má tá Éire le leanúint uirthi go héifeachtach i mbun gníomhaíochtaí déantúsaíochta le luach ard. Molann sé Fóram Déantúsaíochta a bheadh dírithe ar ghníomh a bhunú le cur i bhfeidhm na moltaí a stiúradh agus le cinntiú go mbeidh forbairt beartais i leith fiontair amach anseo treoraithe ag riachtanais na déantúsaíochta.

## Grúpa Straitéise Seirbhísí

Toisc gurb iad gníomhaíochtaí atá bunaithe ar sheirbhísí an chuid is mó de ghníomhaíocht eacnamaíochta in Éirinn agus ar fud an domhain, bhunaigh Forfás Grúpa tiomanta Straitéise Seirbhísí le creat cuimsitheach a fhorbairt ar conas na torthaí as seirbhísí in Éirinn a fheabhsú amach anseo. Tá grúpa comhairleach ardleibhéil, atá comhdhéanta d'ionadaithe ón earnáil phríobháideach agus phoiblí, i gceannas ar an bpróiseas seo. Tá an tUas. Tony Keohane, POF ar Tesco Ireland mar chathaoirleach ar an nGrúpa.

Déanann an staidéar anailís ar thrí chatagóir nó réimse ar leith um dheiseanna, a mbeidh leibhéil éagsúla freagra ón Rialtas agus ó na gníomhaireachtaí Stáit ag teastáil do gach ceann acu:

- Onnmhairiú seirbhísí ó Éirinn;
- Oibreoirí seirbhísí thar lear a bhunú;
- Táirgiúlacht na seirbhísí a thrádáiltear go háitiúil a fheabhsú.

Aithníonn an tuarascáil deiseanna ardleibhéil earnála maidir le honnmhairí seirbhíse na hÉireann a mhéadú agus oibríochtaí seirbhíse Éireannacha a bhunú thar lear.

Molann an tuarascáil freisin gur féidir dul i ngleic leis na dúshláin atá os comhair na hearnála seirbhíse trí mheán beart cothrománach i dtrí réimse:

- Tionscnaimh um feabhas a chur ar tháirgiúlacht i seirbhísí;
- Tionscnaimh um leibhéil scileanna a mhéadú agus scileanna nua atá oiriúnach don earnáil seirbhíse a fhorbairt;
- Tionscnaimh um leibhéil nuálaíochta i ngnó seirbhíse na hÉireann a mhéadú.



*Ag an 3ú Comhdháil Idirnáisiúnta ar Nuálaíocht Seirbhíse bhí Leslie Morrisson, Príomhfheidhmeannach, Invest NI, an LeasChéad Aire, Martin McGuinness MLA MP, An Taoiseach, Brian Cowen TD, Martin Cronin, Príomhfheidhmeannach, Forfás, Liam Nellis, Príomhfheidhmeannach, InterTrade Ireland agus Jos Evertsen, Forfás*

## Seirbhísí agus Nuálaíocht

I Samhain 2007, d'óstaigh Forfás an 3ú Comhdháil Idirnáisiúnta ar Nuálaíocht Seirbhísí. Reáchtáladh an chomhdháil uile-oileáin seo i gcomhpháirt le Enterprise Ireland, IDA Ireland, Fondúireacht Eolaíochta Éireann, InterTrade Ireland agus Invest Northern Ireland agus d'oscail an Taoiseach, Brian Cowen TD agus an LeasChéad Aire Martin McGuinness MP, MLA é.

Tá seirbhísí ina ghné lárnach de gheilleagar na hÉireann anois agus is cosúil go stiúrfaidh nuálaíocht sa réimse sin fás an gheilleagair sa todhchaí. Bhí an chomhdháil dírithe ar fheasacht ar nuálaíocht seirbhísí a chothú i measc na bpobal gnó agus polasaí trí ghníomhaíochtaí lárnacha a aithint agus béim a leagadh ar fhorbairtí polasaí a bhaineann le nuálaíocht atá bunaithe ar sheirbhísí.

Bhreathnaigh an chomhdháil ar na deiseanna a thugtar de bharr an fháis ar an earnáil seirbhísí ar fud an domhain agus breathnaíodh ar an gcaoi a bhféadann nuálaíocht i seirbhísí iomaíochas a chothú agus fás geilleagrach ar an iomlán a stiúradh. Leag painéal ardleibhéil de chainteoirí agus toscairí áitiúla agus idirnáisiúnta as cúlraí i ngnó, nuálaíocht agus taighde béim ar cheisteanna lárnacha gnó agus polasaí a bhaineann le nuálaíocht seirbhíse lena n-áirítear:

- Foinsí de nuálaíocht agus buntáiste iomaíochais a fhiosrú i dteannta le céimeanna praiticiúla agus samplaí ar conas nuálaíocht a fhorbairt i seirbhísí;
- Breathnú ar theicnící bainistíochta um nuálaíocht a chothú;
- Feasacht ar riachtanais nuálaithe seirbhísí; agus
- Timpeallacht thacúil agus sholúbtha fiontair a fhorbairt do sholáthraithe seirbhíse.

## Infheistíocht Díreach Amach

D'fhoilsíodh Ráiteas ar Infheistíocht Dhíreach Thar Lear i 2007 a chuir i láthair torthaí taighde de chuid Forfás ar an tionchar geilleagrach a bhíonn ag ODI ag gnólachtaí Éireannacha. Bhíodh sé de nós de ghnáth ag fiontar dúchasach páirt a ghlacadh i margaí idirnáisiúnta trí mheán ollmhairithe, ach de réir a chéile tá comhlachtaí ag méadú a láithreacht agus gníomhaíochtaí tráchtála i margaí thar lear trí mheán na hinfheistíochta dhírí amach (ODI).

Is é conclúid an Ráitis ná go mbíonn glan-tionchar dearfach ar an ngeilleagar ag ODI ag gnólachtaí dúchasacha. Fuair an taighde amach:

- Ar an meán bíonn tionchar dearfach ag ODI ar na leibhéil fostaíochta intíre laistigh de ghnólachtaí a infheistíonn agus go mbíonn tionchar beagáinín dearfach aici ar fhostaíocht do chomhlachtaí i dtionscail bhainteacha agus réamhtheachtacha[1];
- Tá ceangal dearfach idir déine ODI ag comhlachtaí agus athruithe ar an bpróifíl scileanna laistigh de na comhlachtaí sin, a chomharthaíonn fás ar an gcuid d'fhostaithe ardoilte ina gcuid oibríochtaí sa bhaile; agus
- Bíonn tionchar dearfach ar tháirgiúlacht an ghnólachta a infheistíonn.

1 Tagraíonn iarmhairtí d'fhothorthaí tánaisteacha ar fhiontair eile sa gheilleagar.

Admhaíonn an Ráiteas go bhféadann an toradh fostaíochta as ODI dul i bhfeidhm orthu siúd i bhfostaíocht ísealoilte, in ionaid réigiúnacha ach go háirithe. I ngeilleagar domhandaithe, ní fhéadann an Stát na fothorthaí diúltacha seo a bhaineann le feiniméan a bhíonn dearfach den chuid is mó a chosc. In ionad, ba cheart don Stát a chuid iarrachtaí a dhíriú ar thacaithe a mhéadú d'oibrithe leochaileacha le gur féidir leo a gcuid scileanna a fheabhsú le gur féidir le gach oibrí leas a bhaint as na deiseanna a bhaineann le ODI.

## Ráiteas Beartais ar Fhiontraíocht

Mhol an Fóram um Ghnóthais Bheaga go nglacfadh an Rialtas le polasaí náisiúnta fiontraíochta a bheadh dírithe ar líon na ngnóthaí tosaigh a bharrfheabhsú agus líon na ngnóthaí tosaigh ar mian leo go dtiocfadh fás mór orthu a uasmhéadú. D'iarr an Roinn Fiontar, Trádala agus Fostaíochta ar Forfás tacaíocht taighde agus feidhmeannachta a chur ar fáil d'fhorbairt pholasaí den sórt sin.

Le hionchur ó Shainghrúpa Comhairleach, a bhí comhdhéanta de dhaoine aonar ón earnáil phoiblí agus phríobháideach, cuireadh tuarascáil *Towards Developing an Entrepreneurship Policy for Ireland* faoi bhráid na Roinne i mí Meán Fómhair 2007. Leagann sí amach na prionsabail threoracha do Pholasaí Náisiúnta Fiontraíochta, fís ar féidir a chomhlíonadh agus roinnt moltaí polasaí leis na torthaí a chur ar aghaidh sna réimsí seo a leanas:

- Timpeallacht a chuideoidh le fiontraithe a fhorbairt;
- Leas a bhaint as cultúr agus oideachas le tacú le fiontraíocht; agus
- Gníomhaíocht fiontraíochta a spreagadh i measc na mban agus na n-imirceach.

## Eolaíochtaí Saoil

Tá Forfás, i dteannta leis na gníomhaireachtaí forbartha, ag tabhairt faoi staidéar le tuiscint dhomhain a fhorbairt ar conas is fearr is féidir linn tacú le forbairt earnáil na n-eolaíochtaí saoil in Éirinn.

Tá earnáil na n-eolaíochtaí saoil comhdhéanta de chógaisíocht, biteicneolaícht, teicneolaíochtaí míochaine, nútraiceodaigh agus seirbhísí tacaíochta atá sonrach d'earnálacha. Cuireann an earnáil go mór le geilleagar na hÉireann, d'fhostaigh sí 40,000 duine agus bhí sí freagrach

as ucht €43 bn d'onnmhairí i 2006. D'fhorbair cáilíocht agus méid na taighde ar na disciplíní eolaíochtaí saoil go mór le blianta beaga anuas.

Ag leibhéal domhanda tá an earnáil ag dul faoi athrú mór, a bhfuil coinbhéirsíocht méadaithe thar fho-earnálacha mar thoradh air. Tá táirgí agus seirbhísí nua ag teacht chun cinn cheana. Tá gnólachtaí nochta do bhrú mór ó thaobh costais de, táirgiúlacht laghdaitheach, paitinní atá ag dul in éag agus dian-iomaíocht domhanda.

Leagfaidh an staidéar amach forbairt na hearnála ar fud an domhain amach anseo chomh maith le deiseanna d'Éire. Féachfaidh sé chuig bonneagair agus tionscnaimh shonracha a aithint atá ríthábhachtach le tacú le forbairt na hearnála in Éirinn sa todhchaí, na gníomhartha atá ag teastáil le bearnaí aitheanta a líonadh agus idirnaisc a neartú idir na rannpháirtithe éagsúla san earnáil.

Cuireadh Céim 1 den staidéar i gcrích i rith 2007 agus chuir sé i láthair forbhreathnú ar na treochtaí domhanda, forbairt na hearnála in Éirinn go dtí seo agus liosta tosaíochta gníomhartha atá ag teastáil le dul i ngleic leis na fadhbanna nach mór don tionscal dul i ngleic leo sa lá atá inniu ann, mar fháil daoine leis an tsraith scileanna atá ag teastáil agus conas is fearr an córas taighde agus forbartha a chomhordú ionas go mbainfear an tairbhe is mó as an infheistíocht i T&F thart earnáil na n-eolaíochtaí saoil amach anseo. Tá Céim II den staidéar ar siúl agus tá sé sceidealta le críochnú i lár 2008.

## Staidéar Earnálach ar Dheiseanna Fiontair i Seirbhísí agus Earraí Comhshaoil in Éirinn

Thosaigh Forfás, i dteannta le InterTrade Ireland, staidéar le staid reatha na hearnála in Éirinn a leagan amach, chomh maith leis na deiseanna fiontair do ghnólachtaí reatha agus iontrálaithe féideartha, agus na tacaithe agus an creatlach atá ag teastáil le cabhrú le comhlachtaí Earraí agus Seirbhísí Comhshaoil (EGS). Tá grúpa stiúrtha atá comhdhéanta de na gníomhaireachtaí forbartha, Sustainable Energy Ireland agus daoine eile ag tabhairt comhairle ar an staidéar.

Tá an tionscal EGS comhdhéanta de thionscail ríthábhachtacha fadbhunaithe mar sholáthar uisce óil, cóireáil fuíolluisce agus bainistíocht dramhaíola soladaí agus tionscail níos nua atá chun tosaigh sa nuálaíocht theicneolaíoch, mar mhonatóireacht chomhshaoil, fuinneamh inathnuaite, agus teicneolaíochtaí 'glaine'.

Is cosúil go bhfuil deiseanna móra fáis laistigh den mhargadh domhanda do thionscal dúchasach san earnáil seo agus go bhfuil deiseanna féideartha d'infheistíocht díreach eachtrach.

Is iad aidhmeanna an staidéir ná:

- Meastachán leathan a dhéanamh ar mhéid na hearnála EGS ar oileán na hÉireann;
- Breathnú ar na stiúrthóirí margaidh agus ar laidreachtaí agus laigí gach fo-earnála;
- Na réimsí is mó a bhfuil gealladh fúthu san earnáil EGS áit ar cosúil go dtiocfaidh deiseanna nua chun cinn a aithint; agus
- Na tacaithe lárnacha agus coinníollacha creata a aithint a bheidh ag teastáil le cabhrú le comhlachtaí EGS lena n-áirítear an deis cumarsáid agus comhoibriú a mhéadú laistigh den earnáil agus idir gnólachtaí agus institiúidí taighde.

Comhlíonfar an tuarascáil i 2008.

## Maoirseoir Ghnó

Toisc gurb eol di go bhfuil athrú mór tagtha ar an timpeallacht rGhnó le blianta beaga anuas d'iarr an Roinn Fiontar, Trádala agus Fostaíochta ar Forfás nuashonrú a dhéanamh ar an Tuarascáil Maoirseora rGhnó ó 2003 le socrú ar tháinig feabhas ar sheasamh na hÉireann i gcomparáid leis na geilleagair cheannasacha rGhnó. Cuireadh an tuarascáil faoi bhráid na Roinne Fiontar, Trádala agus Fostaíochta

agus Roinn an Taoisigh le cur lena n-athbhreithniú agus nuashonrú ar thuarascáil Choimisiún na Sochaí Faisnéise.

Cuireadh na torthaí i láthair i dtéarmaí rannpháirteachais ag comhlachtaí in rGhnó:

- Infhaighteacht acmhainní TFC i bhfiontair m.sh. rochtain idirlín agus úsáid inlín;
- A mhó agus a bhfuil rannpháirteachas ag gnóthaí i ndíol, ceannach agus baincéireacht ar líne; agus
- A mhó agus a bhfuil rGhnó comhtháite le feidhmeanna gnó eile laistigh den ghnólacht (lena n-áirítear orduithe, airgeadas) agus go seachtrach le custaiméirí, soláthraithe agus/nó comhpháirtithe.

Áirítear le táscairí ó thaobh soláthair de anailís ar bhonneagar TFC agus scileanna a bhaineann le TFC. Leagann roinnt cás-staidéar faisnéiseach béim ar thionscnaimh éifeachtacha a tugadh fúthu i dtíortha eile atá luachmhar do lucht déanta polasaí agus na gníomhaireachtaí forbartha.

Léiríonn na torthaí go bhfuil bearnaí móra ann fós idir fiontair atá lonnaithe in Éirinn (SMEanna ach go háirithe) agus na tíortha is fearr atá ag feidhmiú de réir an chuid is mó de tháscairí an rGhnó:

- Tá fiontair na hÉireann taobh thiar de fhiontair na dtíortha eile maidir le húsáid bhunúsach acmhainní TFC.
- Ní féidir fiontair bogadh ar aghaidh go húsáid níos éifeachtúlaí a bhaint as TFC ach trí hinfheistiú sna hacmhainní bunúsacha agus úsáid a bhaint astu mar phróisis inmheánacha agus seachtracha gnó a fheabhsú. Tá leibhéal chomhtháthú TFC i measc fhiontair na hÉireann íseal i gcomparáid leis na tíortha is fearr atá ag feidhmiú. Tá deis ann anseo do SMEanna áitiúla atá ag soláthar earraí agus seirbhísí do chomhlachtaí próisis níos éifeachtaí um idirbhearta leictreonacha a fhorbairt.
- Tá bacainní braite i gcoinne trádála ar líne fós ann agus d'fhéadfadh go bhfuil siad ag cur teorann le cumas go leor fiontar margaí nua a bhaint amach.
- Braitheann tionchar TFC ar raon d'fhachtóirí comhlántacha mar sholúbthacht eagraíochta, leibhéal scileanna fostaithe agus ar chumas gnólachta a bheith nuálaíoch ach go háirithe (ar bhealach teicniúil agus neamh-theicniúil).

## Cláir Oibre Straitéiseacha Réigiúnach

Tá ról lárnach le glacadh ag na gníomhaireachtaí forbartha fiontair i gcur le cuspóir an Rialtais de dháileadh níos cothroime de dheiseanna fostaíochta agus daonra in Éirinn, mar atá leagtha amach sa Straitéis Náisiúnta Spásúlachta. I rith 2007, d'oibrigh na gníomhaireachtaí le chéile lena gCláir Oibre Straitéiseach Réigiúnacha (RSA) a d'fhorbraíodh ar dtús i 2002 a nuashonrú.

Tugann RSA achoimre ghearr ar acmhainn gach réigiúin, ag leagadh amach treochtaí i bhfás daonra, pátrúin fhostaíochta, oll-bhreisluach[2] agus gnóthú oideachais. Soláthraíonn siad treochtaí fostaíochta d'earnálacha atá tacaithe ag gníomhaireachtaí agus comhartha ar na hearnálacha atá ag teacht chun cinn laistigh de gach réigiún. Bunaithe ar riachtanais forbartha fiontair, aithníonn gach RSA na bonneagair shonracha atá ag teastáil le timpeallacht iomaíoch a chruthú laistigh de gach réigiún le hinfheistíocht díreach ó thar lear a tharraingt agus le fiontraíocht agus fás comhlachtaí dúchasacha a chothú. Leagann siad amach réimsí áit a bhféadann na gníomhaireachtaí oibriú níos dlúithe lena chéile le deiseanna um fhorbairt earnála agus líonra a bharrfheabhsú agus cur ar bhealach comhordaithe agus comhoibritheach le tionscnaimh um fhorbairt réigiúnach.

Scaipeadh RSAnna i measc lucht léitheoireachta sprice lena n-áirítear baill de Bhoird Forbartha Contae, Institiúidí Ardoideachais agus Ranna Rialtais ábhartha. Chuir Forfás na torthaí i láthair ag roinnt comhdhálacha agus fóram i rith 2007.

## Deimhniú Ceantar Fiontraíochta

Molann Forfás, i gcomhpháirtíocht leis na gníomhaireachtaí forbartha fiontair, tionscadail le meas ag an Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta faoin Scéim Ceantar Fiontair. Tugadh an Scéim isteach san Acht Airgeadais 1995 le dreasachtaí a sholáthar do chomhlachtaí a bhí ag lonnú i gceantair faoi mhíbhuntáiste i mBaile Átha Cliath, Corcaigh agus Gaillimh le forbairt gheilleagrach a chur chun cinn sna ceantair sin.

Faoi théarmaí na nAchtanna Airgeadais, molann Forfás, i dteannta le Enterprise Ireland, IDA Ireland agus Údarás na Gaeltachta, áit ar cuí, tionscadail don Aire a d'fhéadfadh deimhniú a eisiúint a thugann teidlíocht do na comhlachtaí sin atá i gceist chun leas a bhaint as dreasachtaí cánach agus dreasachtaí eile. Déantar na moltaí de réir treoirlínte leagtha síos ag an Aire. I 2007, phróiseáil Forfás dhá iarratas nua ar dheimhniú Ceantar Fiontair agus láimhseáil sé athruithe ar shonraí do dheimhniú reatha amháin, rud a thógann an líon iomlán d'fhiontair deimhnithe suas go 115.

2 Is é atá in Oll-Bhreisluach (OBL) ná tomhas ar luach na n-earraí agus seirbhísí a tháirgtear i réigiún (lúide na hábhair agus na seirbhísí a úsáidtear a thagann ó lasmuigh den réigiún) a bhfuil praghas orthu ag an luach a fhaigheann na táirgeoirí lúide aon chánacha iníoctha agus móide aon fhóirdheontais infhaighte mar thoradh ar a dtáirgeadh nó díol (CSO).

## Business Networks Forum

Tháinig breis agus 150 saineolaí ar tugadh cuireadh dóibh as gnó, rialtas, taighde agus an saol acadúil le chéile ag Teach Farmleigh, Baile Átha Cliath, i 2007 le haghaidh an *Business Networks Forum: Collaborate for Commercial Success*. Ba é Forfás i dteannta le Enterprise Ireland, InterTradeIreland, Invest NI agus IDA Ireland a d'eagraigh an Fóram, a leag béim ar na tairbhí féideartha ó thaobh gnó agus geilleagair de a bhaineann le comhoibriú ar fud oileáin na hÉireann. Eagraíodh an imeacht mar fhreagra ar Thuarascáil an *Enterprise Strategy Group: Ahead of the Curve, 2004* a d'aithin an tábhacht straitéiseach a bhaineann le líonraí gnó agus a bhí ina thoradh ar mholadh lárnach ag Comhdháil Idir-Rialtasach na Breataine-na hÉireann (BIIGC).

Sholáthar an Fóram ionchur do pholasaí forbartha líonra ar oileán na hÉireann. Rinne Forfás athbhreithniú ar chleachtas idirnáisiúnta ar luacháil líonraí gnó agus tá obair ar siúl le InterTrade Ireland agus leis na gníomhaireachtaí forbartha le modheolaíocht um luacháil líonra a fhorbairt agus modheolaíocht an Toraidh ar Infheistíocht (ROI) á úsáid. Déanann í sin iarracht luach a chur ar na tairbhí a bhaineann le hoiliúint agus forbairt, acmhainní daonna, feabhsú feidhmíochta, athrú, cáilíocht agus teicneolaíocht laistigh de líonra. Bainfear triail as an teicníc laistigh de thrí líonra i rith 2008. Beidh torthaí an chleachtais ina mbunús don tuarascáil ar luacháil ar líonraí gnó.

## Aighneacht Bhuiséid 2008

Rinne aighneacht réamhbhuiséid Forfás chuig an Roinn Fiontar, Trádala agus Fostaíochta an bhéim ar iomaíochas na hearnála fiontair a chosaint agus oibleagáidí idirnáisiúnta á gcomhlíonadh ag an am céanna a atreisiú. Dhírigh sí ar na réimsí seo a leanas:

- Prionsabail a bhunú um cháin charbóin a thabhairt isteach

  Cé go n-aithníonn Forfás gur cheart don earnáil fiontair páirt a ghlacadh i bhforbairt inbhuanaithe a chur chun cinn, ceist lárnach é an riachtanas chuna chinntiú go bhfreagraíonn an earnáil fiontair d'éilimh chomhshaoil ar bhealach nach mbeidh uirthi a cuid iomaíochais a chailliúint.

- Deireadh a chur leis an bhformhuirear dlúth-chomhlachta

  Tugadh isteach reachtaíocht dlúth-chomhlachta i 1976 le daoine aonair a chur as ioncam a choimeád nó a thuilleamh i gcomhlacht le rátaí cánach níos ísle a tharraingt. Is léir nach bhféadann duine aonair buntáiste a bhaint as ioncam eastáit agus infheistíochta trí mheán comhlachta sá lá atá inniu ann. Cuireann an reachtaíocht comhlachtaí as cúlchistí ioncaim a charnadh. Mhol an aighneacht deireadh a chur leis an bhformhuirear dlúth-chomhlachta do chomhlachtaí trádála.

- Deireadh a chur leis an gcreidmheas cánach taighde agus forbartha

  Tá sé riachtanach tacú le taighde agus forbairt (T&F) agus nuálaíocht fiontair le geilleagar eolasbhunaithe na hÉireann a chur ar aghaidh. Phléigh an aighneacht leis an ngá cobhsaíocht agus cinnteacht níos fadtéarmaí a chinntiú don chreidmheas cánach T&F.

- Comhlachtaí athchúrsála agus an Scéim um Mhéadú Gnó/Scéim Síolchaipitil

  Chuir an tAcht Airgeadais 2007 comhlachtaí athchúrsála, ar bronnadh deontas nó cúnamh airgeadais orthu ag gníomhaireacht forbartha fiontair, leis an liosta de chomhlachtaí atá incháilithe don Scéim um Mhéadú Gnó agus an Scéim Síolchaipitil. Mhol an aighneacht athrú teicniúil ar fhocail na reachtaíochta do chomhlachtaí athchúrsála le rochtain a cheadú dóibh ar chistí BES/SCS ar bhealach níos tapa, gan an próiseas bailíochtaithe a laghdú.


## Léargas ar Staitisticí Fiontraíochta

I 2007 tháirg Forfás *Enterprise Statistics at a Glance* a chuir le chéile na staitisticí agus figiúir lárnacha go léir i leith fiontair i leabhrán tagartha éasca. Sholáthar an foilseachán staitisticí faoi na ceannteidil seo a leanas:

- Aschur agus Fostaíocht;
- Trádáil Idirnáisiúnta in Earraí;
- Trádáil Idirnáisiúnta i Seirbhísí ;
- Infheistíocht Dhíreach Amach; agus
- T&F agus Nuálaíocht.

## Suirbhéanna Fiontraíochta

Leanann Forfás air ag bailiú agus ag tiomsú sonraí ar chaiteachas fostaíochta agus geilleagrach ag gnólachtaí gníomhaireacht-thacaithe. I 2007, d'fhoilsigh Forfás an *Annual Employment Survey*, a thiomsaíonn na figiúir iomlána fostaíochta do IDA Ireland, Enterprise Ireland, Údarás na Gaeltachta, agus Shannon Development. Rinne Forfás an *Annual Business Survey of Economic Impact* freisin i 2007. Is féidir sonraí agus torthaí na suirbhéanna fiontair a fheiceáil sa chuid den tuarascáil seo ar Forbhreathnú Staidrimh.



iomaíochas

# Iomaíochas

Tá cinntiú iomaíochais leanúnach na hÉireann ríthábhachtach chun feidhmíocht geilleagrach na hÉireann a chothabháil. D'fheidhmigh Éire go láidir agus í mar áit mhaith le cónaí agus chun gnó a dhéanamh inti le blianta beaga anuas, le rangaithe in innéacsanna iomaíochais domhanda atá ard go comhsheasmhach. Tá dul chun cinn geilleagrach na hÉireann le deich mbliana anuas drámata ach tá roinnt mhaith dúshláin os comhair ár staid iomaíoch ar chóir dúinn aghaidh a thabhairt orthu chun a chinntiú go bhfanann Éire mar láthair den chéad scoth le haghaidh infheistíocht.

Bíonn cothabháil iomaíochais na hÉireann ag brath ar tháirgiúlacht agus onnmhairithe méadaithe. Tá fás réigiúnach agus forbairt bhonneagair chothrom ríthábhachtach chomh maith. Leanann Forfás agus an Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais orthu ag aithint príomh-shaincheisteanna atá os comhair iomaíochas na hÉireann agus tugann siad comhairle don rialtas maidir le roghanna polasaí chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin.

*Ag seoladh an Annual Competitiveness Report de chuid na Comhairle Náisiúnta Iomaíochais tá an t-iar-Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Micheál Martin TD agus Cathaoirleach an NCC, An Dr. Don Thornhill.*

## An Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais

Soláthraíonn Forfás tacaíocht taighde agus rúnaíochta don Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais (NCC). Is comhlacht comhpháirtíochta sóisialta é an NCC, a thuairiscíonn don Taoiseach faoi na príomh-shaincheisteanna iomaíochais atá os comhair geilleagar na hÉireann i dteannta le moltaí ar ghníomhartha polasaí atá de dhíth chun feabhas a chur ar staid iomaíoch na hÉireann. Tháirg an NCC na haschuir seo a leanas i 2007:

## Annual Competitiveness Report 2007: Volume 1, Benchmarking Ireland's Performance

Rinne an tuarascáil, a foilsíodh i mí na Samhna 2007, anailís ar fheidhmíocht iomaíochais na hÉireann ag baint úsáide as níos mó ná 140 táscairí iomaíochais. Téann siad seo in éagsúlacht ó bhearta an ratha d'iomaíochas atá thart ar nós fás geilleagrach agus caighdeán an tsaoil, go dtí na hionchuir pholasaí a stiúrfaidh iomaíochas sa todhchaí cosúil le torthaí an chórais oideachais agus nuálaíochta, agus caiteachas poiblí ar bhonneagar.

Is í aidhm na tuarascála seo ná bunús fianaise oibiachtúil a chur ar fáil, i dtreo is gur féidir laigí sna fachtóirí a chuireann le hiomaíochas na hÉireann a aithint. Cé go n-éiríonn go maith le hÉire i mórán gnéithe den iomaíochas, tá trí phríomh-réimsí imní ann a thagann chun cinn ón tuarascáil seo:

- Táirgiúlacht agus Onnmhairithe

  D'athraigh comhdhéanamh fáis geilleagrach na hÉireann ó bheith bunaithe ar onnmhairithe agus ó fhás atá bunaithe ar tháirgiúlacht go fás atá faoi thiomáint na tíre, a bhíonn ag brath ar phoist nua i dtógáil agus sna seirbhísí poiblí le haghaidh méaduithe san OTI.

- Praghsanna agus Costais

  Tá leibhéil ghinearálta na bpraghsanna i measc na cinn is airde san AE-15 agus tá an staid seo ag dul in olcas le rátaí boilscithe fós i measc na cinn is airde san AE-15. Tá na costais saothair ag fás trasna raon rannóga ag ráta atá i bhfad níos airde ná meán an AE-15. Tá costais neamh-phá lena n-áirítear maoin a fháil ar cíos nó í a cheannach agus seirbhísí teaghlaigh leis na gairmeacha beatha dlíthiúla agus cuntasaíochta san áireamh, i bhfad níos daoire in Éirinn chomh maith.

- Bonneagar

  Tá an bonneagar fisiceach in Éirinn fós bocht agus in ainneoin na hardleibhéil infheistíochta, níl feabhas mór tagtha ar rangaithe idirnáisiúnta na hÉireann ó 2000 i leith. Is amhlaidh go bhfuil bonneagar iompair, fuinnimh agus TFC go háirithe, ar a mbíonn an-chuid dár n-earnálacha onnmhairithe ag brath orthu, chun deiridh a gcontrapháiteanna ar fud an OECD.

## Annual Competitiveness Report 2007: Volume 2, Competitiveness Challenge 2007

Dhírigh an tuarascáil seo ar thrí dhúshlán leathana ina bhfuil saincheisteanna tábhachtacha fós ann maidir le hiomaíochas na hÉireann a fheabhsú. Is iad seo:

- Ag Tacú le hIomaíochas Costais

  Tá Iomaíochas Costais ríthábhachtach do rathúlacht ár n-earnálacha onnmhairithe. Tá tionchar ag luachmhéadú leanúnach an euro agus ag an ráta boilscithe réasúnta ard i gcostais phá agus neamh-phá in Éirinn ar ár n-iomaíochas costais. Tá leibhéil phraghsanna na dtomhaltóirí Éireannacha beagnach 20% níos airde ná meán an AE-15 agus tá fás ag teacht ar bhoilsciú ag ráta níos tapa ná meán an AE-15. Le haghaidh seirbhísí fiontair, ardmhaoine, fóntais (m.sh. fuinneamh, dramhaíl agus uisce) agus teaghlaigh is ábhar imní mór iad costais.

  Is í tuairim an NCC ná go bhfuil sé oiriúnach clár náisiúnta a fhorbairt chun íomaíochas costais a athshlánú. Ba chóir go n-áireodh sé seo socrú na sprice boilscithe náisiúnta cóngarach don sprioc ECB 2%. Tá sé ríthábhachtach go ndéanaimid ár gcostais saothair a riaradh d'fhonn táirgiúlacht a fheabhsú, cruthaíocht fostaíochta a thacú agus iomaíochas a chosaint. Beidh comhordú de dhíth ar seo chun boilsciú tomhaltóra agus pá araon a riaradh. Tá gníomhartha sainiúla d'fhonn costais arda neamhriachtanacha na maoine, na bhfóntas agus seirbhísí trádála neamh-idirnáisiúnta de dhíth chomh maith.

- Ag Feabhsú Fás Táirgiúlachta

  Tá leibhéil táirgiúlachta in Éirinn fós láidir ach chuaigh ár rátaí fáis táirgiúlachta i laige le blianta beaga anuas. I 2006, bhí fás táirgiúlachta na hÉireann faoi bhun meán an OECD.

Tá roinnt gníomhartha thar raon leathan réimsí de dhíth d'fhonn an fás táirgiúlachta a spreagadh. Go háirithe, ba cheart dul sa tóir go bríomhar ar pholasaithe a fheabhsaíonn iomaíochas agus a laghdaíonn bacainní d'iontráil ar an margadh. Tharla fás táirgiúlachta na hÉireann is láidre i líon beag earnálacha déantúsaíochta agus seirbhísí ardteicniúla. Tá sé tábhachtach go mbeadh timpeallacht ghnó againn a thugann tacaíocht d'fhorbairt na ngnólachtaí eiseacha, a spreagann forbairt agus mealladh na ngnólachtaí nua, agus a chuireann teacht chun cinn na n-earnálacha nua chun cinn.

- Ag Tógáil Fiontair Nuálaíocha

  Tá dul chun cinn suntasach déanta ag Éire maidir leis an mbunsraith a leagadh le haghaidh geilleagar atá faoi thiomáint ag nuálaíocht le blianta beaga anuas, toisc gur tháinig fás mór ar infheistíocht an Stáit i dtaighde agus i bhforbairt. Ag leibhéal comhlachta, thosaigh méadú láidir ag teacht ar ghníomhaíocht infheistíochta agus nuálaíochta.

  Is rud ilghruach é clár oibre nuálaíochta a chur chun cinn agus tá roinnt fachtóirí ar féidir dul i bhfeidhm ar a fhorbairt. Go háirithe, tá sé ríthábhachtach go ndéanfaí feistiú ar dhaoine leis na scileanna chun sárú i ngeilleagar nuálaíoch trí fhoghlaim fadsaoil agus institiúidí oideachais ardleibhéil a fhorbairt. Tá a dhóthain maoinithe ríthábhachtach chun ligean d'institiúidí ardoideachais na hÉireann an deichiú deicíl i sármhaitheas OECD a bhaint amach. Thacódh an NCC anailís riachtanas infheistíochta d'fhonn an maoiniú atá de dhíth chun an sprioc um thógáil córais ardoideachais agus taighde den scoth a fhreastalaíonn ar riachtanais eacnamaíocha agus sóisialta reatha agus todhchaíochta na hÉireann.

  Tá infheistíocht an rialtais i dtaighde agus i bhforbairt ríthábhachtach. Ag cur leis an mbunús taighde atá i bhfeidhm, tá sé tábhachtach go bhfuil tosaíochtaí taighde do T&F atá maoinithe go poiblí, ailínithe go leor le riachtanais na bhfiontar agus na mbraislí forbartha. Dúshlán mór a chaithfear aghaidh a thabhairt air ná an t-athrú bunathraithe atá de dhíth ó ghnóthaí d'fhonn feabhas a chur ar a gcumas chun freagairt ar riachtanais an mhargaidh trí mheán nuálaíocht agus eolas agus smaointí a ionsú ó gach foinse, lena n-áirítear taighde in Éirinn agus thar lear atá maoinithe go poiblí agus go príobháideach.

## Costs of Doing Business in Ireland, 2007

Rinne *Costs of Doing Business in Ireland 2007* comparáid idir costais an ghnó in Éirinn i gcoinne príomh-láithreacha iomaitheora. Cuireadh príomh-chostais ghnó i gcomparáid lena chéile thar 14 cathair – ceithre láthair Éireannacha agus ocht láithreacha idirnáisiúnta.

Príomh-thorthaí:

- Idir 2001 agus Deireadh Fómhair 2007, tharla caillteanas 19% in iomaíochas praghais idirnáisiúnta in Éirinn, toisc meascán de bhoilsciú praghsanna níos airde agus luachmhéadú an euro i gcoinne airgeadraí de chuid mórán dár bpáirtithe trádála. I dtéarmaí praghsanna tomhaltóra, is tír dhaor í Éire, leis na dara praghsanna is airde san AE-15 agus is tír í ina ardaíonn na praghsanna níos gasta ná i bhformhór na dtíortha eile san AE (tríú áit san AE-15).
- As an 14 láithreacha tagarmharcáilte, tá Baile Átha Cliath mar cheann de na cathracha is daoire. Léiríonn cathracha réigiúnacha na hÉireann (Corcaigh, Gaillimh agus Luimneach) buntáiste costais foriomlán fós i gcoinne formhór na láithreacha san AE-15 agus sna Stáit Aontaithe. Tá costais sna cathracha ard-ioncaim go léir i bhfad níos airde ná iad siúd i mBudapest, Bangalore agus Singeapór, arb dhual iad de na cathracha lena bhfuil Éire in iomaíocht leo le haghaidh infheistíocht soghluaiste.
- Is amhlaidh go bhfuil costais saothair agus costais iompair in Éirinn measartha iomaíoch ó thaobh costais de. Tá iomaíochas costais na hÉireann tacaithe chomh maith ag cánacha ar shaothar agus bhrabúis atá réasúnta íseal. Ach d'imigh buntáiste costais saothair na hÉireann i laige toisc boilsciú pá níos airde in Éirinn i gcomparáid le láithreacha ard-ioncaim eile. Tá Doire, Béal Feirste agus Manchain, cathracha atá an-cóngarach do láithreacha Éireannacha, níos iomaíche ó thaobh costais de ná na cathracha Éireannacha go léir atá tagarmharcáilte thar formhór na gcatagóirí poist.
- I measc na príomh-chostais ionchuir ghnó a chuireann iomaíochas costais foriomlán na hÉireann i laige tá costais mhaoine (talamh a cheannach, tógáil agus costais chíosa), costais fóntais, go háirithe leictreachas, glaonna fóin phóca, diúscairt uisce agus dramhaíola, agus príomh-sheirbhísí teaghlaigh, lena n-áirítear TF, cuntasaíocht agus seirbhísí dlíthiúla. Cé gur thit costais dramhaíola ó dháta na tuarascála bonnlíne i 2006, lean formhór na gcatagóirí eile, go háirithe maoin, orthu ag méadú go mór.

## Athbhreithniú Dea-bhail

In Éirinn agus go hidirnáisiúnta, tá spéis mhéadaithe ann i gcoincheap an dea-bhail atá sainmhínithe i gcoitinne mar rud a ionchorpraíonn gnéithe na gcaighdeán maireachtála, cáilíocht na beatha, sástacht agus sásamh saoil. I 2007, ghabh an NCC faoi thaighde a rinne scrúdú ar an gcaidreamh atá ann idir iomaíochas agus dea-bhail agus mheas sé conas is féidir le hiomaíochas agus dea-bhail a bheith chomh-thacúil.

Is iad na príomh-thorthaí ná:

- Feidhmíonn Éire go maith i gcoitinne i dtéarmaí bearta dea-bhaile níos leithne.
- Is iad iomaíochas agus ardleibhéil na gcaighdeán maireachtála ábhartha príomh-spreagthaí na dea-bhaile. Mar shampla, spreagann polasaithe a thacaíonn ardleibhéil fostaíochta leanúnacha agus tiomantas d'oideachas agus oiliúint leanúnach, iomaíochas agus dea-bhail araon.
- Tá an caidreamh idir iomaíochas agus dea-bhail ag eirí níos láidre agus níos comh-thacúla. Tá timpeallacht a thacaíonn le hardleibhéil dea-bhaile ag eirí ina spreagadh tábhachtach d'iomaíochas de réir mar a oibríonn Éire d'fhonn daoine agus comhlachtaí den scoth a mhealladh. Is fiú le rá go dtugann mórán de na tréithe a chuireann ardleibhéil dea-bhaile chun cinn, ar nós caidrimh phearsanta láidre, ardleibhéil iontaoibhe sóisialta, ardleibhéil rannpháirtíochta sa chóras oideachais agus sa lucht saothair, tacaíocht ar fáil d'iomaíochas chomh maith. Is dóchúil go dtiocfaidh fás ar luach na dtréithe seo de réir mar a iarann Éire aistriú i dtreo táirgeadh na n-earraí agus seirbhísí dian-eolais.

## Review of International Assessments of Ireland's Competitiveness

Gabhann raon comhlachtaí idirnáisiúnta faoi mheasúnaithe d'iomaíochas na hÉireann agus tá ard-infheictheacht ag a lán acu i measc infheisteoirí agus tráchtairí idirnáisiúnta. Rinne an páipéar athbhreithniú ar na measúnaithe seo agus tharraing siad a bpríomh-thorthaí le chéile maidir le hÉire[3].

Ar an iomlán, tugann tuarascálacha domhanda maidir le hiomaíochas le fios go bhfuil Éire fós i measc na geilleagair is iomaíche. Tá fianaise soiléir ann, áfach, go bhfuil iomaíochas na hÉireann tar éis titim ó 2000 i leith, go háirithe ón suirbhé IMD is déanaí. As an 55 tír a tagarmharcáladh i 2007 ag IMD, bhí Éire rangaithe sa 14ú áit ar an iomlán, titim de seacht n-áiteanna ó 2001. Trasna na ceithre tuarascálacha a athbhreithníodh sa pháipéar seo, b'ionann meán rangú na hÉireann agus an 9ú áit as na tíortha AE-15.

I measc láidreachtaí na hÉireann tá ár macra-gheilleagar, polasaí fioscach, an margadh saothair, an margadh agus an chreatlach rialála, dearcaidh agus luachanna sochaí na hÉireann i leith domhandú agus iomaíochas. Feictear laigí i réimsí ar nós praghsanna, bonneagar, nuálaíocht agus T&F agus inbhuanaitheacht comhshaoil ina bhfuil rangú na hÉireann faoi bhun an meán. Tá laigí leanúnacha i dtéarmaí bonneagair agus iomaíochas na bpraghsanna, i dteannta leis an bhfeidhmíocht measartha olc dár n-easpórtálaithe le blianta beaga anuas freagrach as ucht cuid mhór den titim i rangaithe iomaíochais idirnáisiúnta na hÉireann.

I gcoitinne, déantar rangaithe na hÉireann a threisiú ag feidhmíocht láidir i mbearta iomaíochais reatha, ar nós leibhéil táirgiúlachta agus táscairí fostaíochta, in ionad spreagthaí dóchúla d'iomaíochas sa todhchaí, cosúil le bonneagar nó cultúr nuálaíochta. As spreagthaí an iomaíochais sa todhchaí, luíonn laigí na hÉireann i réimsí ina bhfuil aird de dhíth orthu láithreach d'fhonn dul i bhfeidhm ar athrú fadtéarmach, in ionad iad siúd ar féidir a athrú níos éasca.

3 Is iad na tuarascálacha ná an Global Competitiveness Report de chuid an World Economic Forum; an World Competitiveness Yearbook de chuid an Institute for Management Development; Growth and Jobs Strategy de chuid an AE lena n-áirítear an Lisbon Scorecard analysis of member state performance in delivering the strategy de chuid an Centre for European Reform; agus European Competitiveness Index de chuid Huggins Associates.

## Comhdháil – Ath-choincheapú Iomaíochais na hÉireann

Thionól an NCC comhdháil, Ath-choincheapú Iomaíochais na hÉireann, in Eanáir 2008 i dTeach Farmleigh. Ba é cuspóir na himeachta ná fóram a chruthú do cheannairí ó ghnó, lucht déanta polasí agus acadaimh na hÉireann chun na príomh-dhúshláin atá os comhair iomaíochas na hÉireann sa mheán-téarma agus go fadtéarmach a aithint agus a thaiscéaladh. D'fhreastal níos mó ná 140 toscaire ar an imeacht.

Rinne an chomhdháil scrúdú príomha ar raon ghnóthaí atá ag freagairt go rathúil ar na brúnna iomaíocha atá os a gcomhair agus conas a thacaíonn an timpeallacht ghnó reatha in Éirinn a gcuid iomaíochas. Bhí forbairt na bpríomh-réimsí polasaí chun tacaíocht a thabhairt d'fhás eacnamaíoch na todhchaí trí mheán earnáil fiontar iomaíoch a chothú agus a chothabháil ag croílár na díospóireachta.

I measc na príomh-théamaí a tháinig chun cinn bhí:

- Bun-athrú a bhainistiú;
- Réimsí a aithint inar féidir éirí go maith le hÉire;
- Lucht saothair oilte agus solúbtha a chothabháil;
- An geilleagar eolais a fhorbairt;
- Bonneagar na hÉireann a fhorbairt;
- Geilleagar uile-oileán a fhorbairt; agus
- Tábhacht mhéadaithe na saincheisteanna a bhaineann leis an gcaighdeán maireachtála.

B'ionchur mór iad na díospóireachtaí agus torthaí ón gcomhdháil i gclár oibre an NCC i 2008.



*Sa ghrianghraf le Cathaoirleach an NCC Don Thornhill (lár) tá roinnt de na cainteoirí ón NCC Competitiveness Conference lena n-áirítear (C go D) An tOllamh. Stéphane Garelli, An Dr. James Coleman, Alan Crosbie, Martin Cronin, Andreas Biermann, Sir George Quigley, An Dr. Alan Aherne agus Patrick Cooney.*

## Review of the European Single Market

I 2007 chuir Forfás an tuarascáil, *Review of the European Single Market* i gcrích. Is léargas cuimsitheach é an tuarascáil ar thionchar an Mhargaidh Aonair ó thaobh dearcaidh na hÉireann de ónar tugadh isteach go luath sna 1990í é.

Déanann sé scrúdú ar stair forbartha an Mhargaidh Aonair agus taithí trádála na hÉireann san Eoraip. Dearbhaíonn sé go raibh an Margadh Aonair tábhachtach d'fhás agus d'éagsúlú trádála agus fiontair na hÉireann araon agus ar mhaithe le feabhas a chur ar mhealltacht na hÉireann d'infheistíocht díreach coigríche. Fuair an tuarascáil amach gur thug an Margadh Aonair fíor-thairbhí ar fáil do thomhaltóirí, i dtéarmaí raon agus caighdeán na n-earraí agus seirbhísí atá ar fáil, fad is a dhíríonn sí ar roinnt de na dúshláin atá fágtha do ghnóthaí agus thomhaltóirí araon.

Soláthraíonn sé céimeanna praiticiúla ar féidir leanúint chun cabhrú don Mhargadh Aonair a chumas acmhainneachta iomlán a bhaint amach do ghnóthaí agus thomhaltóirí na hÉireann.

I measc na moltaí um fheabhsú na dtairbhí do ghnó an mhargaidh shingil tá:

- Soláthar árachais trasteorann a spreagadh;
- Nósanna imeachta na n-iasachtaí gnó a shimpliú; agus
- Foinsiú trasteorann na n-ionchur chuig táirgeacht a chur chun cinn.

Do thomhaltóirí na hÉireann déanann an tuarascáil moltaí d'fhonn:

- Meabhraíocht an Mhargaidh Shingil a mhéadú;
- Difríochtaí praghais trasteorann a imscrúdú;
- Cuir chun cinn agus éascaíocht ríomhthráchtála nua a thabhairt isteach; agus
- Rogha sna hearnálacha poist agus baincéireachta a mhéadú.

## Éascú Trádála

Lean Forfás air ag imscrúdú féidearthacht an chórais 'Fuinneog Shingil' d'Éire le haghaidh imréiteach custaim leictreonach na n-allmhairithe agus na n-onnmhairithe a bhfuil sé de chumas acu an t-ualach rialála bainteach le trádáil a laghdú. Rinne Forfás cuir i láthair do phríomh ghealllshealbhóirí ar an ábhar i rith 2007.

Ghlac Forfás faoi próiseas comhairliúcháin ar leith freisin d'fhonn imscrúdú a dhéanamh ar an gcumas acmhainneachta atá ann chun Éire a fhorbairt mar lárionad do ghníomhaíochtaí um éascú trádála digití, leis na réamh-thorthaí curtha faoi bhráid Roinne an Taoisigh. Is é Forfás an teagmháil oifigiúil chomh maith leis na grúpaí idirnáisiúnta atá ag forbairt caighdeán trádála.

## Indirbheartaíochtaí Trádála Idirnáisiúnta

Leanann Forfás air ag soláthar tacaíochta taighde agus comhairle polasaí don Roinn Fiontar, Trádala agus Fostaíochta maidir le staid na hÉireann ag leibhéal na hEagraíochta Dhomhanda Trádála (WTO) agus Coimisiún an AE araon a fhorbairt. Tá na hidirbheartaíochtaí tábhachtach d'Éire mar gheilleagar oscailte beag atá ag brath go mór ar thrádáil idirnáisiúnta le haghaidh fás agus poist.

I gcomhar leis an nGrúpa Straitéise Seirbhísí, tá Forfás ag déanamh measúnú ar sheasamh idirbheartaíochta idirnáisiúnta na hÉireann maidir le seirbhísí agus d'ostaigh siad siopoisiam le haghaidh an Roinn Fiontar, Trádala agus Fostaíochta agus foireann na gníomhaireachta forbartha, ina thug saineolaithe idirnáisiúnta ón OECD agus acadaimh Éireannacha agus RA aitheasc ann.

## Perspectives on Irish Productivity

*Perspectives on Irish Productivity*, sraith aistí ag smaointeoirí eacnamaíocha ceannaireachta maidir le príomh-shaincheisteanna a bhaineann le fás táirgiúlachta agus taighde, a foilsíodh ag Forfás i 2007. Foilsíodh an leabhar ar iarratas an t-iar-Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Micheál Martin,, a d'iarr ar Forfás saincheist na taighde i bhfás táirgiúlachta a chur in ord tosaíochta.

Dhírigh na haistí ar an dá dhúshlán a bheidh os comhair na hÉireann ó thaobh na táirgiúlachta de sa todhchaí: conas ráta an fháis táirgiúlachta a mhéadú in earnálacha neamh-onnmhairithe; agus, conas timpeallacht ghnó mealltach a chothabháil do ghnólachtaí onnmhairithe d'fhonn ardleibhéil fháis táirgiúlachta a chothú. Bhí roinnt ceachtanna sa leabhar chomh maith chun polasaí tionsclaíoch na hÉireann sa todhchaí a chur in iúl faoi cheithre teideal:

- Tionchar na n-iarmhairtí táirgiúlachta;
- Dáileadh réigiúnach an fháis eacnamaíoch;
- Ról na T&F; agus
- Ról na micrea-pholasaithe atá dírithe ar thacaíocht a thabhairt d'fhiontar na hÉireann.




*Ag seoladh na tuarascála Ireland's Co-operative Sector bhí an tAire Trádála agus Tráchtála, John McGuinness TD, Martin Cronin, Príomhfheidhmeannach, Forfás, Eoin Gahan, Forfás agus Shane Quinlan, Forfás.*

## Staidéir Táirgiúlachta

Ina dhiaidh foilsiú Perspectives on Irish Productivity, ostáladh roinnt seimineáir chun meabhraíocht agus díospóireacht a chur chun cinn maidir le roinnt de na saincheisteanna a thugadh chun suntais sa leabhar.

Bhunaigh Forfás roinnt Sparánachtaí Taighde Táirgiúlachta chomh maith, €5,000 luach an ceann, le bheith bronnta ar bhonn bliantúil do mhic léinn iarchéime. Is é cuspóir na sparánachtaí ná spreagadh a thabhairt do thaighde faoi mhaoirseacht ar phríomh thoisí na táirgiúlachta agus baint aige leis an bpolasaí náisiúnta. Trí mheán cumarsáid oscailte, d'iarr Forfás ar iarratais go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta do na dámhachtainí seo le haghaidh taighde a bhí dírithe ar nó ar dhóchúil go gcuirfidh sé le, roghanna polasaí a aithint.

Bronnadh trí sparánachtaí go dtí seo, ag féachaint ar an gcaidreamh idir leibhéil chomhchruinnithe tionscail agus éifeachtacht éifeachtachta; an chomhbhabhtáil idir na coigiltis chostais ó fhoinsiú allamuigh agus na rioscaí gaolmhara; agus éifeachtaí an idirnáisiúntaithe, srianta creidmheasa agus frithchuimilt an mhargaidh saothair ar éifeachtacht agus táirgiúlacht na ngnólachtaí agus earnálacha.

## Cnámhscéalta Socheacnamaíocha

I rith 2007, d'fhorbair Forfás tacar cnámhscéalta socheacnamaíocha d'Éire agus í mar aidhm acu straitéisí éifeachtacha a aithint ar féidir a chur i bhfeidhm anois d'fhonn earnáil fiontair iomaíoch inmharthana a chinntiú i 2025.

Ní féidir linn an todhchaí a thuar go cruinn, ach ní mór dúinn a bheith ullamh di. Déanfaidh na cinntí a dhéanaimid inniu roghanna, straitéisí agus cinntí na todhchaí a chruthú, a chur in iúl, a chumasú agus a shrianadh. Tá cumas na hÉireann forbairtí áirithe ar eacnamaíocht an domhain a mhúnlú teoranta Chun bheith iomaíoch fós ní mór go dtuigfeadh Éire treochtaí níos fadtéarmaí agus an tsolúbthacht riachtanach ar bheartas a tharraingt isteach le plé leis na hathruithe domhanda seo.

Tá na cnámhsceálta bunaithe ar thacar aitheanta de cheithre neamhchinnteachtaí ríthábhachtacha nach bhfuil faoinár smacht:

- Fuinneamh;
- Athrú Aeráide / Timpeallacht;
- Domhandú; agus
- Luachanna Sóisialta.

Mar chuid de phróiseas forbartha na gcnámhscéalta, gabhadh faoi chleachtas comhairliúcháin leathan le daoine sinsearacha ó eagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta d'fhonn a gcuid tuairimí a fháil faoi cad a bheidh i gceist leis na cinn tiomána i múnlú an domhain agus na hÉireann i 2025, agus cuireadh roinnt grúpaí fócais agus sain-agallaimh i gcrích. Tháinig roinnt príomh-théamaí chun cinn ón bpróiseas seo a ionchorpraíodh ansin isteach i dtógáil na gcnámhscéalta agus táid comhshnaidhmthe san anailís.

## Earnáil Chomhoibríoch na hÉireann

Mar chuid den athbhreithniú Roinn Fiontar, Trádala agus Fostaíochta ar an gcreatlach reachtach agus eagraíochtúil do chomharchumainn in Éirinn d'fhoilsigh Forfás próifíl den earnáil fiontair chomharchumainn in Éirinn agus go hidirnáisiúnta. D'aithin Earnáil Chomhoibríocha na hÉireann na príomh-dhúshláin agus deiseanna don earnáil.

Fuair an tuarascáil amach i 2006, go raibh 1,040 comharchumainn cláraithe in Éirinn le níos mó ná 270,000 baill. Ghin an earnáil thart ar €3.8 billiún in ioncam ó díolacháin[4] agus d'fhostaigh sí os cionn 38,000 duine. Tá formhór na gcomharchumann in Éirinn bainteach le talmhaíocht, a sheasann do 98% den láimhdeachas iomlán den earnáil comharchumainn. Ar bhonn domhanda, meastar go bhfuil níos mó ná 800 milliún baill de chomharchumainn, le comharchumainn ag cur poist ar fáil do níos mó ná 100 milliún daoine.

Thug an phróifíl roinnt saincheisteanna chun suntais atá le bheith measta mar chuid d'athbhreithniú Roinn Fiontar, Trádala agus Fostaíochta na hearnála:

- Creatlach chabhrach a chur ar fáil i dtreo is go mbainfear amach cumas acmhainneachta iomlán an mhúnla comharchumainn, i réimsí ar nós cúram leanaí, oideachas, tithíocht agus cúram sláinte san áireamh;
- Bunús teagmhála réidh a chinntiú idir comharchumainn agus na roghanna dlíthiúla eile um struchtúrú gníomhaíochtaí fiontair; agus
- Tuiscint níos fearr den mhúnla comharchumainn éagsúil ó chineál eagraíochta a chur chun cinn.

4 Ní áiríonn sonraí ó 2005 – Comhair Chreidmheasa atá cláraithe leis an IFSRA.

## An Fóram um Rialachán Gnó

Chuir Forfás taighde agus tacaíocht riaracháin ar fáil don Fhóram um Rialachán Gnó i 2007. Bunaíodh an Fóras chun comhairle a thabhairt don Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta maidir leis na saincheisteanna rialála atá ag dul i bhfeidhm ar ghnó in Éirinn.

Chuir an Fóram a thuarascáil deireanach faoi bhráid an Aire in Aibreán 2007. Bhí an tuarascáil bunaithe ar aighneachtaí a fuarthas ó ghnóthaí Éireannacha, comhrá le príomh-gheallsealbhóirí, dian-taighde faoi thionchar an rialacháin ar ghnó in Éirinn agus taighde faoi forbairtí idirnáisiúnta i rialáil níos fearr.

Fuair an tuarascáil amach gurb í tuairim gnóthaí na hÉireann ná go raibh na hualaí rialála agus riaracháin ró ard. Mhol sé gur chóir clár um laghdú na n-ualaí a fhorbairt leis na tréithe seo a leanas aige:

- Ba cheart dó díriú ar na cúig réimse ina aithníodh rialáil le bheith mar an réimse is troime in Éirinn: cáin; sláinte & sábháilteacht; rialáil timpeallachta; iarratais ar eolas staitistiúil; agus fostaíocht & dlí na gcuideachtaí.
- Ba cheart an Múnla Caighdeánach Costais a úsáid chun na hualaigh a thomhais laistigh de na réimsí seo chomh maith leis na tairbhí a baineadh amach.
- Ba cheart go mbeadh sprioc ann, a ríomhtar mar chéatadán den OTN nó atá léirithe mar mhéid iomlán, bunaithe ar a ghnóthaíodh i dtíortha eile.

Seoladh tuarascáil an Fhóraim ag an iar-Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Micheál Martin TD i 2007 agus tháinig an bunú de Ghrúpa Ardleibhéal ar Rialú Gnó as, faoi chathaoirleacht ag an Roinn Fiontar, Trádala agus Fostaíochta. Tá an Rialtas tiomanta chomh maith do sprioc chun an t-ualach rialála ar ghnóthaí a laghdú faoi 25% faoi 2012.



*Sa ghrianghraf ag seoladh na tuarascála de chuid an Business Regulation Forum bhí Cathaoirleach an Fhóraim an tUas Donal de Buitléir*



inbhuanaitheacht

# Inbhuanaitheacht

Aithníodh inbhuanaitheacht comhshaoil go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta mar phríomh shaincheist d'fhorbairt an fhiontair. Cé go gceaptar go gcruthaíonn sí roinnt dúshláin, cuireann sí deiseanna suntasacha ar fáil chomh maith do bhonn fiontair na hÉireann.

Leis an t-éileamh ar earraí, phróisis agus sheirbhísí atá níos fearr don chomhshaol ag fás go mór, cruthófar deiseanna fáis láidre le haghaidh comhlachtaí Éireannacha i margaí idirnáisiúnta, agus seans go gcruthaíodh siad deiseanna infheistíochta coigríche díreacha nua d'Éire má fhorbrófar margaidh earraí agus seirbhísí comhshaoil láidir.

Braithfidh cumas na hÉireann chun leanúint ar aghaidh ag mealladh ardleibhéil infheistíochta díreach eactrach agus chun geilleagar tacaíochta a sholáthar do thionscal na hÉireann i gcoitinne ar a hinniúlacht soláthar fuinnimh daingean agus inbhuanaithe a sheachadadh ar chostas iomaíoch. Tá sé ríthábhachtach freisin a chinntiú go gcomhlíonann seirbhísí agus bonneagar comhshaoil eile - ar nós bainistiú dramhaíola agus uisce - riachtanais bhonn fiontraíochta na hÉireann. I 2007 d'aithin Forfás dúshláin bonneagair ag tabhairt aghaidh ar fhiontar in Éirinn ag tagarmharcáil feidhmíocht na hÉireann i gcoinne geilleagair cheannasaíochta eile agus ag an am céanna ag aithint na deiseanna d'fhiontair don earnáil seirbhísí agus earraí fuinnimh/comhshaoil.

## Ag Measúnú na hImpleachtaí do Thionscal na hÉireann d'Athbhreithnithe ar Scéim Trádála Astuithe an AE

I mí na Samhna 2006, d'fhoilsigh an tAE a athbhreithniú ar an Scéim Trádála Astuithe (ETS) agus í mar aidhm aige athruithe móra a ionchorprú le Pas III, atá ag tosú in Eanáir 2013. Rinne Forfás, ar iarratas na Roinne Fiontar, Trádala agus Fostaíochta

anailísiú ar na tionchair iomaíochais ar rannpháirtithe an ETS de na tograí éagsúla:

- Leathnú na scéime chuig earnálacha eile an gheilleagair seachas suiteálacha dócháin;
- Astuithe ceaptha teasa eile (neamh-$CO_2$) a chur san áireamh;
- An modh um dháileadh ceadúnais astuithe a athrú;
- Comhoiriúnú méadaithe de Phleananna Leithdháilte Náisiúnta ag leibhéal an AE; agus
- Athrú i leith an fhráma ama don tréimhse trádála ETS.

Is iad seo a leanas na torthaí, a úsáideadh chun ionchuir na hÉireann isteach i nGrúpa oibre an AE a chur ar an eolas:

- Níor tháinig droch-tionchair iomaíochais mhóra as rannpháirteachas i bPas I den ETS AE le haghaidh formhór na bhfiontar Éireannacha atá bainteach sa Scéim.
- Is dóchúil go mbeidh bagairtí iomaíochais le brath ag earnálacha ardfhuinnimh (.i. stroighin, alúmana, roinnt gnólachtaí san earnáil bhia) i bPas II de ETS an AE i bhfoirm costais fhuinnimh ardaithe mar chéatadán dá gcuid oll-bhreisluacha.
- Beidh costais ardaithe le brath ag an earnáil powergen chomh maith ach beidh sí in ann na costais seo a chur ar aghaidh go dtí na tomhaltóirí.
- I gcomhshaol iar-2012 (Pas III), tá torthaí measctha ann d'fhiontar na hÉireann. Ar thaobh amháin, seans go n-oibreoidh gluaiseacht i dtreo modheolaíochtaí leithdháilte tagarmharcáilte chun leasa na hÉireann toisc éifeachtacht choibhneasta na ngléasraí tionsclaíocha. Mar sin féin, is dóchúil nach mbeadh teorainn astuithe níos doichte, leibhéal méadaithe um cheantáil ceadúnais, iniamh dóchúil na hearnála eitlíochta, agus an cumas féideartha chun srian a chur ar úsáid na meicníochtaí solúbtha, fabhrach d'Éire.

## Ag Ionchorprú Costais Chomhshaoil ó Gháis Cheaptha Teasa i Múnla Measúnaithe Infheistíochta na nGníomhaireachtaí Forbartha

I rith 2007, sheachaid Forfás múnla measúnaithe leasaithe a ionchorpraigh costais chomhshaoil ó gháis cheaptha teasa isteach sa phróiseas cinnteoireachta infheistíochta, mar chuid d'fhoireann tras-ghníomhaireachta.

Cuireadh tiomantas de chuid Rialtais na hÉireann i leith dul i ngleic le hathrú aeráide i láthair go soiléir sa Straitéis Náisiúnta ar Athrú Aeráide. D'aithin an straitéis anailís infheistíochta mar phríomh-uirlis le haghaidh rialú ar astuithe gáis cheaptha teasa a spreagann athrú aeráide (GHGanna). Mar thoradh, d'iarr an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta go n-aithneoidh na gníomhaireachtaí forbartha bealach um ionchorprú costais na n-astuithe GHG ina gcuid cinntí infheistíochta.

Bunaíodh foireann tras-ghníomhaireachta agus comhaontaigh sí gurb í an tslí is oiriúnaí chun na costais d'astuithe GHG a áireamh i gcinntí infheistíochta na ngníomhaireachtaí ná chun athraitheach costais astuithe nua a ionchorprú isteach san anailís costais tairbhe (.i. an múnla measúnaithe eacnamaíoch) a fheidhmítear ag gníomhaireachtaí ar thionscadail infheistíochta ionchais.

Gabhadh faoi thaighde maidir le slite chun dul i ngleic leis na ceithre cheist bunúsacha seo a leanas:

- Cad iad na cúinsí ina gcuirfear múnla coigeartaithe i bhfeidhm?
- Conas a dhéanfar na hastuithe GHG a chainníochtú?
- Conas a chuirfear praghas ar na hastuithe GHG?
- Conas a rachaidh oibríocht an mhúnla i bhfeidhm ar na cinntí infheistíochta de chuid na gníomhaireachtaí?

D'fhonn costais nó pionóis éagothroma a ghearradh ar ghnóthaí a sheachaint, beartaíodh air nach raibh an múnla le bheith curtha i bhfeidhm ach amháin nuair a thabhódh an rialtas costas díreach mar thoradh ar astuithe ó thionscadal tionsclaíoch. Beidh an múnla coigeartaithe i bhfeidhm ar fhorbairtí leathnaithe nó úrnua amháin a iarrann méadú i gcumas giniúna cumhachta na gnólachta, nó in astuithe próisis óna bhfuil creidmheasanna carbóin de dhíth agus nach fuarthas iad ag an gcomhlacht. Tá cainníochtú na n-astuithe le bheith bainte amach trí mheán úsáid bhreosla ionchais tugtha a aistriú go coibhéis charbóin. Is é an modh praghsála a úsáidtear ná praghas na gceadúnas carbóin de réir mar a nochtadh i margadh na todhchaí um

cheadúnais charbóin. Táthar ag triail an múnla faoi láthair ar bhonn píolótach. Léirítear na fíor glan-tairbhí don gheilleagar ar féidir a bheith ag súil leo le fabhrú ó thionscadal infheistíochta ós rud é go bhfuil sé freagrach as na fíor-chostais don Stát a thagann chun cinn as an iomarca astuithe GHG ó fhiontar, níos fearr sa mhúnla coigeartaithe.

## Grúpa Comhairleach Leithdháilte Náisiúnta (NAAG)

Ceapadh an Grúpa Comhairleach Leithdháilte Náisiúnta (NAAG) ag Rialtas na hÉireann chun comhairle a chur ar an EPA maidir le conas is fearr ar féidir a dhualgais a chomhlíonadh nuair atá Plean Leithdháilte Náisiúnta na hÉireann á dhéanamh aige le haghaidh a spriocanna astuithe faoi Phrótacal Kyoto. Is ball an Ghrúpa é Príomhfheidhmeannach Forfás a áiríonn na Príomhfheidhmeannaigh chomh maith (agus/nó a n-ainmnithe sinsearacha) den Choimisiún um Rialú Fuinnimh, Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta agus Sustainable Energy Ireland, in éineacht le hArd-Stiúrthóir an EPA, faoi chathaoirleacht an Dr Edward Walsh.

I rith 2007, chuir Forfás ionchuir ar fáil mar bhall den ghrúpa maidir le saincheisteanna a bhain leis an dara Phlean Leithdháilte Náisiúnta (NAP II), cinneadh an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Plean molta na hÉireann agus saincheisteanna a thagann chun cinn ón bpróiseas comhairliúcháin phoiblí do NAP II. Leanfaidh Forfás air ag obair leis an NAAG i 2008.

## Cain Charbóin / $CO_2$

Rinne Forfás na tionchair féideartha ar fhiontar an fhuinnimh agus chánacha CO2 a mheas i 2007. Déanann sé an úsáid féideartha de chánachas a mheas mar uirlis chun inbhunaitheacht chomhshaoil fheabhsaithe a bhaint amach agus breathnaíonn sé ar cóir cánacha a úsáid d'fhonn na spriocanna nó cuspóirí atá leagtha síos i bpolasaí comhshaoil agus aeráide na hÉireann a bhaint amach, agus conas ar féidir é seo a dhéanamh don chostas is ísle gur féidir do ghnó na hÉireann.

Thug an taighde le fios go bhfuil cás gnó láidir ann do bhreathnú ar úsáid na gcánacha comhshaoil, agus tá sé seo buntacaithe ag tiomantas is déanaí an Chláir do Rialtas i leith cánachas carbóin a chur i bhfeidhm thar an chéad chúig bliana eile atá le teacht.

Clúdaíonn an leasú cánach comhshaoil trí phríomh réimse:

- Aistriú san ualach fioscach ó chostais saothair go costais chomhshaoil;
- Méadú i líon na gcánacha ar 'droch-rudaí' comhshaoil agus oiriúnú na scéimeanna eiseacha chun costais chomhshaoil seachtracha a dhéanamh inmheánach agus chun costais na seirbhísí comhshaoil a chlúdach; agus
- Baint na spreagthaí cánach as a dtagann díghrádú comhshaoil.

Bailíonn Éire cuid suntasach dá ioncam i láthair na huaire ó chánacha a bhaineann leis an gcomhshaol, go háirithe san earnáil iompair. Mar sin féin, d'fhonn na droch-tionchair iomaíochais de cháin charbóin a íoslaghdú, ba cheart roinnt prionsabail a uchtú:

- An gá go gcuirfear roghanna costais níos ísle i bhfeidhm go comhuaineach;
- Forordaíonn droch-sheasamh na hÉireann maidir le fuinneamh in-athnuaite an gá chun infheistíocht láidir a spreagadh sa réimse seo;
- Ní mór do chánacha carbóin a bheith neodrach ó thaobh ioncam de agus ba cheart go ndéanfar ioncaim a athchúrsáil chuig an tionscadal, i bpáirt ar a laghad; agus
- Tá uainiú ríthábhachtach agus ní mór an cháin a thabhairt isteach ar bhonn céimnithe, ag tosú ag leibhéal íseal agus ag ardú níos déanaí ina dhiaidh sin chun ligean don tionscal dul in oiriúint leis an gcóras cánach nua agus chun a úsáid fuinnimh a laghdú.

## Grúpa Oibre um Athrú Aeráide IEA

Chuir an Institute of European Affairs (IEA) tús le grúpa oibre go luath i 2007 chun aghaidh a thabhairt ar pholasaí na todhchaí um athrú aeráide in Éirinn. Tá an grúpa dírithe ar na himpleachtaí fadtéarmacha d'athrú aeráide agus polasaí um athrú aeráide d'Éire sa tréimhse iar-2012. Thionóil cúig fhoghrúpaí oibre go rialta chun gnéithe áirithe

d'athrú aeráide a phlé. Bhí Forfás ina chathaoirleach ar an bhfoghrúpa ar impleachtaí iomaíochais d'athrú aeráide.

Cuireadh torthaí na cúig foghrúpaí go léir le chéile i dtuarascáil a chuireadh faoi bhráid an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, John Gormley TD, i mí na Samhna 2007. Chuir Forfás torthaí na mbreithniúchán de chuid an fhochoiste iomaíochais i láthair ag an Lá Carbóin, ag imeacht a bhí ar súil i Meitheamh 2007 chun obair de chuid foghrúpa na hInstitiúide a fhógairt.

## Polasaí Bonneagair 2007

Oibríonn Forfás go dlúth leis an Roinn Fiontar, Trádala agus Fostaíochta, na gníomhaireachtaí forbartha agus ranna rialtais éagsúla chun riachtanais bhonneagair an fhiontair a aithint, a bhforáil reatha in Éirinn i dtéarmaí praghais, caighdeáin agus infhaighteachta a thagarmharcáil, agus chun na riachtanais pholasaí atá de dhíth d'fhonn ár bhfeidhmíocht a fheabhsú a aithint. Dhírigh Forfás ar roinnt phríomh ábhair bhonneagracha i 2007.

### Electricity Benchmarking Analysis and Priorities

Measann *Electricity Benchmarking Analysis and Priorities* feidhmíocht choibhneasta na hÉireann ar sholáthar leictreachais agus tugann sí roinnt saincheisteanna polasaí chun suntais ar cóir aghaidh a thabhairt orthu d'fhonn soláthar leictreachais le praghas níos iomaíche, atá níos daingne agus atá níos inbhuanaithe ó thaobh comhshaoil de a bhaint amach.

Bhí costas an leictreachais in Éirinn i 2007 mar an dara ceann is airde san Eoraip, agus tá sé seo ag cur isteach ar chumas na ngnólachtaí dul in iomaíocht i margaí idirnáisiúnta. Dúshláin suntasacha a bheidh i gceist chomh maith le slándáil an tsoláthair leictreachais sa mheántéarma agus rátaí arda na n-astuithe CO2 in Éirinn a laghdú. Cé go bhfuil roinnt fachtóirí a théann i bhfeidhm ar phraghsanna leictreachais lasmuigh de smacht díreach na hÉireann, ar nós luaineacht na bpraghsanna breosla domhanda, tá roinnt réimsí ann inar féidir le hÉire feidhmiú chun iomaíochas costais a ath-shlánú agus leorgacht ár soláthar leictreachais a fheabhsú. Tá forfheidhmiú iomlán uathúil na ngníomhartha atá leagtha amach i bPáipéar Bán an Rialtais ar Fhuinneamh ríthábhachtach chun feidhmíocht na hÉireann a fheabhsú maidir le freastal ar riachtanais leictreachais an ghnó.

Áiríonn tosaíochtaí:

- Iomaíochas a mhéadú sa mhargadh leictreachais trí mheán iontrálaithe nua a spreagadh agus a éascú, an díchuachadh úinéireachta iomlán den líonra tarchurtha agus soláthar na n-idirnascairí beartaithe i dTuaisceart na hÉireann agus san RA.
- Ní mór do chumas giniúna breise teacht i bhfeidhm chomh maith de réir mar a bhí beartaithe dó d'fhonn soláthar leictreachais leorga a chinntiú sa mheántéarma go dtí an fadtéarma.
- Tá ról lárnach ag úsáid fuinnimh níos fearr ag tomhaltóirí gnó agus teaghlaigh chomh maith maidir le dul i ngleic le saincheisteanna leorgachta.

### Ireland's Broadband Performance and Policy Requirements

Leanann Forfás air ag measúnú feidhmíocht inchomparáide na hÉireann i dtéarmaí gabhála leathanbhanda, praghsanna, infhaighteacht, caighdeán agus rogha.

Príomhthorthaí:

- Tá gabháil an leathanbhanda fós ag fás go mór in Éirinn. Mar thoradh, tháinig feabhas ar sheasamh na hÉireann go dtí an 21ú tír as na 32 tír tagarmharcáilte i Meitheamh 2007, i gcomparáid le bheith sa 24ú áit i Meitheamh 2006. Mar sin féin, tá ráta frithbhriste leathanbhanda in Éirinn a sheasann ag 15.4% fós taobh thiar de mheán an OECD a sheasann ag 18.8%.
- I leith seirbhísí leathanbhanda do ghnó, téann Éire i gcomparáid go maith ó thaobh praghsanna de le haghaidh línte léasaithe 34 Mbit/s ach tá sí níos daoire do luasanna leathanbhanda eile, ar nós 6 Mbit/s ADSL agus 2 Mbit/s SDSL.
- Is í an tsaincheist láithreach ó thaobh forbartha fiontair de ná raon agus luas teoranta de na seirbhísí leathanbhanda atá ar fáil agus a gcostas choibhneasta níos airde. Cosnaíonn an luas is airde atá ar fáil go forleathan in Éirinn (6 Mbit/s) i 2007, ceithre nó cúig huaire níos mó ná seirbhísí le luas i bhfad níos airde (ADSL) i dtíortha ar nós an Fhrainc agus an Ghearmáin.

Cé go bhfuil tíortha gabhála leathanbhanda fós ag fás go mór, ní mór aghaidh a thabhairt ar roinnt saincheisteanna fós chun a chinntiú gur féidir le hÉire freastal ar riachtanais leathanbhanda an fhiontair. Ina measc seo tá:

- Iomaíochas agus infhaighteacht na dtairiscintí ardseirbhíse a fheabhsú;
- Dul i ngleic leis na difríochtaí réigiúnacha i bhfeidhmíocht leathanbhanda;
- Infhaighteacht uathúil an Chéad Líonra Giniúna Eile a chinntiú; agus
- An t-éileamh ar leathanbhanda a spreagadh, go háirithe, tionscnaimh chun úsáid níos sofaisticiúla TFC ag SMEanna a chur chun cinn, seirbhísí rRialtais feabhsaithe agus cur chuige níos comhtháite i leith oideachais TFC.

### Waste Management in Ireland: Benchmarking Analysis and Policy Requirements

Tá costais agus raon na seirbhísí bainxistíochta dramhaíola atá ar fáil in Éirinn fós mar phríomh ábhar imní d'fhiontar na hÉireann. I 2007 chuir Forfás measúnú d'fheidhmíocht na hÉireann i mbainistíocht dramhaíola i gcrích trasna príomh-tháscairí agus rinne sé na saincheisteanna polasaí a scrúdú ar cóir dul i ngleic leo chun ligean d'Éire freastal ar na riachtanais bhainistíochta dramhaíola de chuid na hearnála fiontair.

Léiríonn an tuarascáil go leanann Éire uirthi, in ainneoin roinnt dul chun cinn, ag feidhmiú go holc i gcomparáid leis na tíortha tagarmharcála agus í ag freastal ar riachtanais bhainistíochta dramhaíola an fhiontair. Is ábhar imní ar leith iad na costais airde agus an tuilleamaí mór ar líonadh talún.

Thug an anailís trí ghníomh polasaí chun suntais atá de dhíth chun feidhmíocht inchomparáide na hÉireann maidir le freastal ar riachtanais bhainistíochta dramhaíola den bhonn fiontair a fheabhsú:

- Ag Dul i nGleic le hEaspaí Bonneagair

  Is í is cúis phríomha le tuilleamaí réasúnta ard na hÉireann ar líonadh talún ná dul chun cinn teoranta a rinneadh i leith bonneagar dramhaíola crua a sheachadadh. I measc na bonneagair sainiúla atá de dhíth tá cóireáil teirmeach le haghaidh dramhaíl guaiseach agus neamh-ghuaiseach, cóireáil bhitheolaíoch agus áiseanna athphróiseála.
- Ag Baint Constaicí i gcoinne Seachadadh Bonneagair

  Tá roinnt bacainní ann i gcoinne seachadadh an bhonneagair dramhaíola a luathú go náisiúnta. Áiríonn siad seo leasú margaidh d'fhonn iomaíochas a chur chun cinn; comhordú na bpleananna dramhaíola réigiúnaí; agus an próiseas pleanála a fheabhsú chun moilleanna fada a laghdú maidir le bonneagar a rolladh amach.
- Íoslaghdú agus Cosc Dramhaíola

  Is féidir le hinfheistiú na n-acmhainní in íoslaghdú agus cosc dramhaíola tairbhí fadtéarmacha féideartha a chur ar fáil d'iomaíochas na bhfiontar. Tá eagraíochtaí éagsúla cosúil leis na gníomhaireachtaí forbartha, IBEC agus EPA ag tabhairt faoi réimse tionscnaimh coisc ar dhramhaíl/thruailliú. Ní mór do na heagraíochtaí seo leanúint ar aghaidh lena gcuid iarrachtaí chun a chinntiú go bhfuil gnóthaí lán meabhrach faoi na tairbhí a bhaineann le cosc ar dhramhaíl.

### Calafoirt

I 2007, ghlac Forfás faoi athbhreithniú ardleibhéal de na saincheisteanna calafort in Éirinn ó thaobh forbartha fiontair de.

Tá nascacht náisiúnta agus idirnáisiúnta ríthábhachtach i ngeilleagar atá de shíor ag eirí níos domhandaithe. Toisc láthair geografach agus tuilleamaí na hÉireann ar mhargaí onnmhairithe, tá calafoirt tráchtála na hÉireann bailí do rathúnas na tíre. Le 99% de thrádáil idirnáisiúnta na hÉireann (i dtéarmaí toirte) a láimhseáladh ag na calafoirt, tá sé fíorthábhachtach go bhfuil cumas acmhainneachta, nascacht agus éifeachtacht leorga ag Éire i líonra na gcalafort chun freastal ar riachtanais na todhchaí.

Thug an t-athbhreithniú roinnt saincheisteanna chun suntais óna bhfuil tuilleadh imscrúdaithe de dhíth chun an ghluaisteacht éifeachtach d'earraí isteach agus amach as an tír a chinntiú. Ina measc siúd tá na riachtanais athraithe den bhunús fiontair, leorgacht an bhóthair inmheánaigh agus rochtana iarnróid chuig na calafoirt agus an fheidhmíocht inchomparáide de sheirbhísí lastas in Éirinn. I 2008, oibreoidh Forfás le geallsealbhóirí d'fhonn:

- Riachtanais dóchúla na todhchaí agus riachtanais reatha an bhoinn fiontair in Éirinn a imlíniú, go háirithe na riachtanais seirbhísí calafoirt meán-téarma de na hearnálacha trádála is mó in Éirinn.

- Feidhmíocht inchomparáide na hÉireann a thagarmharcáil i soláthar na seirbhísí lastas Roll ar Roll as agus Ardaigh ar Ardaigh as maidir le costais ar onnmhaireoirí agus allmhaireoirí; caighdeán agus raon na seirbhísí a sholáthraítear d'onnmhaireoirí agus d'allmhaireoirí; sofaisticiúlacht na réiteach loighistice agus bainistíochta lastais i dtéarmaí úsáide na TFC, láimhseáil trealaimh; agus tráthúlacht na seirbhísí a chuirtear ar fáil d'onnmhaireoirí agus d'allmhaireoirí (m.sh. am seachadta le haghaidh soitheach ón t-am a shroicheann sé an calafoirt go dtí an t-am a fhágann sé arís).
- Na príomh-shaincheisteanna a bhfuil gá dul i ngleic leo a aithint d'fhonn feidhmíocht choibhneasta na hÉireann sa ghearrtéarma, mheántéarma agus níos faide ar aghaidh a fheabhsú.

## Creatlach Fadtéarma do Pholasaí Fuinnimh

Tá peirspictíocht polasaí fadtéarmach ríthábhachtach i bhforbairt polasaí fuinnimh na hÉireann toisc na himpleachtaí fadtéarmacha de chinntí an lae inniu ar shaol na todhchaí. Is rud casta é déanamh an pholasaí fuinnimh in Éirinn toisc ceithre cuspóirí a d'fhéadfadh a bheith in easaontas – iomaíochas costais, slándáil an tsoláthair, inbhuanaitheacht agus athrú aeráide.

Mar chuid den tionscadal seo tá Forfás ag breathnú ar na comhbhabhtálacha idir na cuspóirí seo sa bhfadtéarma, tacaithe ag innéacs breosla fuinnimh chun na comhbhabhtálacha éagsúla idir na mórán foinsí fuinnimh a léiriú.

## Next Generation Networks

I 2007 lean Forfás air ag athbhreithniú riachtanais leathanbhanda fadtéarmacha na hÉireann agus na himpleachtaí polasaí. De réir mar a fhorbraíonn an teicneolaíocht, tiocfaidh fás mór ar an éileamh ar luasanna leathanbhanda atá méadaithe go mór thar na Next Generation Networks (NGNanna) nua atá IP-bunaithe agus tá tús curtha ar seo cheana féin ag roinnt tíortha trí mheán infheistiú i líonraí ar féidir freastal ar sheirbhísí na todhchaí.

Chuir Forfás tús le hobair i réimsí an leathanbhanda agus NGNanna chun na nithe seo a leanas a mheas:

- Bonneagar eiseach na gcumarsáidí in Éirinn, go háirithe maidir le forbairt snáithíní;
- Leibhéil reatha an chlúdaigh féideartha le tógáil bonneagair mhéadaithe; agus
- Costais atá ag teacht chun cinn ó leathnú agus/nó úsáid a bhaint as bonneagair cumarsáidí reatha an stáit.

Beidh tionchar dearfach ag forbairt na NGNanna ar fhiontar agus go háirithe rachaidh sé chun leasa forbróirí agus soláthraithe seirbhísí i réimsí siamsaíochta, sláinte agus oideachais. Ní amháin go bhforbróidh na fiontair atá i gceist seirbhísí a fhreastalaíonn ar chumas an líonra, ach, seirbhísí a ghinfidh éileamh ar chumais atá níos fearr fós sa todhchaí, nuair atá a leithéid á dhéanamh.

In Aibreán 2007, d'ostaigh Forfás mór-chomhdháil i mBaile Átha Cliath ina gcuireadh príomh-threochtaí margaidh leathanbhanda agus rinneadh roinnt roghanna polasaí um fhorbairt bonneagar cumarsáidí an chéad ghlúin eile in Éirinn a phlé. Tar éis na comhdhála, d'fhógair an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha go ndéanfaí grúpaí comhairleach idirnáisiúnta chun teacht le chéile agus fís a chur i láthair d'Éire agus do NGNanna. Ceapadh Príomhfheidhmeannach Forfás mar bhall an Fhóraim Chomhairleach Idirnáisiúnta ar NGNanna.



**An Dr. Máire C. Walsh**
Cathaoirleach

Irish National Accreditation Board

# An Bord Náisiúnta um Chreidiúnú (INAB)

Is é an Bord Náisiúnta um Chreidiúnú (INAB) foras náisiúnta na hÉireann laistigh de líonra Eorpach na bhforas creidiúnaithe. Déanann INAB measúnú ar chomhlachtaí deimhnithe, saotharlanna agus comhlachtaí iniúchta le haghaidh oiriúnú de réir caighdeáin aontaithe ag soláthar ráthaíocht go léireoidh na forais seo inniúlacht agus acmhainneacht feidhmíochta i gcomhlíonadh a gcuid oibre.

D'aithin an Coimisiún Eorpach tábhacht creidiúnú mar sheirbhís leasa pobail agus tá sé ag forbairt ról cuimsitheach le haghaidh creidiúnú laistigh den AE.

Tá ról tábhachtach ag creidiúnú ag ráthú rochtain ar tháirgí Éireannacha do na margaí AE agus domhanda araon. Tá éileamh ar chreidiúnú tar éis méadú go suntasach le déanaí toisc go n-úsáideann Rialálaithe Náisiúnta measúnacht chomhréireachta mar mheicníocht chun tacaíocht a thabhairt d'fhorfheidhmiú reachtaíochta agus deimhniú na hinniúlachta.

Cinntíonn ballraíocht an INAB i gcomhaontuithe idirnáisiúnta go bhfuil deimhnithe chreidiúnaithe agus torthaí teiste a tháirgtear in Éirinn inghlactha go domhanda, dá bhrí ag laghdú bacainní teicniúla ar thrádáil idirnáisiúnta. Tá an INAB mar shínitheoir do chomhaontuithe iltaobhacha (MLA) don Eoraip trí an European cooperation for Accredation (EA) agus ar bhonn domhanda trí International Laboratory Accreditation Cooperation (ILAC) agus an International Accreditation Forum (IAF). Tá siad ar an údarás monatóireachta náisiúnta de réir reachtaíochta don Scéim OECD um Dea-Chleachtas Saotharlainne (GLP) faoi I.R. Uimh. 4 de 1991 arna leasú ag I.R. 294 de 1999.

## Greenhouse Gas Emissions Trading Scheme

I 2006 bhunaigh agus d'fhorfheidhmigh an INAB clár nua creidiúnaithe, i gcomhar leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA), chun tacú le cur i ngníomh an EU Greenhouse Gas emissions trading scheme mar atá leagtha amach i dTreoir Eorpach 2003/87/CE. Áiríonn an Treoir seo na tiomantais atá bunaithe faoi Phrótacal Kyoto agus an scéim creidiúnaithe, forbartha le tacaíocht an EPA, agus soláthraíonn sí tionscail na hÉireann agus an rialtóir le huirlis úsáideach chun géilliúlacht leis an Treoir a chinntiú. I rith 2007 rinne an INAB athbhreithniú ar an treoir chun tacú leis an gcéad chéim eile den scéim, atá sceidealta le cur i ngnímh i 2008, nuair ata súil ann go leathnófar feidhmiú an Greenhouse Gas Emissions Trading Scheme go réimse níos leithne de ghníomhaíochtaí

## Medical Laboratory Accreditation

Le linn 2007, rinne an INAB trí shaotharlann leighis creidiúnaithe a chothabháil go caighdeán idirnáisiúnta ISO/IEC 15189. Lean an INAB chomh maith ag tacú le riachtanais na Roinne Sláinte agus Leanaí agus Bord Leigheasra na hÉireann chun creidiúnú a bhaint amach go leibhéal ISO 15189 san earnáil sláinte, a eascairt ó reachtaíocht náisiúnta do shaotharlanna leighis agus forbairtí i gcreidiúnú seirbhísí na n-ospidéal go ginearálta. Thrasuigh Ionstraim Reachtúil I.R. Uimh. 360 de 2005 an Treoir Eorpach 2002/98/CE ar chaighdeáin cháilíochta agus sábháilteachta a leagan amach do bhailiú, thástáil, phróiseáil, stóráil agus dáileadh fola daonna agus comhábhar fola. Éilíonn an Ionstraim Reachtúil seo go mbeidh bainc fola (thart ar 60 saotharlann) ag feidhmiú go leibhéal ISO 15189 faoi mí na Samhna 2008.

I 2006, d'fhoilsigh Chomh-Ghrúpa Sainiúil INAB-Bord Leigheasra na hÉireann treoirlínte teicniúla chun cuidiú le bainc fola riachtanais na Treorach a shásamh. Tá an INAB ag próiseáil fiche seacht iarratas ar chreidiúnú ó na saotharlanna seo i rith 2007 agus táthar ag súil go bhfaighfear tríocha iarratas nua ar chreidiúnaithe saotharlainne go ISO 15189 ón earnáil seo i rith 2008. Ciallaíonn an líon neamhghnách iarratais ar chreidiúnaithe ón earnáil seo gurb é an réimse leis an fás is mó in éileamh do chreidiúnú leis an féidearthacht go méadódh an líon iomlán saotharlanna creidiúnaithe faoi níos mó ná 50% ag deireadh 2008.

## Deimhniú Bainistíochta Fuinnimh

Feidhmíonn Sustainable Energy Ireland (SEI) clár Comhaontuithe Fuinnimh bunaithe ar Chaighdeán Bainistíochta Fuinnimh na hÉireann IS 393 le haghaidh fiontair mhóra dianfhuinnimh. Rinne SEI i 2006, i gcomhar leis an INAB, treoirlínte a fhorbairt a dearadh chun muinín a thabhairt don mhargadh in inniúlacht agus iomláine na ndeimhnithe go IS 393 chun tacú le cur i ngníomh cláir na gComhaontuithe Fuinnimh. Is é atá i gceist le caighdeán Bainistíochta Fuinnimh IS 393 ná uirlis d'eagraíochtaí chun cur chuige córasach a chur i ngníomh maidir le feabhsú leanúnach na feidhmíochta fuinnimh. Tugann an clár na gComhaontuithe Fuinnimh tacaíocht do chuideachtaí ina gcuid iomaíochais a chosaint i gcomhthéacs na bpraghsanna ard fuinnimh agus atá ag méadú , trí dheis a sholáthar dóibh cur chuige struchtúrtha a fheidhmiú chun costais a laghdú trí sceideal comhaontaithe de bhearta éifeachtúlachta fuinnimh thar tréimhse trí bliana. Tá forais deimhnithe tríú páirtí ag teastáil ó eagraíochtaí atá ag glacadh IS 393 chun dearbhú go bhfuil siad ag feidhmiú i gcomhlíonadh leis an gcaighdeán. Cuireadh an scéim creidiúnaithe le haghaidh deimhniú córais bainistíochta fuinnimh go IS 393 i ngníomh go rathúil i 2007 le comhlacht deimhnithe amháin ag baint amach creidiúnú don ngníomhaíocht seo.

## Comhaontuithe Iltaobhacha

Tá ballraíocht na gcomhaontuithe iltaobhacha (MLA) don Eoraip cothaithe ag an INAB trí an European Cooperation for Accreditation (EA) agus ar bhonn domhanda tríd an International Laboratory Accreditation Cooperation (ILAC) agus International Accreditation Forum (IAF).

## Feasacht ar Chreidiúnú

Lean feasacht faoin gcreidiúnú agus aiseolas ó gheallsealbhóirí ar aghaidh mar ghníomhaíocht tosaíochta le linn 2007.

Rinneadh ceithre leagan de nuachtlitir an INAB, a chuimsigh iomlán de 10,000 cóip, a dháileadh le linn 2007. Reachtaigh INAB dhá cheardlann geallsealbhóirí i gCorcaigh agus i mBaile Átha Cliath i rith 2007 chun déileáil le ceisteanna a leag suirbhé cliaint a comhlíonadh i 2006 béim orthu agus chun aiseolas a sholáthar ar fhorbairtí sna seirbhísí atá á chur ar fáil. Stiúir an INAB suirbhé eile i Nollaig 2007 ar fheasacht ar chreidiúnú agus tabharfar aghaidh ar thorthaí an suirbhé seo le linn 2008.

## Feidhmeanna INAB

Tá sé fheidhm ar leith ag an INAB, gach ceann ag feidhmiú de réir caighdeáin agus/nó rialacháin sonrach Eorpacha agus idirnáisiúnta.

## Creidiúnú Saotharlainne

Soláthraíonn creidiúnú saotharlainne atá deonaithe ag an INAB aitheantas foirmeálta d'inniúlacht na saotharlainne chun tástálacha ar leith a dhéanamh. Le linn 2007, rinne an INAB creidiúnú a bhronnadh ar 8 saotharlann nua agus cothabháil a dhéanamh ar 97 creidiúnú saotharlainne eile. Le linn na bliana, rinne an INAB 130 scrúdú ar an láthair a chomhlíonadh ar shaotharlanna creidiúnaithe/iarrthóra laistigh den gClár um Chreidiúnú Saotharlainne.

## Creidiúnú Comhlachtaí Deimhnithe

Déanann an INAB comhlachtaí deimhnithe a chreidiúnú a fheidhmíonn deimhniú na dtáirgí, deimhniú an chórais cáilíochta agus deimhniú na ndaoine. Creidiúnaíonn sé comhlachtaí deimhnithe do chórais bhainistíochta comhshaoil (EMS) freisin de réir caighdeán cosúil leis an sraith EN ISO 14000 agus EMAS – an EU Eco Management and Audit Scheme agus Information Security Management Systems (ISMS).

Le linn 2007, cuireadh scéim creidiúnaithe nua le haghaidh deimhniú córais bainistíochta fuinnimh go dtí an Caighdeán Éireannach I.R. 393 i ngníomh go rathúil le comhlacht deimhnithe amháin ag baint amach creidiúnú do ngníomhaíocht seo. Chothabháil an INAB comhlacht deimhnithe amháin mar sholáthraí seirbhísí deimhnithe (CSP) don scéim creidiúnaithe ríomhthráchtála ag tacú leis an Treoir AE ar ríomhthráchtáil.

I 2007 choinnigh an INAB ceithre chomhlacht deimhnithe eile do dheimhniú na gcóras bainistíochta cáilíochta. Déanann an INAB cothabháil ar dhá chomhlacht deimhnithe d'fhíorú na n-astuithe Gás Ceaptha Teasa agus comhlacht deimhnithe amháin do Dheimhniú na gCóras Bainistíochta Comhshaoil. Tá deimhniú déanta ag na comhlachtaí deimhnithe seo, dá réir, ar níos mó ná 2,000 eagraíocht go sraith caighdeán ISO 9000, 100 eagraíocht d'astuithe gáis cheaptha teasa agus níos mó ná 150 eagraíocht go ISO 14001 faoi chreidiúnú INAB.

Leanann deimhniú táirgí bia ar aghaidh mar réimse suntasach fáis a bhfuil tábhacht náisiúnta ag baint leis. Caithfidh táirgeoirí bia na hÉireann atá ag soláthar do mhargadh an RA deimhniú ar a dtáirgí bia a fháil ó Fheadhnacht Mhiondíola na Breataine Móire (BRC) anois. Sa bhreis ar seo, teastaíonn ó dhíoltóirí Bia na hEorpa go mbeadh ar tháirgeoirí bia na hÉireann atá ag soláthar do mhargaí na hEorpa deimhniú a fháil ar a dtáirgí bia chun riachtanais EUREPGAP a chomhlíonadh.

I 2007, rinne an INAB cothabháil agus leathnú ar chreidiúnú do thrí chomhlacht deimhnithe a bhíonn ag soláthar scéimeanna dearbhaithe cáilíochta bia do tháirgí bia go riachtanais idirnáisiúnta, cosúil le Feadhnacht Mhiondíola na Breataine Móire (BRC) agus scéimeanna EUREGAP, chomh maithe le scéimeanna dearbhaithe cáilíochta bia ar bhonn náisiúnta, cosúil leis na scéimeanna atá ag Bord Bia agus Bord Iascaigh Mhara. Leanfaidh deimhniú na dtáirgí bia ar cheann de na réimsí gníomhaíochta fáis ag an INAB sa todhchaí.

Ina theannta sin, tá caighdeán nua idirnáisiúnta forbartha ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán (ISO) ISO 22,000 do bhainistíocht sábháilteachta bia agus tá súil ann sa dhá bhliain atá romhainn go ngeobhaidh miondíoltóirí bia creidiúnú ar tháirgí bia chomh maith faoin gcaighdeán nua sábháilteachta bia. Ina theannta sin, tá creidiúnú an INAB sonraithe ag an Roinn Talmhaíochta agus Bia do dheimhniú na ngníomhaíochtaí feirmeoireachta orgánach in Éirinn, de réir na Treorach AE ar Fheirmeoireacht Orgánach agus tá súil ann go ndéanfaidh an INAB iarratais don scéim a phróiseáil le linn 2008. Rinne an INAB 31 scrúdú ar an láthair a chomhlíonadh ar 37 comhlacht deimhnithe creidiúnaithe/iarrthóra le linn 2007.

## Creidiúnú Comhlachtaí Scrúduithe

Déanann an INAB creidiúnú ar chomhlachtaí atá i mbun oibre, a chuimsíonn scrúdú ar ábhair, táirgí, suiteálacha, planda, próisis, gnáthaimh oibre nó seirbhísí agus cinneadh faoina gcomhréir le riachtanais agus tuairisciú ar thorthaí na ngníomhaíochtaí sin ina dhiaidh sin. I 2007, rinne an INAB creidiúnú ar trí chomhlacht nua iniúchta agus cothabháil ar chúig chomhlacht iniúchta breise a bhí creidiúnaithe cheana féin. Bronnadh dhá cheann de na creidiúnuithe nua ar chomhlachtaí iniúchta faoin gclár creidiúnaithe náisiúnta nua chun fíorú a dhéanamh ar astuithe comhdhúile orgánacha atá luaineach ó Gach SME, cosúil le glantóirí tirime agus ceardlanna péinte spraeála de réir Treorach CE ar astuithe orgánacha luaineacha. Le linn 2007, rinne an INAB 9 iniúchadh ar an láthair a chomhlíonadh ar chomhlachtaí iniúchta creidiúnaithe/iarrthóra.

## Dea-Chleachtais Saotharlainne

Is é INAB an t-údarás faireacháin náisiúnta do chigireacht agus do dheimhniú Dea-Chleachtais Saotharlainne (GLP) faoi I.R. Uimh.4 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach 1991 (GLP). Ag deireadh 2007 bhí Ráitis Géilliúlachta GLP faoin gclár seo ag ceithre áis tástála.

## National Competent Body for EMAS

Is é INAB an comhlacht comharthaithe forásach in Éirinn do chlárú suímh atá ag glacadh páirte san EU Eco Management and Audit Scheme (EMAS). Le linn 2007, rinne an INAB sé eagraíocht a chlárú le EMAS, agus rinne EMAS creidiúnaithe a gcuid córais bainistíochta comhshaoil a fhíorú de réir an Eco Management and Audit Scheme leagtha amach i Rialachán (CE) Uimh. 761/2001 de Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

## Baill Bhord an INAB 2007

**An Dr. Márie C.Walsh**, Cathaoirleach
Iar-Cheimiceoir Stáit, Saotharlann Stáit

**An Dr. Fiona Kenny**, Leas-Chathaoirleach
Micribhitheolaí Comhairleach, Ospidéal Ginearálta Shligigh

**An Dr. Nuala Bannon**, Cigire
na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil

**An tUas. Michael Maloney**, Stiúrthóir Gairneoireachta
An Bord Bia

**An tUas. Martin O'Halloran**[1], Príomhfheidhmeannach
an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta

**An Dr. John O'Brien**, Príomhfheidhmeannach
Údarás Sláinte agus Sábháilteachta na hÉireann

**An tUas. Tom Beegan**[2], POF
an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta

**An tUas. Richard Howell**, Cigire Talmhaíochta
na Roinne Talmhaíochta

**An tUas. Vagn Anderson**, MBainisteoir Gnóthaí Idirnáisiúnta, Foras Creidiúnaithe na Danmhairge (DANAK)

**An tUas. Pat O'Mahony**[3], POF
ar Bhord Leigheasra na hÉireann

**An tUas. Tom O'Neill**, Ceannaire Suímh
Pfizer, An tOileán Beag

**An tUas. Neil McGowan**, Feidhmeannach Gnóthaí Rialála
an Tionscail Bia agus Dí, IBEC

**An tUas. Tom Dempse**y (de bhrí Oifige), Bainisteoir
INAB

1. Ceaptha Meitheamh 2007
2. D'éirigh as Samhain 2006
3. Athcheapadh Meitheamh 2007

# Comhairlí Comhairleacha agus Bainistíochta Forfás

# Struchtúr Bainistíochta Forfás



**Martin Cronin**
Príomhfheidhmeannach

## Roinn na Seirbhísí Corparáideacha & Feasacht & Polasaí ETN



**Brian Cogan**
Stiúrthóir Feidhmiúcháin



**Karen Hynes**
Faisnéis Straitéise don Pholasaí ETN



**Martin Craig**
Airgeadas



**Peter Brabazon**
Discover Science and Engineering



**Eamonn Kearney**
Córais agus Áiseanna



**John Dooley**
Polasaí ETN na Fiontraíochta



**Michael O'Leary**
Acmhainní Daonna

*D'éirigh Seamus Bannon, Faisnéis Straitéise don Pholasaí ETN, as a phost le Forfás in Aibreán 2008*

## An Roinn Polasaí Fiontraíochta & Cumarsáidí



**Helena Acheson**
Bainisteoir, Cumarsáidí & Polasaí Fiontraíochta



**Marie Bourke**
Cáin, Airgeadas, Polasaí Comhshaoil agus Suirbhéanna



**Maria Ginnity**
Cumarsáidí agus Polasaí Fiontraíochta

## An Roinn Iomaíochais



**Declan Hughes**
Bainisteoir, An Roinn Iomaíochais



**Eoin Gahan**
Rialachán, Trádáil agus Tultreoir Polasaí



**Martin Shanahan**
Polasaí Margaidh Saothair agus Caipitil Daonna



**Adrian Devitt**
Bonneagar agus Iomaíochas Náisiúnta

## SOifig an Rúnaí



**Michael O'Leary**
Rúnaí

## An Bord Náisiúnta um Chreidiúnú



**Tom Dempsey**
An Bord Náisiúnta um Chreidiúnú

# Ballraíocht na gComhairlí Comhairleacha

## An Chomhairle Chomhairleach Eolaíochta



**Mary Cryan Uasal**
Cathaoirleach

| | | |
|---|---|---|
| **Mary Cryan Uasal** | **Cathaoirleach** | **Cryan Associates** |
| An Dr. Sean Baker | | Stiúrthóir Feidhmúcháin, IONA Technologies plc |
| An Dr. Leonora Bishop | | Rannóg na nEolaíochtaí Saoil, IDA Ireland |
| An tUas. Ian Cahill | | Stiúrthóir, National Institute of Technology Management; Cathaoirleach, LM Ericsson Ltd |
| An tOll. Dolores Cahill | | Ollamh na hEolaíochta Aistriúchán, Institiúid Uí Chonbhuí, UCD |
| An tUas. Martin Cronin | | Príomhfheidhmeannach, Forfás |
| An tOll. Tom McCarthy | | Príomhfheidhmeannach, Irish Management Institute |
| An tOll. Anita R Maguire | | Oll. na Ceimice Cógaisíochta, Stiúrthóir, Ionad Taighde na Ceimice Anailíse agus Bitheolaíochta, Coláiste Ollscoile Chorcaí |
| An tOll. Timothy O'Brien | | Stiúrthóir, Clár Teiripe Ghéine na hInstitiúide um Leigheas Athghiniúnaach (REMEDI) agus Ollamh ar Leigheas agus Inchríneolaí Comhairleach, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh |
| An tUas. Larry Murrin | | Príomhfheidhmeannach, Dawn Farm Foods Ltd |
| An Dr. Siobhán O'Sullivan | | Stiúrthóir Eolaíoch, Comhairle Bitheitice na hÉireann |
| An Dr. Ena Prosser | | Fountain Healthcare Partners |
| An Dr. Reg Shaw | | Cathaoirleach, Bord Taighde Sláinte |
| An tOll. Roger Whatmore | | Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Tyndall National Institute |

## Grúpa Stiúrtha de chuid Discover Science & Engineering



**An tUas. Leo Enright**
Cathaoirleach

| | | |
|---|---|---|
| **An tUas. Leo Enright** | **Cathaoirleach** | **Craoltóir Eolaíochta** |
| An tUas. Peter Brabazon | | Stiúrthóir de chuid Discover Science and Engineering |
| An tUas. Mattie McCabe | | Stiúrthóir Rúnaíochta agus Caidreamh Seachtrach, Fondúireacht Eolaíochta Éireann |
| An tUas. John Cahill | | Bainisteoir, Aonad Eolaíochta agus Teicneolaíochta, FÁS |
| An tUas. Brian Cogan | | Bainisteoir, Rannóg Feasachta Polasaí STI, Forfás |
| An Dr. Sheila Donegan | | Stiúrthóir, CALMAST, Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge |
| Siobhan Greer Uasal | | Iar-Chathaoirleach, Cumann Múinteoirí Eolaíochta na hÉireann |
| Una Halligan Uasal | | Bainisteoir Gnóthaí Poiblí agus Rialtais, Hewlett-Packard |
| An tUas. Paul Holden | | Stiúrthóir Bainistíochta, Rédacteurs Ltd |
| An tUas. Jerome Kelly | | Príomhoifigeach, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta |
| An tUas. Bernard Kirk | | Stiúrthóir, Ionad Oideachais na Gaillimhe |
| An tUas. Matt Moran | | Stiúrtóir, PharmaChemical Ireland, IBEC |
| An Dr. Pat Nolan | | Píomhoifigeach, Oifig Eolaíochta agus Teicneolaíochta, An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta |
| An Dr. Siobhán O'Sullivan | | Ollscoil na hÉireann, Corcaigh |
| An tUas. John Power | | Ard-Stiúrthóir, Engineers Ireland |
| An tUas. Frank Turpin | | Bainisteoir Oideachais, Intel Ireland |

## Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna na Todhchaí



**Anne Heraty Uasal**
Cathaoirleach

| | | |
|---|---|---|
| **Anne Heraty Uasal** | **Cathaoirleach** | **POF, CPL Resources plc** |
| Ruth Carmody Uasal | | Leas Rúnaí, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta |
| Liz Carroll Uasal | | Bainisteoir Oiliúna agus Forbartha, ISME |
| An tUas. Enda Connolly | | Bainisteoir Rannach, IDA Ireland |
| An tUas. Fergal Costello | | Ceannasaí Ainmníochta TF, An tÚdarás um Ard-Oideachas |
| An tUas. Ned Costello | | Príomhfheidhmeannach, Cumann na nOllscoileanna Éireannacha |
| Aileen O'Donoghue Uasal | | Stiúrthóir, Financial Services Ireland, IBEC |
| An tUas. Brendan Ellison | | Príomhoifigeach, An Roinn Airgeadais |
| Anne Forde Uasal | | Príomhoifigeach, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta |
| An tUas. Roger Fox | | Stiúrthóir ar Phleanáil, Taighde, agus Gnóthaí an AE, FÁS |
| An tUas. Pat Hayden | | Príomhoifigeach, An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta |
| An tUas. David Hedigan | | Bainisteoir, Sectoral Enterprise Development Policy, Enterprise Ireland |
| An tUas. Gary Keegan | | Stiúrthóir, Acumen |
| An tUas. John Martin | | Stiúrthóir ar Ghnóthaí Sóisialta, Saothair agus Fostaíochta, OECD |
| An tUas. Dermot Mulligan | | Leas Runaí, An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta |
| An tUas. Frank Mulvihill | | Uachtarán, Institute of Guidance Counsellors |
| An Dr. Brendan Murphy | | Uachtarán, Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí |
| An tUas. Alan Nuzum | | POF, Skillnets |
| An tUas. Peter Rigney | | Oifigeach Tionsclaíoch, ICTU |
| An tUas. Martin Shanahan | | Bainisteoir, Polasaí Margaidh Saothair agus Caipitil Daonna, Forfás |
| Jacinta Stewart Uasal | | Príomhfheidhmeannach, CGO Cathair Bhaile Átha Cliath |

## An Chomhairle um Fhorbairt Bhainistíochta



**An tOll. Frank Roche**
Cathaoirleach

| | | |
|---|---|---|
| **An tOll. Frank Roche** | **Cathaoirleach** | **Leas-Phríomhoide, Coláiste Gnó agus Dlí, Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath** |
| Patricia Callan Uasal | | Stiúrthóir, Small Firms Association |
| An tUas. David Cronin | | POF, Wild Geese Group |
| An tUas. Pat Hayden | | Príomhoifigeach, An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta |
| An tUas. John Herlihy | | Stiúrthóir Eorpaigh, Oibríochtaí & Díolacháin Ar Líne, Google |
| Briga Hynes Uasal | | Lárionad um Staidéar Fiontraíoch, Ollscoil Luimnigh |
| An tUas. Martin Lynch | | Ard-Stiúrthóir Cúnta, Services to Business, FÁS |
| Rachel MacGowan Uasal | | Bainisteoir, Chambers Business School, Chambers Ireland |
| An tUas. Ivan Morrissey | | Córais Faisnéise Gnó, Coláiste Ollscoile Chorcaí |
| An tUas. Alan Nuzum | | POF, Skillnets |
| An tUas. Liam O'Donoghue | | Bainisteoir Rannóige, Rannóg Forbartha Cliaint, Enterprise Ireland |
| An tUas. Liam O'Brien | | Stiúrthóir Bainistíochta, BT Ireland |
| An tUas. Sean O'Sullivan | | Stiúrthóir Bainistíochta, Seabrook Research Limited |
| Eilis J. Quinlan Uasal | | Stiúrthóir Bainistíochta, Eilis J. Quinlan & Co |
| An tUas. Eamon Ryan | | POF, Bord Fiontar Chathair Luimnigh |
| An tUas. Tim Wray | | Cláraitheoir, Irish Management Institute |
| Ann O'Leary Uasal | | Ceannaire Gnó agus Díolachán Fiontair, Vodafone Ireland |

## Baill agus Comhairleoirí na Comhairle Náisiúnta Iomaíochais



**An Dr. Don Thornhill**
Cathaoirleach

| | | |
|---|---|---|
| **An Dr. Don Thornhill** | **Cathaoirleach** | |
| An tUas. Rory Ardagh | Ball | Stiúrthóir, Telecom Property Holdings |
| An tUas. Paul Bates | Comhairleoir | Ard-Rúnaí Cúnta, An Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta |
| An tUas. Brendan Butler | Ball | Stiúrthóir Straitéise, Trádála, Gnóthaí Idirnáisiúnta agus AE, IBEC |
| An tUas. Donal Byrne | Ball | Cathaoirleach, Cadbury Ireland |
| Ruth Carmody Uasal | Comhairleoir | Ard-Rúnaí Cúnta, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta |
| An tUas. Shay Cody | Ball | Ard-Rúnaí Cúnta, IMPACT |
| An tUas. Martin Cronin | Ball | Príomhfheidhmeannach, Forfás |
| An tUas. Pat Delaney | Ball | Stiúrthóir Réigiúin agus Earnálacha Gnó, IBEC |
| Mary Doyle Uasal | Comhairleoir | Ard-Rúnaí Cúnta, Roinn an Taoisigh |
| An tUas. Mark Griffin | Comhairleoir | Ard-Rúnaí Cúnta, An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil |
| Annette Hughes Uasal | Ball | Eacnamaí, DKM Economic Consultants |
| An tUas. Eamonn Molloy | Comhairleoir | Ard-Rúnaí Cúnta, An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha |
| An tUas. John Murphy | Comhairleoir | Ard-Rúnaí Cúnta, An Roinn Iompair |
| An tUas. Liam Nellis | Comhairleoir | Príomhfheidhmeannach, InterTrade Ireland |
| Ann Nolan Uasal | Comhairleoir | Ard-Rúnaí Cúnta, An Roinn Airgeadais |
| An tUas. Seamus O'Morain | Ball | Ard-Rúnaí Cúnta, An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta |
| An tUas. William J Prasifka | Ball | Cathaoirleach, An tÚdarás Iomaíochta |
| An tUas. William Slattery | Ball | Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, State Street International (Ireland) |
| An tUas. Paul Sweeney | Ball | Comhairleoir Geilleagrach, ICTU |
| An tUas. John Travers | Ball | Comhairleoir agus Iar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, Forfás |
| An tOll. Ferdinand von Prondzynski | Ball | Uachtarán, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath |

# Rialachas Corparáideach

Bunaíodh Forfás faoin Acht um Fhorbairt Tionscail 1993 agus feidhmíonn sé faoi réir na bhforálacha sna hAchtanna um Fhorbairt Tionscail 1986 go 2006 agus faoi choimirce an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Tá gnáthaimh curtha i bhfeidhm ag Forás chun comhlíonadh a chinntiú leis na riachtanais sainiúla seo a leanas:

## Baill an Bhoird – Nochtadh Spéise

De réir an Chóid Cleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Stáit, cláraíonn Baill Bhoird Forfás a gcuid leasa i ngnóthais eile leis an Rúnaí ar a gceapachán agus i gcaitheamh a dtréimhse oifige.

## Oibleagáidí eile faoin gCód Cleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Stáit

Tá gnáthaimh curtha i bhfeidhm ag Forfás chun a chinntiú go gcloíonn siad leis na forálacha sa Chód Cleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Stáit.

## An tAcht um Eitic in Oifig Phoiblí, 1995 agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001

De réir forálacha an Achta um Eitic in Oifig Phoiblí, 1995 agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001, déanann Baill Bhoird Forfás ráitis spéise gach bliain don Rúnaí agus tá cóipeanna soláthartha do Rúnaí an Choimisiúin, Standards in Public Office Commission.

Ina theannta sin, ghéill baill foirne Forfás le poist comharthaithe ina seilbh acu leis an dá Acht.

## Saoráil Faisnéise (SF)

Le héifeacht ó Eanáir 2001, tá Forfás clúdaithe ag na forálacha de chuid na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise (SF). Bhunaigh na hAchtanna seo trí cearta reachtúla nua:

- Ceart dlíthiúil ag gach duine rochtain a fháil a fhaisnéis atá coinnithe ag comhlachtaí poiblí;
- Ceart dlíthiúil ag gach duine faisnéis oifigiúil, atá coinnithe ag comhlacht poiblí maidir leis/léi a fháil leasaithe nuair atá sí neamhiomlán, mícheart nó míthreorach; agus
- Ceart dlíthiúil cúiseanna a fháil maidir le cinntí atá tógtha ag comhlacht poiblí, mar a bhaineann leis an duine féin.

## Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 agus 2004

Tá Forfás geallta do pholasaí deiseanna comhionanna agus uchtaíonn sé cur chuige dearfach i dtreo comhionannais san eagraíocht. Feidhmíonn Forfás roinnt scéimeanna, ag soláthar foirne le roghanna maidir lena riachtanais gairme agus pearsanta a shroicheadh, ar nós roinnt-poist, saoire staidéir, cláir oideachasúla agus briseadh gairme.

Forbraíodh polasaí i leith Protection of Dignity at Work i 2003.

Cloíonn Forfás leis na hoibleagáidí reachtúla atá aige faoi na hAchtanna um Chomhionannas 1998 agus 2004.

## Acht um Rannpháirtíocht Oibrithe (Fiontair Stáit), 1998

Tá struchtúir comhairleacha an Fho-Bhoird curtha in áit ag Forfás chun tacú le cumarsáid agus struchtúr comhairleach na heagraíochta. Cuirtear fáilte roimh an Chomh-Fhóraim Rannpháirtíochta, a thionólann go míosúil, mar phróiseas dearfach ag an mbainistíocht agus ag an bhfoireann araon.

## An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas, 1989

De réir an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas (1989), d'ullmhaigh Forfás ráiteas sábháilte a chuimsíonn na gnéithe go léir a chuireann isteach ar leas na foirne agus an chuairteora. Rinneadh nuachóiriú ar seo go luath i 2005.

## Cairt na gCliant

Rinne Forfás nuachóiriú ar a leagan siúd de Chairt na gCliant i 2004 (foilsithe ar dtús sa bhliain 2000) ag leagadh amach a ngeallta d'ardchaighdeáin seirbhíse dá chliaint agus don phobal go ginearálta. Tá sé seo ar fáil ar shuíomh gréasáin Forfás ag www.forfás.ie. Áiríonn an Chairt seo gnáthamh chun déileáil le gearáin. Ní bhfuarthas aon ghearáin i 2006.

## Tíosacht ar Fhuinneamh

Déanann Forfás gach iarracht na maoine is tíosaí ar fhuinneamh agus is cairdiúla don chomhshaol ó thaobh an fhuinnimh de atá ar fáil a úsáid i ngach ceantar ábhartha d'úsáid fuinnimh agus seirbhísí dá chuid foirgnimh.

## An t-Acht um Íoc Pras Cuntas 1997 arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Íocaíocht Mall in Idirbhearta Tráchtála) Eorpacha 2002.

**Leasaíodh an tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997 (an tAcht), a tháinig chun feidhme ar 2 Eanáir 1998, ag Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Íocaíocht Mall in Idirbhearta Tráchtála) 2002.**

Tá na cleachtais íocaíochta de chuid Forfás, mar atá de dhíth ar an Acht, tuairiscithe thíos don bhliain dár gcríoch 31 Nollaig 2007.

1. Is é polasaí Forfás a chinntiú go n-íoctar na sonraisc go léir go pras. Tá modhanna sainiúla in áit a ligeann dó sonraisc go léir a leanúint agus a chinntiú go bhfuil íocaíochtaí déanta roimh an dáta dlite. Cláraítear sonraisc go laethúil agus eisítear seiceanna mar atá ag teastáil chun íocaíochtaí pras a chinntiú.

2. Comhshnaidhmeann an córas rialaithe inmheánach srianta agus modhanna dá leithéid a meastar le bheith riachtanach chun géilleadh leis an Acht a chinntiú. Cuimsíonn córas rialaithe inmheánaigh na heagraíochta rialuithe cuntasaíochta agus ríomhaireachta atá chun aitheantas na sonrasc agus na gconarthaí atá le n-íoc a chinntiú laistigh de dháta íocaíochta atá leagtha síos agus sainithe faoin Acht. Tá na smachta seo deartha chun árachas réasúnta, agus ní fíor-árachas, i gcoinne neamh-ghéilleadh ábhartha leis an Acht a sholáthar. Táirgeann Roinn na gCuntas tuarascáil a aithníonn sonraisc nach bhfuil íoctha go fóill agus déantar athbhreithniú ar an tuarascáil seo go rialta.

Tá an bhainistíocht sásta gur ghéill Forfás le forálacha an Achta i dtaobh gach gné ábhartha.

Ní raibh aon fhorbairtí ábhartha ó 1 Eanáir 2008.

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

***le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais***

Tá iniúchadh déanta agam ar na ráitis airgeadais de chuid Forfás don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007 faoi Acht um Fhorbairt Tionscail 1993.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo faoi na polasaithe cuntasaíochta atá leagtha amach leis sin, a chuimsíonn Polasaithe Cuntasaíochta, Cuntas Caiteachais agus Ioncaim, Ráiteas um Iomlán na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta, Clár Comhordaithe, Ráiteas um Shreabhadh Airgid agus na nótaí coibhneasacha.

## Freagrachtaí an Bhoird agus an Ard-Stiúrthóra Cuntas agus Ciste faoi seach

Tá Forfás freagrach as ucht na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an Achta um Fhorbairt Tionscail 1993 agus as ucht rialtacht na n-idirbhearta a chinntiú. Ullmhaíonn Forfás na ráitis airgeadais de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a nGlactar go Ginearálta leis in Éirinn. Tá na freagrachtaí cuntasaíochta atá ar Bhaill an Bhoird leagtha amach sa Ráiteas um Fhreagrachtaí Baill an Bhoird.

Is í an fhreagracht atá agam ná iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais faoi réir riachtanais rialála agus dlíthiúla ábhartha agus Caighdeáin Idirnáisiúnta na hIniúchóireachta (RA agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim ar cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom, faoi réir na gCleachtas Cuntasaíochta a nGlactar go Ginearálta leo in Éirinn. Tuairiscím freisin cibé an bhfuil leabhair chuntais chearta coimeádta i mo thuairim féin. Sa bhreis ar sin, sonraím cibé an bhfuil na ráitis airgeadais i gcomhaontú leis na leabhair chuntais.

Tugaim tuairisc ar aon ásc ábhartha nuair nár feidhmíodh airgid do na cuspóirí a bhí beartaithe nó nuair nach gcloíonn na hidirbhearta leis na húdaráis atá á rialú.

Tuairiscím freisin mura bhfuil an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a theastaíonn chun críche mo chuid iniúchta faighte againn.

Déanaim athbhreithniú ar cibé an dtugann an Ráiteas um Rialú Airgeadais Inmheánaigh géilliúlacht Forfás leis an gCód Cleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Stáit le fios agus tuairiscím agus ásc ábhartha nach ndéantar amhail, nó má tá an ráiteas míthreorach nó míchruinn le faisnéis eile atá cheana féin ar eolas agam ón iniúchadh atá déanta agam ar na ráitis airgeadais. Nil dualgas orm a mheas cibé an gclúdaíonn an Ráiteas um Rialú Airgeadais Inmheánaigh na rioscaí agus rialuithe airgeadais ar fad, nó tuairim a bhunú ar éifeachtacht na ngnáthamh riosca agus rialaithe.

Léim an fhaisnéis eile a fhaightear sa Tuarascáil Bhliantúil agus breithním cibé an bhfuil sé comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais iniúchta. Breathnaím ar impleachtaí mo thuarascála má thagann aon mhíráitis nó neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais chun solais.

## Bunús na Tuairime Iniúchta

I mbaint amach mo chuid feidhmeanna mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, chríochnaigh mé mo hiniúchadh ar na ráitis airgeadais faoi réir Caighdeáin Idirnáisiúnta na hIniúchóireachta (RA agus Éire) eisithe ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta agus trí thagairt do na bhreithniúcháin speisialta a cheanglaíonn le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus a bhfeidhmiú. Áiríonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, den fhianaise atá ábhartha do mhéid agus nochtadh agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá curtha san áireamh sna ráitis airgeadais. Áirítear freisin measúnú ar na meastacháin agus breithiúnais suntasacha déanta in ullmhú na ráiteas airgeadais, agus cibé an bhfuil na polasaithe cuntasaíochta oiriúnach do chúinsí Forfás, curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus nochta go fónta.

Rinne mé mo hiniúchadh a phleanáil agus a chur i gcrích ionas go bhfaighfí an fhaisnéis agus na míniúcháin go léir a mheas mé ba ghá chun fianaise leordhóthanach a sholáthar dom le go mbeadh cinnteacht réasúnta ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu calaois nó mírialtacht nó earráid eile ba chúis leis. Le linn dom mo thuairim a fhoirmliú, rinne mé luacháil freisin ar leordhóthanacht fhoriomlán na slite inar léiríodh an fhaisnéis sna ráitis airgeadais:

## Tuairim

I mo thuairim, tugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom, faoi réir an Chleachtais Cuntasaíochta a nGlactar go Ginearálta leis in Éirinn, ar staid ghnóthaí Forfás amhail an 31 Nollaig 2007 agus a ioncam agus a chaiteachas don bhliain dar críoch ansin.

I mo thuairim, tá leabhair chuntais chearta coimeádta ag Forfás. Tá na ráitis airgeadais i gcomhaontú leis na leabhair chuntais.

**John Purcell**
*Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste*

20 March 2008

# Cuntais

# Ráiteas ar Dhualgais Baill an Bhoird

***Le haghaidh Ráitis Airgeadais Bliantúla 2007***

Faoi Alt 7(2) den Chéad Sceideal don Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993 tá ar Forfás, ina leithéid de bhealach agus atá molta ag an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta le cead an Aire Airgeadais, gach cuntas ceart agus coitianta a choimeád do airgead faighte nó caite aige.

In ullmhú na ráitis airgeadais seo, tá se riachtanach do Forfás:

- polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- cinneadh agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthach leantach mura bhfuil sé míchuí a cheapadh go leanfaidh Forfás ag feidhmiú;
- aon imeacht ábhartha ó Chaighdeáin Chuntasaíochta feidhmeacha a nochtach agus a mhíniú.

Tá an Bord freagrach as ucht leabhair chuntais chearta a choimeád a dhéanann nochtadh le cruinneas réasúnch ag am ar bith a staid airgeadais agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le hAlt 7(2) den Chéad Sceideal den Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993. Tá na leabhair chuntais seo lonnaithe i gceanncheathrú na Gníomhaireachta, Teach Páirc Wilton, Plás Wilton, Baile Átha Cliath 2. Tá an Bord freagrach freisin as ucht cosaint a chuid sócmhainní agus uaidh sin as ucht tabhairt faoi céimeanna réasúnta le haghaidh cosaint agus aithint calaoise agus neamhrialtachtaí eile.

Thar ceann an Bhoird:



**Eoin O'Driscoll**
*Cathaoirleach*



**Martin Cronin**
*Príomhfheidhmeannach*

## Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh

Thar ceann an Bhoird glacaim lenár bhfreagracht chun a chinntiú go bhfuil córas rialaithe airgeadais inmheánaigh cuí á choimeád agus á chur i bhfeidhm sa Ghníomhaireacht.

Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnta a sholáthar seachas deimhniú cinnte dearfa go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus taifeadta i gceart, agus go bhfuil dearmadaí ábhartha coiscthe nó aitheanta in am nó i dtréimhse tráthúil.

Tá céimeanna tógtha ag an mBord lena chinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe cuí in áit trí:

- *Gnáthaimh fhoirmiúla a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus chun sócmhainní na heagraíochta a chosaint;*
- *Dualgais agus cumhachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;*
- *Cultúr freagrachta a fhorbairt trasna leibhéil uile na heagraíochta.*

Tá próiseas bunaithe ag an mBord chun rioscaí gnó a aithint agus a mheas trí:

- *Nádúir méid agus impleacht an riosca atá i gcoinne an chomhlachta a aithint, ag cur san áireamh an méid agus na catagóirí a bhraitheann siad a bheadh inghlactha;*
- *Measúnú a dhéanamh ar an seans go dtarlóidh an riosca;*
- *Oibriú go dlúth leis an Rialtas agus le Gníomhaireachtaí éagsúla lena chinntiú go bhfuil tuiscint soiléir ar spriocanna Forfás agus tacaíocht do straitéisí Forfás chun na spriocanna sin a bhaint amach.*

Tá an córas rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar chreatlach d'eolas bainistíochta rialta, gnáthaimh riaracháin leis an leithscaradh de dhualgais san áireamh, agus córas tiomnaithe agus freagrachta. Áirítear ach go háirithe:

- *Córas cuimsitheach buiséadta le buiséad bliantúil atá athbhreithnithe agus aontaithe ag an mBord;*
- *Athbhreithniú rialta ag an mBord agus tuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a thaispeánann feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí;*
- *Spriocanna a leagadh síos chun feidhmíocht airgeadas agus eile a thomhas;*
- *Smachta foirmiúla bainistíochta tionscadail.*

Tá an feidhm iniúchta inmheánaigh tugtha amach ag Forfás, a oibríonn de réir an Framework Code of Best Practice atá leagtha amach sa Chód Cleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Stáit agus a thuairiscíonn díreach chuig an gCoiste Iniúchta. Tá obair an iniúchta inmheánaigh curtha ar an eolas trí anailís den riosca a bhfuil os comhair an chomhlachta, agus tá na pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla bunaithe ar an anailís seo. Tá an anailís riosca agus an plean iniúchta inmheánaigh molta ag an gCoiste Iniúchta. Tionólann an Coiste Iniúchta go ráithiúil chun athbhreithniú a dhéanamh leis an Iniúchóir Inmheánach ar thorthaí a gcuid iniúchta agus chun fóntacht agus éifeachtacht leantach an chórais Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh a chinntiú.

Tá athbhreithniú agus monatóireacht an Bhoird ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh curtha ar an eolas ag obair an iniúchóra inmheánaigh agus ag an gCoiste Iniúchta a dhéanann maoirseacht ar obair an iniúchóra inmheánaigh agus an rialú a chleachtann na bainisteoirí laistigh de Forfás atá freagrach as ucht forbairt agus coimeád na creatlaí rialaithe airgeadais.

Dearbhaím maidir leis an mbliain dar críoch 31 Nollaig 2007, go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh.

Sínithe thar ceann an Bhoird

**Eoin O'Driscoll**
*Cathaoirleach*

# Polasaithe Cuntasaíochta

## Achtanna um Fhorbairt Tionscail 1993, 1995, 1998 agus 2003

Bunaíodh Forfás, an bord comhardaithe agus comhairleach polasaí d'fhorbairt tionsclaíochta agus eolaíochta & teicneolaíochta in Éirinn, ar an 1 Eanáir, 1994, faoi fhorálacha an Achta um Fhorbairt Tionscail 1993, arna leasú ag reachtaíocht iartheachtach. Is é an comhlacht trína thiomnaítear cumhachtaí go Enterprise Ireland, chun tionscal dúchais a chur chun cinn, agus do IDA Ireland, don chun chur cinn de infheistíocht isteach.

Chomh maith lena phríomh-fheidhm chomhairleach agus chomhordaithe, tá freagracht breise ag Forfás as ucht costais phinsin na mball foirne scortha de chuid Forfás, IDA Ireland, Enterprise Ireland, Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus roinnt iar-ghníomhaireachtaí ar leith eile, faoi na hAchtanna um Fhorbairt Tionscail 1993, 1998 agus 2003, mar atá leagtha amach i Nóta 7 de chuid na Ráitis Airgeadais seo.

### (1) Bunús na Cuntasaíochta

Tá na Ráitis Airgeadais seo ullmhaithe faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil san fhoirm molta ag an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta le cead an Aire Airgeadais faoin Acht um Fhorbairt Tionscail 1993. Tá na Ráitis Airgeadais ullmhaithe ar bhonn fabhraithe, ach amháin nuair atá sé ráite thíos agus tá siad de réir cleachtadh cuntasaíochta inghlactha go coitianta. Glactar Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais molta ag an mBord um Chaighdeáin Chuntasaíochta faoi mar a thagann siad i bhfeidhm.

### (2) Aithint Ioncaim

Léiríonn ioncam ó Dheontas Oireachtais fáltais airgid tirim sa bhliain.

### (3) Sócmhainní Seasta agus Dímheas

Tá Sócmhainní Seasta déanta suas de shócmhainní seasta inláimhsithe atá faoi úinéireacht Forfás agus atá tuairiscithe ar chostas lúide dímheas carntha. Tá dímheas ríofa chun costas shócmhainní seasta a dhíscríobh thar a saolta úsáideacha measta. Tá Fearais, Feistis agus Trealamh Ríomhaire faoin tairseach chaipitlithe de €1,000 curtha isteach sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais sa bhliain a ceannaítear iad.

### (4) Cuntas Caipitiúil

Léiríonn an Cuntas Caipitiúil an maoiniú neamh-amúchta úsáidte chun Sócmhainní Seasta a cheannach.

### (5) Airgeadraí Eachtracha

Tá sócmhainní agus fiachais airgeadaíochta ainmnithe in airgeadraí eachtracha aistrithe ag na rátaí malairte i bhfeidhm ar dáta an chláir chomhardaithe. Tá ioncaim agus costais aistrithe ag na rátaí malairte i bhfeidhm ar dáta na n-idirbheart bunúsaigh.

### (6) Féichiúnaithe

Tá Droch Fhiacha Aitheanta díscríofa de réir mar a thagann siad chun cinn agus déantar foráil speisialta áit ina bhreathnaítear go bhfuil athghabháil amhrasach.

### (7) Costais Phinsin

Oibríonn Forfás ceithre scéim pinsin sochair sainmhínithe neamh-mhaoinithe, atá maoinithe go bliantúil ar bhonn íoc mar a théann tú ó airgid atá ar fáil dó, airgid soláthartha ag an Roinn Fiontar, Trádála & Fostaíochta agus ó ranníocaíochtaí bainte ó thuarastail foirne san áireamh. Ina theannta, íocann dhá scéim sochair sainmhínithe deolchaire scoir agus pinsean bhliantúil, socraithe ag am scoir. Tá meaduithe pinsin do bhaill sna scéimeanna seo maoinithe ar bhonn íoc mar a théann tú ó airgid soláthartha ag an Roinn Fiontar, Trádála & Fostaíochta.

Léiríonn costais phinsin na sochair atá tuillte ag fostaithe sa tréimhse agus taispeántar iad glan ó ranníocaíochtaí pinsin foirne atá coinnithe ag Forfás. Aithnítear méid a fhreagraíonn don táille pinsin mar ioncam sa mhéid is go bhfuil sé inathghafa, agus cúitithe ag deontais faighte sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a ghlanadh.

Léirítear gnóthachain agus caillteanais achtúire a thagann suas ar fhiachais scéime sa Ráiteas um Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá inathghafa ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

Seasann fiachais pinsin don luach reatha d'íocaíochtaí pinsin sa todhchaí tuillte ag foireann go dtí seo. Seasann maoiniú pinsin atá ar athló don sócmhainn comhfhreagrach le bheith aisghafa i dtréimhsí sa todhchaí ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

### (8) Léasanna Oibríochta

Tá cíos faoi léasanna oibríochta tuairiscithe de réir mar a thagann siad isteach.

# Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

***An Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2007***

| | Nótaí | 2007 €'000 | 2006 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontas Oireachtais | 1 | **32,657** | 30,181 |
| Táillí Gairmiúla – An Bord Náisiúnta um Chreidiúnú | 2 | **1,123** | 950 |
| Eile | 3 | **804** | 861 |
| Cláir Rannacha | 5 | **6,106** | 6,806 |
| Maoiniú Glan Iarchurtha | 7 (c.ii) | **38,582** | 43,001 |
| | | **79,272** | 81,799 |
| **Caiteachas** | | | |
| Costais Ghinearálta agus Riaracháin | 4 | **16,806** | 16,749 |
| Dímheas | 6 | **240** | 226 |
| Costais Phinsin | 7 (c.iii) | **55,830** | 57,878 |
| Cláir Rannacha | 5 | **6,106** | 6,806 |
| | | **78,982** | 81,659 |
| Farasbarr don Bhliain | | **290** | 140 |
| Iarmhéid ag tús na Bliana | | **1,769** | 1,769 |
| Aistriú (chuig)/ó Chuntas Caipitiúil | 8 | **36** | (140) |
| Iarmhéid ag deireadh na Bliana | | **2,095** | 1,769 |

## RÁITEAS AR NA GNÓTHACHAIN AGUS CAILLTEANAIS AITHEANTA IOMLÁNA

| | | | |
|---|---|---|---|
| Farasbarr don Bhliain | | **290** | 140 |
| Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúire ar Fhiachais Phinsin | 7 (c.iii) | **80,492** | 83,399 |
| Coigeartú do Mhaoiniú ar Athló | 7 (c.iii) | **(80,492)** | (83,399) |
| **Gnóthachan Aitheanta Iomlán don Bhliain** | | **290** | 140 |

Tá na Polasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus na Nótaí 1 go 15 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Thar ceann an Bhoird

**Eoin O'Driscoll**
*Cathaoirleach*

**Martin Cronin**
*Príomhfheidhmeannach*

# Clár Comhardaithe

***Amhail ag 31 Nollaig 2007***

| | Nótaí | 2007 €'000 | 2006 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Sócmhainní Seasta Inláimhsithe | 6 | **382** | 418 |
| **Sócmhainní Seasta Iomlán** | | **382** | 418 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Cuntais Infhaighte | 9 | **7,042** | 3,356 |
| Banc | | **310** | 45 |
| | | **7,352** | 3,401 |
| **Cuntais Iníoctha** | 10 | **5,257** | 1,632 |
| **Glansócmhainní Reatha** | | **2,095** | 1,769 |
| **Sócmhainn Maoinithe ar Athló** | 7 (c.iv) | **730,305** | 775,812 |
| **Fiachas Pinsin** | 7 (c.v) | **(730,305)** | (775,812) |
| **Sócmhainní Iomlána Lúide Fiachais Reatha** | | **2,477** | 2,187 |
| **Léirithe Ag:** | | | |
| **Cuntas Caipitiúil** | 8 | **382** | 418 |
| **Cuntas Ioncaim agus Caiteachais** | | **2,095** | 1,769 |
| | | **2,477** | 2,187 |

Tá na Polasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus na Nótaí 1 go 15 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Thar ceann an Bhoird

**Eoin O'Driscoll**
*Cathaoirleach*

**Martin Cronin**
*Príomhfheidhmeannach*

# Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

***An Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2007***

| | Nótaí | 2007 €'000 | 2006 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Réiteach de Ghluaiseacht Ghlan don Bhliain go dtí Sreabhadh Airgid Tirim ó Oibríochtaí** | | | |
| **Gluaiseacht Ghlan don Bhliain** | | **290** | 140 |
| Ús Bainc | | **(35)** | (34) |
| (Brabús)/Caillteanas ar Dhiúscairt na Sócmhainní | | **(16)** | 1 |
| Taille Dímheasa: | | | |
| - Sócmhainní Seasta Inláimhsithe | 6 | **240** | 226 |
| (Méadú)/Laghdú i gCuntais Infhaighte | | **(3,686)** | 392 |
| (Méadú)/Laghdú i gCuntais Iníoctha | | **3,625** | (387) |
| **Sreabhadh Airgid Tirim ó Oibríochtaí** | | **418** | 338 |
| **Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid** | | | |
| **Sreabhadh Airgid Tirim ó Oibríochtaí** | | **418** | 338 |
| **Aischuir ar Infheistíocht agus Fónamh ar Mhaoiniú** | | | |
| Ús Bainc | | **35** | 34 |
| **Sreabhadh Airgid roimh Chaiteachas Caipitiúil** | | **453** | 372 |
| **Maoiniú Caipitiúil** | | | |
| Diúscairt na Sócmhainní Seasta Inláimhsithe | | **16** | - |
| Ceannach na Sócmhainní Seasta Inláimhsithe | 6 | **(204)** | (367) |
| **Sreabhadh Airgid tar éis Caiteachas Caipitiúil** | | **265** | 5 |
| **IMéadú/(Laghdú) in Airgead Tirim** | | **265** | 5 |
| **Réiteach de Mhéadú/(Laghdú) in Airgead Tirim chuig Airgead sa Bhanc** | | | |
| **Gluaiseacht in Airgead Tirim don Bhliain** | | **265** | 5 |
| **Airgead sa Bhanc ar 1 Eanáir** | | **45** | 40 |
| **Airgead sa Bhanc ag 31 Nollaig** | | **310** | 45 |

# Nótaí do na Cuntais

***An Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2007***

## (1) Deontas an Oireachtais

| | 2007 €'000 | 2006 €'000 |
|---|---|---|
| Forfás | | |
| Costais Ghinearálta agus Riaracháin | **32,657** | 30,181 |

(a) Faoi Alt 35 den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann), 2003, ní chóir do mhéid comhiomlán na ndeontas tugtha ag an Aire do Forfás agus dá Ghníomhaireachtaí, chun cur ar a gcumas a ndualgais agus bhfiachais a scaoileadh, dul thar €3,400,000,000. Ar 31 Nollaig, 2007 ba é an méid comhiomlán a cuireadh ar fáil ná €3,029,078,030.

(b) Faoi Alt 14(3) den Acht um Fhorbairt Tionscail, 1986, Alt 37 den Acht um Fhorbairt Tionscail, 1969, agus Ailt 2 agus 3 den Acht um Fhorbairt Tionscail, 1977, ní chóir do mhéid comhiomlán na ndeontas tugtha ag an Aire do Forfás agus dá Ghníomhaireachtaí, chun cur ar a gcumas a ndualgais agus bhfiachais a chomhlíonadh maidir le bunairgead agus ús ar scór Ráthaíochta Iasachta faoi aon cheann de na hailt seo, dul thar €158,717,260. Ar 31 Nollaig, 2007 ba é an méid comhiomlán a cuireadh ar fáil ná €13,547,211.

## (2) Táillí Gairmiúla – An Bord Náisiúnta um Chreidiúnú

Bunaíodh an Bord Náisiúnta um Chreidiúnú (INAB) mar Choiste de chuid Forfás faoi Alt 10 den Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993 arna leasú ag Alt 46 den Acht um Fhorbairt Tionscail (Enterprise Ireland), 1998 chun na feidhmeanna sainmhínithe thíos a chur i gcrích.

Is é an comhlacht náisiúnta atá freagrach as an gcreidiúnú d'eagraíochtaí bainteach le calabrú, scrúdú, agus deimhniú cáilíochta, táirge, agus córais bhainistíochta pearsanta in Éirinn agus tá sé mar an údarás reachtúil monatóireachta géilliúlachta GLP (Dea-Chleachtas Saotharlainne) chomh maith. Tá Táillí Gairmiúla ginte ó na gníomhaíochtaí seo atá bainteach le comhlachtaí deimhniúcháin agus saotharlanna a mheas. Ta na costais a bhaineann leis an ioncam seo a gineadh curtha san áireamh faoin gceannteideal caiteachais ábhartha.

## (3) Ioncam Eile

| | 2007 €'000 | 2006 €'000 |
|---|---|---|
| Ioncam Cíosa | **758** | 764 |
| Ioncam Ilchostais | **11** | 63 |
| Ús Bainc | **35** | 34 |
| **Iomlán** | **804** | 861 |

# Nótaí do na Cuntais *(ar lean)*

***An Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2007***

## (4) Costais Ghinearálta agus Riaracháin

| | 2007 €'000 | 2006 €'000 |
|---|---|---|
| Luach Saothair agus Costais Baill an Bhoird | **391** | 371 |
| Costais Phá | **7,855** | 7,543 |
| Costais Pearsanra Eile | **588** | 516 |
| Costais Taistil | **500** | 403 |
| Seirbhísí Gairmiúla agus Sainithe | **863** | 956 |
| Taighde agus Staidéir | **1,520** | 1,645 |
| Cíosanna, Rátaí, Deisiúcháin agus Cothabháil[1] | **3,008** | 3,568 |
| Costais Oibríochta Eile | **1,801** | 1,599 |
| Oifig an Phríomh-Chomhairleora Eolaíochta[2] | **259** | 128 |
| Táille Iniúchta | **21** | 20 |
| **Iomlán** | **16,806** | 16,749 |

| | 2007 €'000 | 2006 €'000 |
|---|---|---|
| I gCostais Phá airítear: | | |
| Pánna agus Tuarastail | **7,332** | 6,995 |
| Costais Leasa Shóisialaigh | **396** | 432 |
| Costais Aoisliúntais | **127** | 116 |
| **Iomlán** | **7,855** | 7,543 |

1 *Tá siad seo glan ó chíos faighte ó fo-thionóntaí de fhoirgnimh a bhíodh mar cheanncheathrúna an Údaráis Forbartha Tionsclaíoch roimh ré.*

2 *Bhunaigh an Rialtas Oifig an Phríomh-Chomhairleora Eolaiochta (CSA) ar 1 Meán Fómhair 2004 chun comhairle shainiúil neamhspleách a chur ar fáil ar aon ghné de Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht (STI) mar a éiligh an Rialtas. Maidir le na feidhmeanna seo oibríonn sé go neamhspleách ó agus níl sé freagrach don Bhord ná le bainistíocht Forfás. Tá riachtanais buiséad laethúil de chuid Oifig an Phríomh-Chomhairleora Eolaíochta agus a fhoireann maoinithe ag Forfás. Tuairiscíonn Oifig an Phríomh-Chomhairleora Eolaíochta do Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Forfás ar shaincheisteanna riaracháin agus tá air cloí le polasaithe agus gnáthaimh Forfás agus dualgais rialachais eile.*

# Nótaí do na Cuntais *(ar lean)*

***An Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2007***

## (5) Cláir Rannacha

Tá/bhí na Cláir seo le maoiniú seachtrach riartha ag Forfás, thar ceann na gcomhlachtaí maoinithe liostaithe thíos. Taispeántar ró-chaiteachas/fo-chaiteachas ar na cláir seo sna cuntais infhaighte (nóta9)/iníoctha(nóta 10) de réir mar is cuí.

(a) **Cláir**

| | | 2007 €'000 | 2006 €'000 |
|---|---|---|---|
| Discover Science and Engineering | 1 & 5(b) | **4,964** | 3,783 |
| Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna na Todhchaí | 2 | **564** | 544 |
| Comhairle Bitheitice na hÉireann | 3 | **0** | 339 |
| Interim National Consumer Agency | 4 | **578** | 2,140 |
| **Iomlán** | | **6,106** | 6,806 |

**Sonraí ar na Comhlachtaí Maoinithe:**

1 Oifig Eolaíochta & Teicneolaíochta na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

2 Ciste Náisiúnta Traenála na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

3 An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

4 An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. (Bunaíodh Gníomhaireacht Náisiúnta an Tomhaltóra mar chomhlacht reachtúil ar 1 Bealtaine 2007 agus tháinig deireadh leis an Idir-Ghníomhaireacht ar an dáta sin)

(b) **Caiteachas Discover Science and Engineering**

| | 2007 €'000 | 2006 €'000 |
|---|---|---|
| Pá & Costais | **395** | 377 |
| Cumarsáid | **930** | 735 |
| Gníomhaíochtaí Cláir | **3,639** | 2,671 |
| **Iomlán** | **4,964** | 3,783 |

# Nótaí do na Cuntais *(ar lean)*

***An Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2007***

## (6) Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

| | Trealamh Ríomhaireachta €'000 | Mótar-fheithiclí €'000 | Fearais & Feistis €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **COSTAS** | | | | |
| Amhail ag 1 Eanáir 2007 | 1,293 | 59 | 3,192 | **4,544** |
| Breise | 104 | 65 | 35 | **204** |
| Diúscairtí | (448) | (59) | (384) | **(891)** |
| Amhail ag 31 Nollaig 2007 | 949 | 65 | 2,843 | **3,857** |
| **DÍMHEAS** | | | | |
| Amhail ag 1 Eanáir 2007 | 1,192 | 59 | 2,875 | **4,126** |
| Táille don Bhliain | 112 | 16 | 112 | **240** |
| Diúscairtí | (448) | (59) | (384) | **(891)** |
| Amhail ag 31 Nollaig 2007 | 856 | 16 | 2,603 | **3,475** |
| **MÉID GLAN DE RÉIR AN LEABHAIR** | | | | |
| Amhail ag 1 Eanáir 2007 | 101 | - | 317 | **418** |
| Gluaiseacht Ghlan don Bhliain | (8) | 49 | (77) | **(36)** |
| Amhail ag 31 Nollaig 2007 | 93 | 49 | 240 | **382** |

Tá an costas de Shócmhainní Seasta Inláimhsithe díscríofa ag tráthchoda cothroma thar a saolta úsáideacha ionchais mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Trealamh Ríomhaireachta | 3 bliana |
| (ii) | Mótarfheithiclí | 4 bliana |
| (iii) | Feistis & Fearais | 5 bliana |

## Nótaí do na Cuntais *(ar lean)*

***An Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2007***

### (7) Aoisliúntas

(a) Tá Forfás freagrach as ucht na costais phinsin do bhaill fhoirne scortha Forfás, IDA Ireland, Enterprise Ireland, Fonduireacht Eolaíochta agus roinnt iar-ghníomhaireachtaí eile, faoi na hAchtanna um Fhorbairt Tionscail 1993, 1998 agus 2003. Tagann na costais seo suas faoi théarmaí na scéimeanna seo a leanas:

| Scéim | Baill Foirne Clúdaithe | Cineál |
|---|---|---|
| Forfás | Clúdaíonn scéim Forfás na catagóirí foirne seo a leanas i Forfás agus ina Ghníomhaireachtaí:<br>(a) baill foirne earcaithe suas go 5 Aibreán 1995 a bhí i dteideal pinsin i ndiaidh an dáta sin,<br>(b) baill foirne earcaithe tar éis 5 Aibreán 1995,<br>(c líon beag foirne clúdaithe roimhe sin ag Scéim Aoisliúntais an Gharda Síochána,<br>(d) líon beag foirne clúdaithe roimhe sin ag Scéimeanna FÁS/AnCO. | Ranníocaíoch, Sochar Sainmhínithe, Neamh-mhaoinithe.<br>Tá roinnt bheag dóibh seo atá i gcatagóir (b) san áireamh ar bhonn neamh-ranníocaíoch. |
| Iar-Údarás Forbartha Tionsclaíoch | Foireann de chuid an iar-IDA agus iad siúd earcaithe ag Forfás agus a Ghníomhaireachtaí sna gráid chuí idir 1 Eanáir 1994 agus 5 Aibreán 1995. | Ranníocaíoch, Sochar Sainmhínithe. Maoinithe chun costais phinsin a chomhlíonadh ag am scoir. Tá méaduithe iar-scoir neamh-mhaoinithe agus íoctha ag Forfás ó Dheontais Oireachtais. |
| Iar-Eolas | Foireann de chuid iar-Eolas (seachas iad siúd clúdaithe ag scéim an sean NBST thíos) agus iad seo earcaithe ag Forfás agus a Ghníomhaireachtaí sna gráid chuí idir 1 Eanáir 1994 agus 5 Aibreán 1995. | Neamh-ranníocaíoch, Sochar Sainmhínithe, Neamh-mhaoinithe. |
| Iar-National Board for Science and Technology (NBST) | Líon beag foirne den iar-NBST ag obair ar 31 Nollaig 1987. | Ranníocaíoch, Sochar Sainmhínithe, Neamh-mhaoinithe. |
| Iar-Irish Goods Council | Líon beag foirne de chuid an iar-Irish Goods Council ag obair ar 31 Lúnasa 1991. | Ranníocaíoch, Sochar Sainmhínithe. Maoinithe chun costais phinsin a chomhlíonadh ag am scoir. Tá méaduithe iar-scoir neamh-mhaoinithe agus íoctha ag Forfás ó Dheontais Oireachtais. |
| An Iar-Bhord Tráchtála (ABT) | Foireann de chuid an iar-ABT (seachas iad siúd clúdaithe ag scéim an Irish Goods Council thuas) a bhí i dteideal pinsin ar 22 Iúil 1998. | Ranníocaíoch, Sochar Sainmhínithe, Neamh-mhaoinithe. |

Seachas Scéim an Irish Goods Council, tá Scéimeanna Céile agus Leanaí san áireamh i ngach ceann de na Scéimeanna eile.

# Nótaí do na Cuntais *(ar lean)*

***An Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2007***

## (7) Aoisliúntas *(ar lean)*

(b) Íocann Forfás na costais ghlan a éiríonn ó ghnáth scoir. Íoctar iad seo as ioncam reatha. Tá ranníocaíochtaí faighte ag Forfás ón bhfoireann sna scéimeanna ranníocaíocha neamh-mhaoinithe léirithe thuas á úsáid chun maoiniú a dhéanamh ar fiachais phinsin leanúnacha.

(c) **FRS 17 Socair Scoir**

Beidh sé riachtanach de réir Financial Reporting Standard 17 (FRS17) do ráitis airgeadais na sócmhainní agus fiachais a thagann ó dhualgais aoisliúntais an fhostóra a thaispeáint ar luach cothrom chomh maith le haon mhaoiniú bainteach agus aitheantas a thabhairt do na costais de shochair aoisliúntais a chur ar fáil san tréimhsí cuntasaíochta ina bhfuil siad tuilte ag na fostaithe.

Tá an luacháil úsáidte le haghaidh nochtadh FRS17 tar éis a bheith bunaithe ar luacháil achtúire iomlán ar 31 Nollaig 2005. Tá sé seo tar éis a bheith nuashonraithe chuig 31 Nollaig 2007 ag achtúire cáilithe neamhspleách chun aird a thabhairt ar riachtanais FRS17 ionas gur féidir measúnú a dhéanamh ar fhiachais na scéime ag 31 Nollaig2007. Seo a leanas na foshuímh airgeadais a úsáideadh chun fiachais na scéime a ríomh faoi FRS17 amhail ag 31 Nollaig:

(c.i) **Modh luachála:** **Aonad Measta:**

| | 2007 | 2006 | 2005 | 2004 |
|---|---|---|---|---|
| Ráta Lascaine | **5.50%** | 4.70% | 4.10% | 4.70% |
| Méaduithe Tuarastail | **4.00%** | 4.00% | 4.00% | 4.00% |
| Méaduithe Pinsin | **3.50%** | 3.50% | 3.50% | 3.50% |
| Ráta Boilscithe | **2.25%** | 2.25% | 2.25% | 2.25% |

Ba é luach margaidh na sócmhainní sna scéimeanna pinsin, an dáta aischuir ionchais agus fiachais na scéime ar 31 Nollaig, ná:

| | Aischur Ionchais 2007 | Aischur Ionchais 2006 | Luach Margaidh ag 31 Nollaig 2007 | Luach Margaidh ag 31 Nollaig 2006 |
|---|---|---|---|---|
| | | | €'000 | €'000 |
| Cothromais | **8.00%** | 7.50% | **67,566** | 158,955 |
| Bannaí | **4.50%** | 3.90% | **115,996** | 19,731 |
| Maoin | **6.50%** | 6.50% | **15,543** | 15,232 |
| Eile | **4.00%** | 2.50% | **78** | 2,477 |
| | | | **199,183** | 196,395 |
| Luach Reatha fhiachais na scéime pinsin | | | **929,488** | 972,207 |
| **Easnamh glan sa scéim phinsin** | | | **(730,305)** | (775,812) |
| Fiachas cánach iarchurtha coibhneasta | | | **-** | - |
| **Sócmhainn/(fiachas) pinsin glan** | | | **(730,305)** | (775,812) |

(c.ii) **Maoiniú Glan ar Athló do Phinsin sa bhliain**

| | 2007 | 2006 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Maoiniú inathghafa maidir le costais phinsin na bliana reatha | **59,504** | 62,852 |
| Íocaíochtaí Pinsin Iúide Aisghabháil maoiniú an Voluntary Leaving Programme | **(20,922)** | (19,851) |
| | **38,582** | 43,001 |

# Nótaí do na Cuntais *(ar lean)*

***An Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2007***

## (7) Aoisliúntas *(ar lean)*

| (c.iii) **Anailís na táille phinsin iomlán** | **2007 €'000** | 2006 €'000 |
|---|---|---|
| Costais seribhíse | **27,120** | 33,306 |
| Ús ar Fhiachais na Scéime Pinsin | **32,384** | 29,546 |
| Ranníocaíochtaí an Fhostóra (Neamh-mhaoinithe) | **(3,674)** | (4,974) |
| | **55,830** | 57,878 |
| **Anailís ar Chostais Seirbhíse** | | |
| Costas Seirbhíse Reatha | **19,878** | 23,814 |
| Iar-Chostas Seirbhíse | **-** | - |
| Socraíochtaí agus Ciorrúcháin* | **7,242** | 9,492 |
| | **27,120** | 33,306 |
| **Anailís ar Ús ar Fhiachais na Scéime Pinsin** | | |
| Ús ar fhiachais scéime | **46,025** | 41,113 |
| Aischur ionchais ar shócmhainní na scéime | **(13,641)** | (11,567) |
| | **32,384** | 29,546 |
| **Anailís ar an méid aitheanta sa ráiteas de ghnóthachain agus caillteanais aitheanta iomlán** | | |
| Aischur iarmhír lúide aischur ionchais ar shócmhainní na scéime | **(7,856)** | 6,667 |
| Gnóthachain agus (caillteanais) taithí | **(2,625)** | (22,110) |
| Athruithe i bhfoshuímh | **90,973** | 98,842 |
| | **80,492** | 83,399 |

* Le linn 2006 thug Enterprise Ireland isteach Voluntary Leaving Programme. Seasann an méid taispeánta mar Socraíochtaí agus Corrúcháin le haghaidh an méadú i luach achtúire de thairbhí fabhraithe na mball faoin Voluntary Leaving Programme.

(c.iv) Aithníonn Forfás na méideanna seo mar shócmhainn atá comhfhreagrach don fhiachas neamh-mhaoinithe atá ar athló do phinsin ar bhonn tacair thoimhde atá tuairiscithe thuas agus líon iar-eachtraí. Tá an bonn reachtúil do bhunú na scéimeanna aoisliúntais, agus an polasaí agus cleachtas atá i bhfeidhm i láthair na huaire maidir le pinsin na seirbhíse phoiblí a mhaoiniú chomh maith le ranníocaíochtaí déanta ag fostaithe agus an próiseas meastacháin bliantúil san áireamh sna heachtraí seo. Níl aon fhianaise ag Forfás nach leanfaidh an polasaí maoinithe seo suimeanna dá leithéid a chomhlíonadh de réir an chleachtais reatha.

Is é an tsócmhainn maoinithe atá ar athló do phinsin mar a bhí ar 31 Nollaig 2007 ná €730 milliún (2006: €776 milliún).

Tá cainníocht an fhiachais bunaithe ar na toimhde airgeadais atá leagtha amach i Nóta 7 (c.i). Tá na toimhde atá in úsáid, atá bunaithe ar chomhairle achtúire ghairmiúil, molta don Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ach ní aontaítear go foirmiúil orthu leis an Roinn.

# Nótaí do na Cuntais *(ar lean)*

***An Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2007***

## (7) Superannuation *(cont'd)*

| (c.v) Tá anailís ar an ngluaiseacht in easnamh i rith na bliana mar seo a leanas: | 2007 €'000 | 2006 €'000 |
|---|---|---|
| Easnamh ag tús na bliana | **(775,812)** | (817,742) |
| Costas seirbhíse reatha | **(19,878)** | (23,814) |
| Íocaíochtaí neamh-mhaoinithe do phinsinéirí | **23,064** | 17,991 |
| Ranníocaíochta Fostóra (maoinithe) | **1,455** | 3,392 |
| Iar-chostais seirbhíse | **-** | - |
| Socraíochtaí & Corrúcháin | **(7,242)** | (9,492) |
| Ioncam/(táillí) airgeadais eile | **(32,384)** | (29,546) |
| Gnóthachan/(caillteanas) achtúire | **80,492** | 83,399 |
| **Easnamh ag deireadh na bliana** | **(730,305)** | (775,812) |

| (c.vi) Stair ghnóthachain agus caillteanais taithithe | 2007 | 2006 | 2005 | 2004 |
|---|---|---|---|---|
| **Difríocht idir an aischur ionchais agus réalaíoch ar shócmhainní scéime** | | | | |
| méid (€'000) | **(7,856)** | 6,667 | 20,260 | 3,429 |
| céatadán na sócmhainní scéime | **-3.9%** | 3.4% | 11.3% | 2.3% |
| **Gnóthachain/(caillteanais) taithithe ar fhiachais scéime** | | | | |
| méid (€'000) | **(2,625)** | (22,110) | (51,159) | (19,547) |
| céatadán an luach reatha de fhiachais scéime | **-0.3%** | -2.3% | -5.1% | -2.4% |
| **Méid iomlán aitheanta in STRGL** | | | | |
| méid (€'000) | **80,492** | 83,399 | (132,845) | (85,324) |
| céatadán an luach reatha de fhiachais scéime | **8.7%** | 8.6% | -13.3% | -10.5% |

## (8) Cuntas Caipitiúil

| | €'000 | €'000 |
|---|---|---|
| Amhail ag 1 Eanáir 2007 | | **418** |
| Aistriú chuig/ó Chuntas Ioncaim agus Caiteachais | | |
| - Breis Costais | **204** | |
| - Diúscairtí Costais | **(891)** | |
| - Breis Dímheasa | **(240)** | |
| - Diúscairtí Dímheasa | **891** | |
| | | **(36)** |
| **Amhail ag 31 Nollaig 2007** | | **382** |

# Nótaí do na Cuntais *(ar lean)*

***An Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2007***

## (9) Cuntais Infhaighte

| | 2007 €'000 | 2006 €'000 |
|---|---|---|
| Féichiúnaithe Ginearálta | **5,276** | 1,449 |
| Réamh-íocaíochtaí | **1,722** | 1,662 |
| Iarmhéideanna Idir-Ghníomhaireachta | **40** | 222 |
| Cláir Rannacha | **4** | 23 |
| **Iomlán** | **7,042** | 3,356 |

San áireamh i bhFéichiúnaithe Ginearálta tá €3,865,327 (2006: €221,875) CBL inathghabhála ag Forfás thar ceann Ghrúpa CBL Forfás (Forfás, IDA Ireland & Enterprise Ireland). Léiríonn Iarmhéideanna Idir-Ghníomhaireachta méideanna dlite, má tá aon, ó Ghníomhaireachtaí Forfás (IDA Ireland, Enterprise Ireland agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann).

## (10) Cuntais Iníoctha

| | 2007 €'000 | 2006 €'000 |
|---|---|---|
| Creidiúnaithe Ginearálta | **271** | 230 |
| Fabhruithe | **524** | 586 |
| Párolla | **301** | 66 |
| Iarmhéideanna Idir-Ghníomhaireachta | **4,028** | 612 |
| Cláir Rannacha | **133** | 138 |
| **Iomlán** | **5,257** | 1,632 |

Léiríonn Iarmhéideanna Idir-Ghníomhaireachta méideanna dlite, má ann dóibh, do Ghníomhaireachtaí Forfás (IDA Ireland, Enterprise Ireland agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann) tá CBL iníoctha san áireamh ag €3,911,888 (2006: €422,185) go IDA Ireland agus Enterprise Ireland, nuair atá sé aisíoctha ag an Ard-Bhailitheoir.

## (11) Gealltanais faoi Léasanna Oibríochta

Tá táille ghlan de €2,028,000 (2006: €2,490,000) gearrtha maidir le léasanna oibríochta ar fhoirgnimh i gcuntais de chuid Forfás. Tá gealltanais Forfás de €7,119,000 le n-íoc ag Forfás i rith 2008 maidir le léasanna ag dul in éag mar atá leagtha amach thíos. Roinnfear costais ag éirí ó na gealltanais seo i 2008 idir Gníomhaireachtaí Forfás agus tionóntaí i gcomhréir le spás oifige comhaontaithe gafa. Tá scair ghlan Forfás de na costais seo i 2008 ceaptha le bheith thart ar €2,803,000.

| | | €'000 |
|---|---|---|
| (i) | 2008 | 48 |
| (ii) | 2009 - 2012 | 66 |
| (iii) | 2013 Ar Aghaidh | 7,005 |

# Nótaí do na Cuntais *(ar lean)*

***An Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2007***

## (12) Cánachas

Díolmhaíonn Alt 227 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, Forfás ó thuilleadh cánachais ar ioncam cíosa Chás IV agus Cás V atá that an cánachas sin a bhaintear ag an bhfoinse.

## (13) Baill an Bhoird – Idirbhearta a Nochtadh

I ngnáth chúrsa gnó, d'fhéadfadh Forfás dul isteach socruithe conradh le gnóthas ina mbeadh Baill de Bhord Forfás fostaithe nó le suim i slí éigin eile ann. Tá gnáthaimh glactha ag Forfás de réir treoirlínte ón Roinn Airgeadais maidir le leas a nochtadh ag Baill an Bhoird agus tá clóite leis na gnáthaimh seo ag Forfás i rith na bliana.

I rith 2007, rinneadh íocaíocht de €13,008 le heagraíocht ar a ndearbhaigh Baill den Bhord leas ann, maidir le seirbhís soláthartha don Ghníomhaireacht. Ní bhfuair an Ball a bhí i gceist aon cháipeisí maidir leis an idirbheart agus níor ghlac an ball aon pháirt agus níor fhreastail sé ar chruinniú an Bhoird nuair na hábhair seo á phlé.

## (14) Teagmhais agus Caingne Dlí

Níl aon teagmhas ná caingne dlí a bhfuil foráil ar leith riachtanach dó sna Ráitis Airgeadais.

## (15) Na Ráitis Airgeadais a Fhormheas

Bhí na Ráitis Airgeadais formheasta ag an mBord ar 21 Feabhra 2008.

Is é Forfás bord comhairleach agus polasaí náisiúnta na hÉireann le haghaidh fiontar agus eolaíocht.

## Misean

Chun cur le rathúlacht na todhchaí de chuid geilleagar na hÉireann trí chomhairle polasaí eolaíochta agus fiontair a sholáthar atá uaillmhianach, soiléir agus intuigthe go forleathan agus a thacaíonn le fás.